



Iascach Intíre Éireann  
Inland Fisheries Ireland

# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais **2022**



## Ráiteas misin

Acmhainní iascaigh intíre agus slatiascaireachta mara na hÉireann a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú, a n-inbhuanaitheacht agus a mbithéagsúlacht nádúrtha a uasmhéadú dá réir.



Iascach Intíre Éireann  
Inland Fisheries Ireland

Iascach Intíre Éireann, 3044 Céide an Locha, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath D24 CK66

**Gréasán:** [www.fisheriesireland.ie](http://www.fisheriesireland.ie)

**Ríomhphost:** [info@fisheriesireland.ie](mailto:info@fisheriesireland.ie)

**Fón:** + 353 (0)1 8842 600

# Clár na nÁbhar

Réamhrá ó Cheapaithe faoi Ait 18	6	HLO 01 Cás-Staidéar 1 - Clár Náisiúnta na mBacainní	28
Réamhrá leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin	7	Cás-Staidéar HLO 01 2 - Clár Taighde Hidreamhoirfeolaíochta (HRP) 30	
Foirme Bainistíochta Sinsearaí IIÉ	8		
Maidir linne & a ndéanamid	9		
Cuspóirí Ardleibhéil	10		
<b>1 Cuspóir Ardleibhéil 01: Gnáthóga</b>	<b>14</b>		
<b>Oibríochtaí</b>	<b>14</b>		
Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt (ERBD)	16		
Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt (SERBD)	16		
Ceantar Abhantraí na Sionainne	17		
Ceantar Abhantraí an Iarthair – Gaillimh (WRBD-G)	18		
Ceantar Abhantraí an Iarthuaiscirt (NWRBD)	18		
<b>Oifig Bainistíochta Tionscadail</b>	<b>19</b>		
Cistiú Forbraíochta	20		
Ciste Athshlánaithe, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal (SSTRCPF)**	20		
Ciste Iascaigh Lár na Tíre (MFF)**	20		
<b>Tionscadail Shuntasacha</b>	<b>21</b>		
Bealach Éisc Áth an Choite	21		
Treoirhionscadal Dhobharcheantar na Coiribe	21		
Spríocanna Forbartha Straitéisí Lochanna an Iarthair	22		
<b>Cás-Staidéir - Tionscadail Athbhunaithe Gnáthóg Abhann</b>	<b>23</b>		
Athbhunú gnáthóg abhann	23		
Gharbhchluain	23		
Céibh agus Sleamhnán Loch Chluain Meacan	24		
<b>Taighde</b>	<b>24</b>		
Cúram Dobharcheantair faoin Spotsolas	25		
Cás-Staidéir (Bacainní & Hidreamhoirfeolaíocht)	28		
<b>2 Cuspóir Ardleibhéil 02: Éisc</b>	<b>34</b>		
<b>Oibríochtaí</b>	<b>34</b>		
Tionscnaimh chosanta speisialta:	34		
Gníomhaíochtaí Patróil 2022	35		
Cigireachtaí iascaigh agus seiceálacha comhlíontachta	36		
Urghabháil míreanna mídhleathacha in 2022	37		
Cáilíocht uisce a chosaint	38		
Cás-Staidéir	39		
Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt (ERBD)	39		
Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt (SWRBD)	39		
Ceantar Abhantraí na Sionainne (ShRBD)	39		
Ceantar Abhantraí an Iarthair – Béal an Átha (WRBD-B)	40		
Ceantar Abhantraí an Iarthair - Galway (WRBD-G)	40		
An tAonad Tacaíochta Soghluaiste	41		
<b>Bainistíocht Bradán</b>	<b>42</b>		
<b>Taighde</b>	<b>44</b>		
Faoi thrácht: Tionscadal STAMP			
Loch Luíoch	45		
Clár Taighde/Faireacháin an Aontais Eorpaigh – An Treoir maidir le Gnáthóga			
Faireachán a dhéanamh ar Éisc	46		
Cás-Staidéir	48		
An Clár Náisiúnta Breac Donn	48		
An Clár Taighde Náisiúnta um Gharbhiasc agus Liús (NCFP)	49		
<b>3 HLOna trasghearrthacha: Gnáthóga &amp; Éisc</b>	<b>52</b>		
<b>Oifigeach comhshaoil – spotsolas ar ghníomhaíochtaí forfeidhmiúcháin</b>	<b>52</b>		

<b>4 Cuspóir Ardleibhéil 03: Páirtithe leasmhara</b>	<b>56</b>
Príomhthorbairtí	57
Straitéis maidir le Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara	57
Spotsolas – Tairseach Sonraí Oscailte	58
Faisnéisiú do Pháirtithe Leasmhara	59
Beolíne rúnda IIÉ 24 uair an chloig	59

<b>5 Cuspóirí Ardleibhéil Trasghearrthacha</b>	<b>64</b>
<b>HLOna Gnáthóga, Éisc &amp; Páirtithe Leasmhara</b>	<b>64</b>
Siompóisiam EIFAAC na hÉireann	64
<b>Páirtithe Leasmhara &amp; Inbhuanaitheacht</b>	<b>65</b>
<b>Páirtithe Leasmhara &amp; Nuálaíocht</b>	<b>65</b>
Ceantar Abhantraí an Iarthair – Béal an Átha (CAI-B)	65

<b>6 Cuspóir Ardleibhéil 04: Inbhuanaitheacht</b>	<b>68</b>
<b>Príomhthorbairtí</b>	<b>69</b>
Breosla	69
Laghdú fuinnimh	69
Aonaid Fótvoltacha Gréine (PV) IIÉ	69
Gníomhaireachtaí Stáit	69
<b>Spotsolas - Foireann Ghlas</b>	<b>70</b>
Cás-Staidéar - Tionscadal Taighde	70
Cás-Staidéar – Oideachas & For-rochtain	72
Cás-Staidéar - Tacú le Turasóireacht Slatiascaireachta agus Slatiascaireacht Inbhuanaithe	73

<b>7 Cuspóir Ardleibhéil 05: Ár bhFoireann</b>	<b>76</b>
<b>Príomhthorbairtí</b>	<b>77</b>
<b>Spotsolas - Bronnadh KeepWell Mark 2021</b>	<b>79</b>
Cás-Staidéar - Earcaíocht Shéasúrach 2022	79

<b>8 Cuspóir Ardleibhéil 06: Bainistíocht Chorporáideach</b>	<b>82</b>
<b>Príomhthorbairtí</b>	<b>82</b>
Seirbhísí Flít	82
Airgeadas	83
Soláthar	84
Cumarsáid Chorporáideach	85
Faisnéis agus Trédhearcacht	89
Ceisteanna Parlaiminte agus fiosruithe Oireachtais	89
Feasacht Foirme	89
Cosaint Sonraí	89
Sceithireacht	90
TFC	90
Bradán	90
<b>Spotsolas – Athbhreithniú Feidhmíochta agus Forbartha 2022</b>	<b>90</b>
Cás-Staidéar - Scéim na Gaeilge	90

<b>9 Cuspóir Ardleibhéil 07: An Nuáil</b>	<b>94</b>
Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí (PSIF)	94
GEALLTA CLISTE	94
<b>An Straitéis Nuálaíochta</b>	<b>95</b>
Cás-Staidéar ina léirítear dearcadh nuálach agus seachadadh seirbhísí lascach Intíre Éireann.	95
<b>Gluais</b>	<b>96</b>
<b>Aguisíní</b>	<b>100</b>
<b>Aguisín A - Foilseacháin Taighde</b>	<b>101</b>
<b>Aguisín B - Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach agus Ráitis Airgeadais, an Bhliain go dtí an 31 Nollaig 2022</b>	<b>104</b>

# Réamhrá ó Cheapaithe faoi Alt 18

Mar dhaoine a ceapadh faoi alt 18(5) den Acht um Iascach Intíre 2010, ba mhaith linn Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Iascach Intíre Éireann 2022 a chur faoi bhur mbráid.


Mar is léir ó na mionsonraí i dtuarascáil 2022, ba bhliain an-dúshlánach í dár IIÉ, agus bliain inar cuireadh grinnscrúdú forleathan poiblí ar obair na heagraíochta.

Tá dualgas uathúil agus an-tábhachtach ar IIÉ, mar choimeádaí ar ár n-acmhainní nádúrtha iascaigh, thar ceann an Stáit a chinntiú go mairfidh éisc na hÉireann agus a ngnáthóga agus go mbeidh rath orthu amach anseo.

Is mian linn aitheantas a thabhairt do thiomantas na foirne agus na Bainistíochta as a gcuid oibre agus as a dtiomantas do mhisean agus luachanna Iascach Intíre Éireann a bunaíodh in 2010.

Is mór againn freisin an iliomad páirtithe leasmhara ar fud éiceachóras an iascaigh in Éirinn a thug tacaíocht leanúnach don obair atá á déanamh ag an eagraíocht.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin leis an mBord a d'fhóin i rith na bliana a thuairiscigh agus don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus dá roinn, as a n-ionchur agus a ról straitéiseach chun a chinntiú gur lean IIÉ ag forbairt agus ag múnlú ár n-uiscebhealaí intíre, agus a n-áitritheoirí, le linn dúshlán aeráide eiseach.



Seamus Neely  
Ceapáí faoi Alt 18

Tom Barry  
Ceapáí faoi Alt 18

# Réamhrá leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



Is rímhaith liom Tuarascáil Bhliantúil Iascach Intíre Éireann a chur in bhur láthair. Tugtar forléargas inti ar an dul chun cinn suntasach a rinneadh inár ngníomhaireacht le linn 2022. Tá sé mar

aidhm againn maireachtáil trínár luachanna mar eagraíocht, agus dul in oiriúint go leanúnach don timpeallacht shíorathraitheach timpeall orainn agus ról ceannaireachta againn inár spriocanna maidir le gníomhú ar son na haeráide agus bithéagsúlachta a bhaint amach. Tréimhse oibre thar a bheith dúshlánach a bhí ann i mbliana do Iascach Intíre Éireann (IFI) agus dá fhoireann.

I measc na n-éiginnteachtaí agus na ndúshlánach bhfacthas a leithéid riamh roimhe in 2022, bhí teacht aniar ár bhfostaithe, agus ár mbainistíochta, agus chun ár dtéamaí oibiachtúla Ardleibhéil maidir le hÉisc, Gnáthóga, Páirtithe Leasmhara, Inbhuanaitheacht, Ár nDaoine, Bainistíocht Chorparáideach agus Nuálaíocht a choinneáil ar bun agus a bheith fós díongbháilte ar a mbaint amach.

I dteannta ár n-inseachadtaí sna réimsí cosanta, forbartha agus taighde, áirítear na nithe seo a leanas ar chuid dár bpríomhéachtaí i rith na bliana:

- Comhairliúcháin fhairsinge maidir leis an bplean forbartha straitéisí do Lochanna Móra an Iarthair, lena n-áirítear imeachtaí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara sna dobharcheantair;
- Oibriú go comhsheasmhach agus go rathúil chun ár spriocanna maidir le gníomhú ar son na haeráide agus an inbhuanaitheacht a bhaint amach,

ár gCórais Bainistíochta Comhshaoil (EMS) a chomhdhlúthú chun cabhrú leis an tionchar ar an gcomhshaoil ó ghníomhaíochtaí IIÉ a íoslaghdú;

- Grúpa stiúrtha a bhunú idir IIÉ agus an BSL chun gníomhaíochtaí leasa choitinn idir an dá pháirtí a stiúradh agus a chomhordú;
- Siompóisiam an Choimisiúin Chomhairligh Eorpaigh um Iascach Intíre agus Dobharshaothrú 2022 a sheachadadh go rathúil i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide;
- Faireachán agus caomhnú leanúnach ar speicis agus gnáthóga éisc iolracha, i dtionscadail nua agus leanúnacha, le cúnaimh freisin ónár nAonad Tacaíochta Soghluaiste nua.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar fud na tíre a chomhlíonann dualgais an-dian agus ár n-aibhneacha, lochanna agus farraigí a chothabháil ag an am céanna, agus ár speicis dhúchasacha éisc a chosaint agus a bhainistiú.

Is é folláine na n-iasc seo agus a ngnáthóg an tosaíocht is mó atá orthu.

D'oibrigh ár bhfoireann le nuálaíocht agus le dúthracht chun a chinntiú go n-oibríonn IIÉ ar bhealach níos fearr, níos láidre agus níos tapúla chun luach a chur ar fáil dár saoránaigh mar eagraíocht seirbhíse poiblí agus chun an chaoi a n-oibríonn IIÉ a chur ar bhonn a sheasfaidh an aimsir.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an mBord, agus leis an Aire Eamon Ryan agus lena chuid oifigeach, as an tacaíocht a thug siad dúinn go léir le linn 2022.

Tráth a bhfuil síorathrú ag teacht, laistigh agus lasmuigh den IIÉ, táim ag tnúth le rannpháirtíocht dhearfach leanúnach lenár bpáirtithe leasmhara go léir agus muid ag lorg feabhsuithe leanúnacha ar na hacmhainní iascaigh a ndéanaimid freastal orthu agus a dtacaímid leo.

Francis O'Donnell, POF

# Foirne Bainistíochta Sinsearaí IIÉ

## Cinn Feidhme

An tUas. Francis O'Donnell	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (agus Comhalta boird ex officio)
An tUas. Pat Doherty	Ceann Airgeadais agus Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh
Róisín Bradley, Uas	Ceann Acmhainní Daonna
An tUas. Barry Fox	Ceann Oibríochtaí*
An Dr. Cathal Gallagher	Ceann Taighde
Suzanne Campion, Uas.	Ceann Forbartha Gnó
An tUas. Ian Carroll	Ceann Gníomhach TFC

\* Ag glacadh an ról i mhí Meán Fómhair 2022 ón Dr. Greg Forde

## Stiúrthóirí Ceantar Abhantraí

An tUas. Brian Beckett	IIÉ Bhaile Átha Cliath, Ceantar Abhantraí an Oirthir – CAO
Lynda Connor, Uas.	IIÉ Chluain Meala, Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt – CAOD
An tUas. Seán Long	IIÉ Mhaigh Chromtha, Ceantar Abhantraí an Iardheiscirt – CAID
An tUas. David McInerney	IIÉ Luimnigh, Ceantar Abhantraí na Sionainne – CAS
An tUas. Pat Gorman	IIÉ na Gaillimhe, Ceantar Abhantraí an Iarthair – CAI
Mary Walsh, Uas.	IIÉ Bhéal an Átha, Ceantar Abhantraí an Iarthair – CAI
An Dr. Milton Matthews	IFI Bhéal Átha Seanaidh, Ceantar Abhantraí an Iarthuaiscirt – CAIT

# Maidir linne & a ndéanaimid



Is é Iascach Intíre Éireann an comhlacht reachtúil atá freagrach as na ceantair iascaigh intíre in Éirinn. Oibríonn sé faoi choimirce na Roinne Cumarsáide, Aeráide agus Comhshaoil (RCAC).

Tá príomhfheidhm Iascach Intíre Éireann leagtha amach faoi Alt 7(2) den Acht um Iascach Intíre 2010. An acmhainn iascaigh intíre a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú is ea an fheidhm sin. Is iad feidhmeanna ginearálta Iascach Intíre Éireann:

- An tAire a chothú, a thacú, a éascú agus a chomhairliú maidir le caomhnú, cosaint, bainistíocht, margaiócht, forbairt agus feabhsú iascach intíre, lena n-áirítear an tslatiascaireacht mhara
- Beartais agus straitéisí náisiúnta a bhaineann le hiascaigh intíre, lena n-áirítear an tslatiascaireacht mhara, a fhorbairt agus comhairle a thabhairt don Aire maidir leo, agus
- A chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm agus go seachtar an beartas agus na straitéisí arna bhforbairt mar a comhaontaíodh leis an Aire.

## FÍS



An acmhainn iascaigh intíre a chur sa **riocht inbhuanaithe is fearr is féidir** ar mhaithe leis na glúine atá le teacht.

## BUNCHUSPÓIR



Acmhainní iascaigh intíre agus slatiascaireachta mara na hÉireanna **chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú, a inbhuanaitheacht agus a mBithéagsúlacht Nádúrtha a uasmhéadú**

## LUACHANNA



Oibrímid i gcomhar a chéile ar bhonn gairmiúil



Bímid díreach, follasach agus freagrach



Táimid tiomanta don mhaoirseacht agus don inbhuanaitheacht



Gníomhaímid le hurraim agus le hionracas

Iascach Intíre Éireann, 3044 Céide an Locha, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath D24 CK66

**Gréasán:** [www.fisheriesireland.ie](http://www.fisheriesireland.ie)  
**Ríomhphost:** [info@fisheriesireland.ie](mailto:info@fisheriesireland.ie)  
**Phone:** + 353 (0)1 8842 600

# Cuspóirí Ardleibhéil

Tá trí príomhfheidhm ag Iascach Intíre Éireann (IIÉ), mar atá an acmhainn iascaigh intíre a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú. I gcomhréir leis an [bPlean Corparáideach 2021-2025](#) déantar na feidhmeanna sin a thomhas agus a athbhreithniú faoi Chuspóirí Ardleibhéil (HLOanna) maidir le **Gnáthóga, Éisc, Páirtithe Leasmhara, Inbhuanaitheacht, Ár nDaoine, Bainistíocht Chorporáideach** agus **Nuálaíocht**.

	<b>GNÁTHÓGA</b>	Gnáthóga éisc a fhorbairt agus a fheabhsú go hinbhuanaithe
	<b>ÉISC</b>	Pobail éisc fhiáine na hÉireann a chosaint, a chothabháil agus a fheabhsú
	<b>PÁIRTITHE LEASMHARA</b>	Dul i dteagmháil go gníomhach le páirtithe leasmhara i maoirseacht leanúnach ar ár n-acmhainní comhroinnte
	<b>INBHUANAITHEACHT</b>	Ról ceannaireachta a imirt maidir lenár spriocanna i ngníomhú ar son na haeráide agus bithéagsúlachta a bhaint amach
	<b>ÁR NDAOINE</b>	Luach a chur inár ndaoine agus tacú lena bhforbairt agus lena bhfeidhmíocht
	<b>BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH</b>	Cultúr luach ar airgead a chothú agus ár bhfeidhmíocht á meas againn ar bhealach intomhaiste, trédhearcach agus cuntasach
	<b>NUÁLÁIOCHT</b>	Leas a bhaint as cumhacht na nuálaíochta chun leanúint de sheirbhís iascaigh nua-aimseartha a sholáthar

Tá ár bPlean Corparáideach 2021-2025 ar fáil lena íoslódáil ónár suíomh gréasáin.




Comhlíonann roinnt réimsí/tionscadal/clár roinnt gníomhaíochtaí éagsúla HLO, cosúil leis na samplaí a léirítear thíos.



# 1

## Cuspóir Ardleibhéil 01: Gnáthóga

GNÁTHÓGA ÉISC A FHORBAIRT  
AGUS A FHEABHSÚ GO  
HINBHUANAITHE





## Príomhghnóthachtálacha do 2022

Fíor: Aschuir as a dtiocfaidh gnáthóga sceite agus iasclainne feabhsaithe do bhradáin, cáiliúcht uisce níos fearr agus athléimneacht aeráide a thógáil ar ár gcórais abhann


  
**49** dTuarascáil  
 Comhshaoil

**33 km**  
 de Chothabháil  
 ionsrutha

  
**21 km**  
 d'Athbhunú  
 ionsrutha

  
**33**  
 Phlean  
 Dearaidh

  
**45 km**  
 de Ghnáthóg  
 Sceite oscailte



## Cuspóir Ardleibhéil 01: Gnáthóga

### GNÁTHÓGA ÉISC A FHORBAIRT AGUS A FHEABHSÚ GO HINBHUANAITHE

### Oibríochtaí

Leagtar amach sa phlean Forbartha Oibríochtaí na tionscadail atá sceidealaithe lena seachadadh in 2022, agus na haschuir a bhfuil coinne leo (m.sh., líon km d'athbhunú srl.) Bíonn sé de chúram ar gach Ceantar Abhantraí (RBD) tabhairt faoi thionscadail a bhaineann go sonrath le gnáthóga laistigh de bhliain shonraithe le hionchur ó Oifig Bainistíochta Tionscadal IÍÉ (PMO) mar chuid den **Chlár Náisiúnta um Ghnáthóga agus Caomhnú**. Tríd síos an gclár sin bhí na baille foirne RBD agus PMO in ann taithí agus samplaí dea-chleachtas ó réigiúin eile sa tír a chomhroinnt agus na réimsí a shainaithe ina bhféadfadh Creatáí nó saineolaithe teicniúla cabhrú le tionscadail a chur i gcrích. Is féidir le tionscadal gnáthóg a bheith chomh héagsúil le sraonairí a chur isteach i gcóras abhann chun éagsúlacht gnáthóg a chruthú, tionscadail cobhsaithe brúach, aistriú cora, athbhunú abhann, obair ar ghnáthóga brúachánacha cois bruaigh, níochán gairbhéil nó feabhas a chur ar acmhainní slatiascaireachta e.g. seastáin slatiascaireachta a uasghrádú. Tá sampla díobh sin doiciméadaithe thíos le haghaidh 2022.

Tábla 1.1: Méadracht Caomhantais agus Gnáthóg 2022

	CAO	CAOD	CAID	ShIRBD	CAI-Gaillimh	CAI-Béal an Átha	CAIT	Náisiúnta
Cothabháil/obair athbhunaithe ionsrutha(km)	17	0	0	15	29	4	6	0
Obair chothabhála/athbhunaithe bhrúachánach (km)	4	0	0	16	6	4	10	0
Feabhsú ar bhealaí éisc (líon)	0	2	0	0	1	0	0	0
Gnáthóg athbhunaithe/athnasctha (km)	0	45	0	0	0	0	0	0
Iníúchadh agus rialú speiceas ionrach	0	0	0	0	11	0	0	0



## Ba iad seo roinnt de na hoibreacha a cuireadh i gcrích mar chuid de Phlean Oibre Gnáthóg 2022

### Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt (ERBD)

Mar chuid den phlean oibre gnáthóg don bhliain cuireadh 3.78 km d'uibreacha cois bruaigh agus 3.75km d'uibreacha ionsrutha i gcrích thar raon tionscadal comhoibríoch a raibh sé mar aidhm acu cur leis an méid optamach gnáthóg éisc a chaomhnaítear agus a chothabháiltear.

**Íomhá:** Aibhneacha na Daoile (ag Ráth Fhearna) agus na hlfearnóige (ag Láithreach Cora) i gContae na Mí tar éis oibreacha



### Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt (SERBD)

Cuireadh tionscadal suntasach bonneagair i gcrích i gCora Bhaile na Carraige, Co. Cheatharlach. Is éard a bhí i gceist leis bealach éisc a thógáil chun feabhas a chur ar an rochtain ar limistéir sceite agus iasclainne do gach speiceas éisc feadh thart ar 3km den Bhoirinn, craobh-abhainn mhór leis an mBearú. Agus cuspóirí ardleibhéil Phlean Corparáideach IlÉ agus Creat-Treoir Uisce (WFD) an Aontais Eorpaigh á gcomhlíonadh araon, leis an tionscadal cruthaíodh buntáiste breise de dháláí slatiascaireachta feabhsaithe sa cheantar.

**Íomhá:** Réamhoibreacha agus iarobreacha ag Cora Bhaile na Carraige a aistriú agus bealach éisc a thógáil



### Ceantar Abhantraí na Sionainne

Cuireadh plean suntasach feabhsúcháin gnáthóg ar fáil ar Abhainn Chluain Ard, lenar bhain 6.5km d'athbhunú abhann thar stráice 12km d'abhainn. D'fhóg sin go raibh gá leis na hoibreacha seo a leanas (lena n-áirítear obair ionsrutha) a dhéanamh: linnte a chruthú, gairbhéil a thabhairt isteach, gleannlínte a chruthú, an crios bruchánach a fhálú, deireadh a chur le rochtain eallaigh ar abhainn trí thrachanna tiomnaithe uisce eallaigh a chur ar fáil sa pháirc. Mar chúnamh leis na hoibreacha sin a chur i gcrích b' éigean an phleanáil tionscadail seo a leanas a dhéanamh: suirbhéanna siúil, pleananna gnáthóige a fhorbairt, plean tionscadail le haghaidh ábhar, idirchaidreamh agus comhaontuithe le húinéirí talún, léarscáiliú GIS, plean sláinte agus sábháilteachta, ráiteas modha maidir le hobair chomhshaoil, scagadh measúnaithe chuí, suirbhé ar dhobharchúnna, suirbhé réamhleictriascaireachta, tairiscint le haghaidh seirbhísí conraitheoir ionsrutha, conraitheoir fálúcháin agus le cloch a sholáthar, ceapadh conraitheoirí agus maoirseacht fhoriomlán ar an tionscadal.

**Íomhá:** Trach óil suiteáilte agus fálú gnáthóg bruchánach ag an mBaile Glas Thoir, Baile Chathail, Co. Mhaigh Eo



## Ceantar Abhantraí an Iarthair – Gaillimh (WRBD-G)

Seachadadh roinnt oibreacha athchóirithe gnáthóg i limistéar oibriúcháin na Gaillimhe le linn 2022. Tá aschur na hiarrachta sin leagtha amach thíos:

**2,610 m**  
d'oibreacha  
fálúcháin



**346**  
Thona  
de Ghairbhéil  
Sceite curtha leis



**6**  
Réiteach  
Uisce Suiteáilte  
(3 chaidéal  
gréine & 3 nasc le  
príomhphíobán uisce)



**9,560 m**  
de Chothabháil  
Bhliantúil ar  
chainéil sceite



*Fíor: Iomlán na hoibre athbhunaithe gnáthóg in WRBD-G*

Ina theannta sin, críochnaíodh 500 méadar de chothabháil bruaigh ar Abhainn na Sraithe, Loch Measca, Co. Mhaigh Eo, trí chuid a bhí tollánaithe go mór a oscailt agus baic a bhaint. Rinneadh cothabháil bhliantúil i bhfoirm caschoille a ghearradh, fiailí a bhaint as claiseanna sceathraí agus gairbhéil a athnuachan ar 20 bealach sceite

## Ceantar Abhantraí an Iarthuaiscirt (NWRBD)

Rinne Comhairle Contae Dhún na nGall (CCD) oibreacha éigeandála chun damáiste a rinneadh leis na hoibreacha tochairte neamhúdraithe ionsrutha a dheisiú i mí na Nollag 2021 ag Droichead Corvish ar Abhainn Dhomhnach, Co. Dhún na nGall. Rinne IIÉ idirchaidreamh go dlúth le hinnealtóirí CCD agus leis an bhfoireann allamuigh chun a chinntiú gur chomhlíon gach obair athchóirithe chun an droichead cloiche a athbhunú agus a chobhsú na treoirínte riachtanacha le haghaidh gnáthóga a chosaint. Chun aghaidh a thabhairt ar ghluaiseacht éisc thar an déanamhas agus í a fheabhsú mhol IIÉ gur chóir an naprún droichid nua a íslíú, a bharrchaolú go dtí lár na háirse agus corbholláin agus sciatha carraige a chur ar fud an réise 5m x 9m den urlár ionas go gcinnteofaí sreabhadh comhsheasmhach, níos nádúrtha agus doimhneacht uisce le linn leibhéal íseal uisce i ndálaí triomaigh.



*Iomhá: Próifil urláir miasa agus sciatha carraige suiteáilte ag Droichead Corvish chun bealach éisc a fheabhsú*

## Oifig Bainistíochta Tionscadail

Tá an Oifig Bainistíochta Tionscadal (OBT) freagrach as cur chun cinn agus riarachán roinnt scéimeanna cistiúcháin arna n-oibriú ag Iascach Infíre Éireann. Is é OBT atá freagrach freisin as tacú leis an bhfoireann i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm tionscadail iascaigh ag baint úsáide as cur chuige caighdeánach ó phleanáil go cur i gcrích.


Ar an macrascála oibríonn OBT leis na rannáin Oibríochtaí (RBDanna) agus Taighde chun pleananna mórscála a sheachadadh, mar shampla an Plean Bainistíochta fadtéarmach do Lochanna Móra an Iarthair. Ar scála an láithreáin, ullmhaíonn OBT struchtúir mhiondealaithe oibre leis na foirne ábhartha RBD agus soláthraíonn sé cúnamh agus tacaíocht le measúnú comhshaoil, samhaltú tionscadail, comhairle pleanála agus dearaidh, measúnú riosca tuile, iarratais phleanála, bainistíocht luacha, agus déanann sé measúnú ar na ceachtanna a

foghlaimíodh ó thionscadail chríochnaithe.

Ar deireadh, ar an micreascála, cuireann OBT teimpléid de dhoiciméid tairisceana ar fáil chun trealamh tógála nó teimpléid agus acmhainní feidhmiúla a sholáthar d'iarratais phleanála, tuarascálacha comhshaoil, etc. Úsáideann OBT tairisí i mbainistíocht iascaigh, bainistíocht tionscadail, taighde, forbairt, innealtóireacht, riarachán agus measúnú comhshaoil chun a chinntiú go seachadtar tionscadail i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha, an chomhlíontacht straitéiseach agus ag cloí le rialachas, beartais agus nósanna imeachta iomchuí maidir leis an tseirbhís phoiblí. Chuir an OBT tuarascáil mhaoirseachta náisiúnta chomhdhlúite le chéile ina raibh sonraí maidir le stádas agus aschuir ar bhonn ráithiúil agus tugadh aird inti ar aon saincheist a mbeadh aghaidh le tabhairt orthu ag Bord IIÉ.

### Príomh-mhéadracht

*Fíor: Príomh-Aschuir OBT do 2022*



\*Cuirtear gach measúnú/ráiteas ar aghaidh chuig an Measúinóir Comhshaoil Seachtrach lena athbhreithniú agus lena n-aiseolas speisialaithe a fháil

## Cistiú Forbraíochta

In 2022, chuir Iascach Intíre Éireann maoiniú ar fáil ón **gCiste Athshlánúcháin, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal** agus ón **gCiste Iascaigh Lár Tíre**. Tacaíonn an dá chiste sin le tionscadail iascaigh inbhuanaithe a thacaíonn go príomha le gnáthóga bruachánacha agus le caomhnú speiceas éisc.

### Ciste Athshlánaithe, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal (SSTRCPF)\*\*

Gintear maoiniú ó cheadúnais slatiascaireachta bradán agus breac geal agus cheadúnais iascaireachta tráchtála a dhíol, rud a chuireann go mór le sealbhóirí cheadúnais chun na speicis sin a athshlánú, a chaomhnú agus a chosaint. Tá maoiniú ar fáil tríd an SSTRCPF do IIÉ agus ranníocóirí leis an gciste, lena n-áireofaí cumainn slatiascaireachta, oibreoirí iascaigh tráchtála agus úinéirí iascaigh a bhfuil suim acu in iascach bradán agus a mbeadh ceadúnas slatiascaireachta bradán agus breac geal in Éirinn, ceadúnas iascaireachta tráchtála nó ranníocóirí rátaí iascaigh ceannaithe acu.

**30** **ceadaíodh deontais do thionscadail arbh fhiú €1,073,390 iad**

**10** **Tionscadail SSTRCPF a eisíodadh ar chríochnú dar luach €247,010**

**8** Anuas ar an gcistiú a cuireadh ar fáil tríd an SSTRCPF, **íocadh os cionn €370,000 leis na hocht dtionscadal seo a leanas ar bronnadh deontas orthu:** Tionscadal rochtana iascaire Loch Lios Mhic Fheorais, Ciste Áineasa Tuaithe; Sleamhnán Loch Chluain Meacan, An Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta; Rochtain iascaire Lochán Róistí i gConga, An Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta; Mol Slatiascaireachta Loch Rí, An Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta; Rochtain ag Slatiascairí Mhala, An Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta; Dearadh rochtana slatiascaireachta Chroí na Laoi, An Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta; Atógáil na Cranncha, An Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta; Dréimírí slatiascairí Chluain Meala, An Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta.

### Ciste Iascaigh Lár na Tíre (MFF)\*\*

Cruthaíodh an fhoinsé maoinithe seo ó ranníocaíochtaí iascairí atá curtha in áirithe ón Ioncam Ceada a fuair Iascach Intíre Éireann i limistéar ceadanna Ghrúpa Iascaigh Lár Tíre. Tá maoiniú ar fáil do ranníocóirí an chiste sin a bhfuil cead grúpa MFF íoctha acu.

**6** **iarratas faighte dar luach €59,997**

**5** **tionscadail a bronnadh íocadh amach**

**4** **i gcás cheithre thionscadal MMF ar chomhlíonadh dar luach €56,888**

\*\* arna athbhreithniú ag painéal meastóireachta

## Tionscadail Shuntasacha

### Bealach Éisc Áth an Choite

Bunaíodh Grúpa Idirghníomhaireachta agus Grúpa Teicniúil, agus reáchtáladh imeacht comhairliúcháin phoiblí i mí Lúnasa 2022. Chuidigh OBT le tairiscint



a fhorbairt chun innealtóir sainchomhairleach a sholáthar chun tuarascáil mheasúnaithe roghanna a ullmhú agus iarratas a dhéanamh ar chead pleanála don rogha bealaigh éisc is fearr. Forbraíodh próiseas Measúnaithe Ilchritéar (MCA) chun comparáid a dhéanamh idir roghanna bealaigh éagsúla chun cabhrú le roghnú na rogha tosaíochta. Tá sé beartaithe gur féidir an próiseas MCA a chur i bhfeidhm ar thograí maidir le bacainní amach anseo tar éis meastóireacht a dhéanamh ar roghnú rogha Áth an Choite a chur i gcrích.

### Treoirthionscadal Dhobharcheantar na Coiribe

Ba é cuspóir an tionscadail sin léinseacha d'aibhneacha i ndobharcheantar Loch Coirib a shainiú ina raibh an t-éileamh ba ghéire ar athshlánú gnáthóg. Cur ar chumas Iascach Intíre Éireann a chuid acmhainní a dhírú ar na réimsí is tábhachtaí ó thaobh na ngnáthóg de agus ar dócha go mbeidh na torthaí is fabhraí acu maidir le stoc salmainidí agus feabhsú na bithéagsúlachta. Soláthraíodh Maoirseoirí Tionscadail don Phróiseas Dearthóireachta (MTPD) ónár gCreat de shainchomhairleoirí Sláinte agus Sábháilteachta le haghaidh gach ceann de na tionscadail sin. Fuarthas measúnú cuí do na pleananna sin ónár gcreat comhairleoirí Comhshaoil.

### Príomhghnóthachtálacha

**31** **shuíomh aitheanta** in 2022

**5** **thionscadal thionscadal curtha i gcrích** in 2022

**Pleananna forbartha ullmhaithe do 4 shuíomh eile**

## Spriocanna Forbartha Straitéisí Lochanna an Iarthair



Thug an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an dréacht don Plean Bainistíochta fadtéarmach do Lochanna Móra an Iarthair faoi deara i Ráithe 2 de 2022. Ghlac OBT páirt i sraith 6 imeacht comhairliúcháin phoiblí chun an plan a bhí beartaithe a chur chun cinn agus aiseolas a lorg ó pháirtithe leasmhara. Chuir OBT seirbhísí sainchomhairleoirí comhshaoil ar fáil chun na Measúnuithe Comhshaoil reachtúla a dhéanamh is gá chun na plananna a ghlacadh. B'in iad an Mheasúnacht Chúí (AA) agus Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA).

Rinne OBT aiseolas ó pháirtithe leasmhara ar an dréachtphlean a thiomsú agus a bhreithniú agus rinneadh athbhreithnithe molta i gcomhairle leis na Rannáin Oibríochtaí agus Taighde. Tá an plan tugtha chun críche agus á mheas.

**Íomhá:** Cuil Bhealtaine ar Loch Coirib

## Cás-Staidéir - Tionscadail Athbhunaithe Gnáthóg Abhann

Is é is aidhm do na tionscadail sin gnáthóga abhann a bhfuil damáiste déanta dóibh de bharr gníomhaíochtaí daonna a athchóiriú. Soláthraíonn na gnáthóga athchóirithe sin timpeallachtaí sceathraí agus iasclainne níos fearr do shalmainidí.

### Athbhunú gnáthóg abhann Gharbhchluain

**Gnáthóga:** Díriú ar ghnáthóga éisc a chothabháil agus a athbhunú.



Is craobh-abhainn de chuid na Daoile i gContae Mhaigh Eo í abhainn Gharbh Cluain. Rinneadh damáiste don abhainn seo leis an draenáil artaireach agus ní raibh na gnéithe aici a theastaíonn ó shalmainidí chun sceitheadh ná fás inti. I measc na ngnéithe sin tá scarbháin, gairbhéal, linnte agus fásra bruchánach. Má shuiteáiltear sraonairí, linnte, gairbhéil agus fálú bruchánach, beidh sé seo ina ghnáthóg i bhfad níos báúla do shalmainidí.

Cuireadh na hoibreacha ar fáil le cúnamh ó rannóg cothabhála draenála Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW).

**Íomhá:** Oibreacha abhann Garbhchluain ar bun



## Céibh agus Sleamhnán Loch Chluain Meacan

### Tacú le bainistiú, forbairt agus athbhunú iascach eile (nach bhfuil faoi úinéireacht IIÉ)

Bhí Loch Chluain Meacan ar cheann den iliomad lochanna i gceantar Chontae an Chláir nach raibh áiseanna seolta oiriúnacha acu do bháid slatiascairí agus, dá bhrí sin, a chuir teorainn le deiseanna forbartha turasóireachta agus áineasa sa réigiún. Is loch sorochtana é Loch Chluain Meacan atá in aice le bailte na hInse, Inis Díomáin, Chora Finne agus Shráid an Mhuilinn. Bronnadh €109,000 ar lascairí Abhainn Eidhneach agus Dúiche ó Scéim Deontais Caipitil IIÉ in 2020 chun sleamhnán a thógáil agus áiseanna agus múrálacha inbhuanaithe a fhorbairt i gCluain Meacan. In 2022 tógadh an sleamhnán agus tá sé ar fáil d'iascairí agus do chuairteoirí chun rochtain shábháilte a fháil ar an loch agus taitneamh a bhaint as an timpeallacht lasmuigh.

**Íomhá:** Céibh agus Sleamhnán Loch Chluain Meacan, Co. an Chláir



## Taighde

Cuireann foirne taighde lascach Intíre Éireann an chomhairle eolaíoch ar fáil a thacaíonn agus a threoraíonn ár n-iarrachtaí chun acmhainní iascaigh na hÉireann a chosaint agus a chaomhnú. Is trí shaothar na dtionscadal tiomnaithe a áiríthítear go bhfuil tuiscint chríochnúil againn ar na dúshláin atá romhainn agus gur féidir linn freagraí cuí a fhorbairt ar chaomhnú gnáthóg, cibé a bhaineann siad sin le hoibreacha caomhnaithe gnáthóg a chur ar fáil, nó le bearta chun brúnna comhshaoil aitheanta a mhaolú. Oibríonn ár bhfoirne tionscadail trasna feidhmeanna a chinntíonn go roinntear

eolas agus saineolas a bhaineann lenár ngnáthóga iascaigh trí phróisis uile IIÉ. Is eolaithe feidhmeacha iad ár dtaighdeoirí a úsáideann modheolaíochtaí cruthaithe agus scoláireacht dhian, in éineacht le tiomantas láidir do leas ár n-iascach agus na timpeallachta agus na ngnáthóg lena gcothaítear iad.

**SAMPLA:** Cuireadh bonn fianaise ar fáil leis an bplean taighde chun tacú le hobair agus tosca comhshaoil amhail cáilíocht uisce, uirbiú, dianfheirmeoireacht, foraoisiú agus an tionchar fadtéarmach a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide á gcur san áireamh.

## Cúram Dobharcheantair faoin Spotsolas

Ba í 2022 an bhliain dheireanach a raibh baint ag IIÉ leis an tionscadal CatchmentCARE. Is tionscadal arna chistiú ag an Aontais Eorpach é Cúram Dobharcheantair (CatchmentCARE) a bhfuil sé mar aidhm aige cáilíocht fionnuisce a fheabhsú laistigh d'abhantracha idirnáisiúnta an iarthuaiscirt agus Loch nEathach-Na



Banna. Tá an tionscadal dírithe ar trí dhobharcheantar trasteorann: An Arna, An Abhainn Mhór agus An Fhinn. Ba iad na haidhmeanna chun tionscadail feabhsúcháin ar cháilíocht uisce a fhorbairt agus stáisiúin monatóireachta screamhuisce a shuiteáil ar fud an réigiúin. Tá bearta feabhsúcháin ar chaighdeán an uisce curtha i gcrích anois i nDobharcheantar na hArna.

**10km**


den 16 km d'fhálú déanta ar phríomhchainéal na hArna



Tá measúnú déanta ag **monatóireacht eolaíoch** ar an abhainn ar thionchar na mbearta oibreacha bruchánacha a cuireadh i gcrích ann, ag baint úsáide as teicnící nua cosúil le GPS difreálach (GPS Cinéiteach Fíor-Ama).

Tá **feabhas tagtha ar líon na n-iasc agus ar an éagsúlacht** i gcainéal na hArna mar atá le feiceáil sna scóir maidir le Cóimheas Cáilíochta Éiceolaíochta (EQR).

### Príomhthorthaí



**Fíor 3.** Torthaí EQR ó phríomhchainéal na hArna in 2021 agus 2022. Léiríonn na línte soladacha láithreáin ina ndearnadh obair agus léiríonn línte briste láithreáin nach ndearnadh aon obair iontu

Le GPS Cinéiteach Fíor-Ama taifeadtar pointí xyz (domhanleithead, domhanfhad agus airde). Cruthaítear samhail 3T ina dhiaidh sin ag baint úsáide as na sonraí (Fíor 4).


Íomhá ar barr: Sonraí ionsamhlaithe ag baint úsáide as pointí 3T a thaispeánann moirfeolaíocht ionsrutha. Taifeadadh tréithe cosúil le cineál substráite ag gach pointe freisin.

Taispeántar san íomhá láir an difríocht i ndáileadh substráite ar fud an chuid den chainéal in 2021 agus 2022

Taispeántar san íomhá ar bun an tsubstráit a taifeadadh ag suíomh oibreacha in 2021 (sa lár) agus 2022 (ar bun).

Roimh 2021 d'fhéadfadh eallach siúl isteach san abhainn, rud a chruthaigh farasbarr míndrúdar a dáileadh ar fud an chainéil. Chomh luath agus a tháinig deireadh le hiontráil fhálaithe, ba chúis le haon mhíndrúdar a bhrú chuig imeall na habhann lenar nochtadh níos mó púróg gairbhéil i gcainéal na habhann. Ba cheart go mbeadh tionchar dearfach ag laghdú ar mhíndrúdar iomarcach laistigh den chainéal ar cháilíocht an uisce.

- |   |  |
|---|--|
|  Siolta          |  Doirneog |
|  Gaineamh        |  Bollán   |
|  Gairbhéal/Púróg |  |



**Fíoracha ó bhun go barr.** Barr - samhail 3T den mhoirfeolaíocht lionsrutha. Meán - Dáileadh substráite in 2021 agus ar bun dáileadh substráite in 2022.



## Cás-Staidéir (Bacainní & Hidreamhoirfeolaíocht)

### HLO 01 Cás-Staidéar 1 - Clár Náisiúnta na mBacainní

Tá an Clár Náisiúnta Bacainní (CNB), arna chistiú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacha, ina dhara timthriall 2022 go 2027 anois. I measc bhuaicphointí an chéad timthrialla, tá geo-bhunachar sonraí náisiúnta de bhacainní féideartha ar ghluaiseacht éisc (73,076 déanamhas), feidhmiú céimneach I-BAST, uirlis measúnaithe agus scagtha bacainní IIÉ, a bhailíonn sonraí ar an láthair


agus a uaslódáiltear láithreach chuig freastalaí néalbhunaithe (deireadh a chur le taifeadadh páipéir) mar aon le hoiúint foirne ar an láthair agus tuarascálacha measúnaithe bacainní a sheachadadh do na foirne Oibríochtaí le haghaidh iarratais phleanála chun oibreacha éasúna gluaiseachta éisc a éascú.

### Príomhthorthaí 2022

**30,214**   
dhéanamhas ionsrutha a ndearnadh measúnú orthu, 24,523 tríd an bhfeidhmchlár I-BAST a úsáid ar sainaitníodh **7,429** díobh mar bhacainní ar ghluaiseacht éisc


**34**   
bhall foirne **Ghníomhaireacht na Lochanna Oilte** ar phrótacal I-BAST atá beagán modhnaithe

  
**Grinnmeasúnuithe ar bhealaí éisc (SNIFFER)** a rinneadh ar **33** chora & **2** thóchar

**10**   
dtuarascáil measúnaithe ar bhacainní curtha i gcrích; thuarascáil SNIFFER ar dhéanamhais aonair, 1 tuarascáil I-BAST agus 3 thuarascáil ar fud an dobharcheantair

  
Bunachar sonraí a léiríonn bacainní a ndearnadh measúnú orthu a foilsíodh ar **Thairseach Sonraí Oscailte IIÉ**

**Fíor:** Céatadán na mbacainní féideartha ar a ndearnadh measúnú laistigh de gach fo-dhobharcheantar WFD amhail an 12/01/2023.



Leanann NBP ar aghaidh ag fiosrú éifeacht dhéanamhais mhóra ionsrutha ar ghnáthóg abhann agus ar ghluaiseacht éisc, amhail Imscrúdú a dhéanamh ar éifeacht coraí ar theochtaí uisce Abhainn na Bóinne, athruithe uisce/teochta/sreafa ar aibhneacha na Life, an Dothra agus Fheartaí agus aistriú cora i ndobharcheantar na Brosnaí.

- Chuir NBP seimineár gréasáin ar líne agus cur i láthair páirtithe leasmhara ar fáil maidir le héifeacht na mbacainní ar ghluaiseacht éisc agus ar Thionscadal Bealaigh Éisc Áth an Choite ar Lá Domhanda na hImirce Éisc (21 Bealtaine 2022).

- Aistriú eolais laistigh d'IIÉ agus uas-sciliú na foirne maidir le measúnú bacainní.


Tá prótacal I-Bast á fhorbairt go leanúnach ag NBP agus tá sé seo á úsáid le hoiúint na bhfoirne Oibríochtaí. I gcomhar le comhghleacaithe ar Chlár Bainistíochta na nEascann (EMP), rinne siad measúnuithe ag baint úsáide as an uirlis I-BAST maidir le bacainní féideartha ar imirce eascann i ndobharcheantair na Bríde agus na hAirglinne (Cruithneachtán), Co. Chorcaí, i samhradh na bliana 2022. Comhlíonann an obair sin cuspóir 3A den phlean náisiúnta bainistithe eascann chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá ann cheana ar imirce eascann. Rinneadh suirbhéanna leictríascaireachta a dhírítear go sonrach ar eascainní i ndobharcheantar na Bríde in 2015 agus athrinneadh arís in 2022 iad, agus beidh sé an-úsáideach measúnú a dhéanamh ar láithreach an phobail a mhéid a bhaineann leis na bacainní sin.


**Tábla 1.4:** Líon na mbacainní ar imirce eascann ar Dhobharcheantar na Bríde, Contae Chorcaí.


Dobharcheantar	Bacainn - Tá	Bacainn - Níl	Bacainn - Ní fios	Bacainn - Teach ar ais le measúnú a dhéanamh	Líon Iomlán na mBacainní ar a ndearnadh Measúnú
Bríd (Port Láirge)_SC_030	1	31	27	5	64
Cruithneachtán_SC_010	19	26	0	3	48
Bríd (Port Láirge)_SC_010	5	25	10	3	43
Bríd(Port Láirge)_SC_020	8	35	36	4	83
<b>Iomlán</b>	<b>33</b>	<b>117</b>	<b>73</b>	<b>15</b>	<b>238</b>

## Cás-Staidéar HLO 01 2 - Clár Taighde Hidreamhoirfeolaíochta (HRP)

Cuireann HRP critéir hidreamhoirfeolaíochta i bhfeidhm maidir le riocht agus nascacht fhisiceach gnáthóige a cheanglaítear leis an gCreat-Treoir Uisce (WFD) ina mheasúnú ar aibhneacha agus moltaí bainistíochta gaolmhara. Tá na trí phríomhfeidhm a leanas ag HRP:

- 

**1** **Sonraí eolaíoch** ardchaighdeán a sholáthar chun tacú le bainistiú, caomhnú agus cosaint speiceas éisc agus a ngnáthóg le béim ar na hidirghníomhaíochtaí éiceolaíochta-hidreamhoirfeolaíochta.
- 

**2** **Taighde feidhmeach** a dhéanamh chun tacú le bearta dea-chleachtas bainistíochta athbhunaithe gnáthóg a chur i bhfeidhm i ndobharcheantair na hÉireann.
- 

**3** **Idirchaidreamh agus tacaíocht a thabhairt** d'fhoireann IIÉ maidir le tionscadail athbhunaithe gnáthóg a phleanáil agus a sheachadadh.

### Príomhthorthaí 2022



- Cuireadh tús le staidéar feidhmeach **a fhiosraíonn éifeachtacht mhéadú gairbhéil** agus a inmharthanacht mar ghnáthóg sceathraí/iasclainne do bhradáin san fhadtéarma **i ndobharcheantar na Bóinne, Co. na Mí**.
- Leanadh ar aghaidh le bailiú agus **monatóireacht sonraí ar chóras** teochta agus sreafa na n-aibhneacha rialáilte (an Dothair, an Life, an Fheartraí (Co. Bhaile Átha Cliath) féach fíor 8)) agus neamhrialáilte (An Abhainn Mhór (Co. Chill Mhantáin), An Deargail (Co. Bhaile Átha Cliath), An tSláine (Co. Loch Garman)) chun moltaí a fhorbairt maidir le sreafaí comhshaoil a shásóidh riachtanais éiceolaíochta na speiceas dúchasach éisc.
  - Críochnaíodh **bailiú sonraí bonnlíne** (iasc, hidreamhoirfeolaíocht, teocht) d'Abhainn Bhéal Átha na mBreac (An Choirib Thiar - Gleann Loiscthe) chun tacú le tionscadal athbhunaithe agus bainistíochta gnáthóg tírdhreacha a fhorbairt.
  - Suirbhéanna dróin agus hidreamhoirfeolaíochta** chun tacú le clár athbhunaithe aibhneacha a cuireadh i gcrích do roinnt aibhneacha i nDún na nGall.

## Measúnuithe Hidreamhoirfeolaíochta - Obair shuirbhéireachta ar Theicníc Mheasúnaithe Hidreamhoirfeolaíochta Abhann (RHAT)

Baineadh úsáid as an uirlis RHAT chun comparáid a dhéanamh idir sonraí dáilte eascann ag céimeanna difriúla saolré sa ghnáthóg ar dhobharcheantair ar Abhainn Átha Feán, an Ghrís agus an Bhríd (thart ar 30 suíomh i ngach ceann acu).

Léirigh formhór na suíomhanna stádas hidreamhoirfeolaíoch idir Maith agus Measartha. Níos tábhachtaí fós, léirigh suirbhéanna ar dhobharcheantar na Gríse nach dócha gurbh iad na dálaí hidreamhoirfeolaíochta ba chúis leis an easpa eascann a taifeadadh ar fud an dobharcheantair le linn leictriascaireachta in 2016.

**Fíor:** Torthaí Suirbhé RHAT ar Aibhneacha na Bride agus Átha Feán





# 2

## Cuspóir Ardleibhéil 02: Éisc

POBAIL ÉISC FHIÁINE NA  
HÉIREANN A CHOSAINT,  
A CHOOTHABHÁIL AGUS A  
FHEABHSÚ





## Cuspóir Ardleibhéil 02: Éisc


GNÁTHÓGA ÉISC A FHORBAIRT AGUS A FHEABHSÚ GO HINBHUANAITHE

### Oibríochtaí

Cuimsíonn Cosaint Iascaigh roinnt gníomhaíochtaí a thacaigh le seachadadh an Phlean Cosanta Iascaigh 2022. Déantar achoimre orthu seo anseo mar ghrafaicí faisinéise maille le príomhfhigiúirí do 2022.

Tionscnaimh chosanta speisialta:

**Meitheamh** - Thug Deilte 10 Cheantar na Gaillimhe faoi Phatról Farrainghe fadraoin i mí Mheithimh ó Rinn Mhíl go Ceann Bhréanainn i gContae Chiarraí. Tugadh faoi chun leibhéal tacaíochta a d'fhéadfaí a chur ar fáil don Aonad Tacaíochta Soghluaiste (MSU) mbeadh cúnamh ag teastáil chun déileáil le líontán amach ón gcósta sa limistéar sin.










**Iúil** - Thug Delta 10 Cheantar na Gaillimhe faoi Phatról Farrainghe fadraoin thar oíche an 27 Iúil ón gCaoláirE go Cuanan Inbhir. Bhí an Patról seo i gcomhar le foireann Cheantar Bhéal an Átha. Soláthraíonn sé samhail oibre do chomhoibriú idir-Cheantair trínar féidir limistéar níos mó den chósta a chlúdach ag an am céanna.




## Gníomhaíochtaí Patróil 2022

Tábla 2.1: Uaireanta a caitheadh ar phatróil frithphóitseála

Uaireanta a caitheadh ar phatróil frithphóitseála	2022
 Patróil locha	29,447
 Patróil abhann	68,096
 Patróil mhara	6,694
 Patróil chósta/inbhir	30,225
 Dordphatróil	9,404
 Patróil BFT	2,155
 Patróil ar chos	39,724
<b>Líon iomlán na n-uaireanta</b>	<b>185,745</b>

Fíor: Cineál patróil



## Cigireachtaí iascaigh agus seiceálacha comhlíontachta

Tábla 2.1: Líon na gcigireachtaí iascaigh


Iníúchtaí ar shealbhóirí ceadúnais agus slatiascairí	2022
Iníúchtaí ar shealbhóirí ceadúnais tráchtála bradáin agus bric ghil	547
Iníúchtaí ar shlatiascairí áineasa le haghaidh ceadúnais agus/nó ceada	15,593
Iníúchtaí ar shlatiascairí eile	16,230
Líon na slatiascairí dord a seiceáladh le haghaidh chomhlíonadh na reachtaíochta agus na rialúchán iascaigh*	2,280
<b>Líon iomlán na n-iníúchtaí iascaigh</b>	<b>34,650</b>

Tábla 2.3: Líon na seiceálacha comhlíontachta

Líon na seiceálacha comhlíontachta	2022
Líon ceannaithe éisc arna seiceáil	254
Líon bialann, óstán, tithe aíochta arna seiceáil	70
<b>Líon iomlán na seiceálacha comhlíontachta</b>	<b>324</b>

## Urghabháil míreanna mídhleathacha in 2022

Fíor: Urghabháil míreanna mídhleathacha in 2022




Tábla 2.5: Líon na n-ionchúiseamh arna dtionscnamh agus arna dtabhairt i gcrích


Líon Ionchúiseamh	2022
Ionchúisimh a <b>tionscnaíodh</b> i leith cionta iascaigh	92
Ionchúisimh a <b>tugadh i gcrích</b> i leith cionta iascaigh	95
Ionchúisimh a <b>tionscnaíodh</b> i leith cionta comhshaoil	15
Ionchúisimh a <b>tugadh i gcrích</b> i leith cionta comhshaoil	17

## Cáilíocht uisce a chosaint

Fíor: Cineálacha Cigireachtaí



Fíor: Maruithe éisc de réir tionscnaimh



\*Neaslíon

## Cás-Staidéir


### Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt (ERBD)

Bunaíodh aonad coireachta fiadhúlra den chéad cheann dá leithéid i mórcheantar Bhaile Átha Cliath go hiomlán ag Stáisiún Garda Thamhlachta (agus leathnaíodh é le naisc chuig Stáisiún Garda Ráth Fearnáin). Rinne IIÉ patról i gcomhpháirt agus go tráthrialta le haonad coireachta fiadhúlra an Gharda Síochána ag láithreáin 'Ardriosca', ag ar eisíodh roinnt Fógraí Pionóis um Muirear Seasta agus ag críochnú le hionchúiseamh IIÉ inar chuir foireann IIÉ agus baill den aonad fianaise i láthair i gcomhpháirt i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath.



Íomhá: Patról Aonad Fiadhúlra an Gharda Síochána

### Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt (SWRBD)



Ar Oileán Baoi, Iarthar Chorcaí gabhadh 8 mbradán agus líontán tar éis d'oifigh Chorcaí agus

Chiarraí oibríocht faireachais cheilte a dhéanamh, agus amach ó Dhairbhre, Co. Chiarraí, áit ar bordáladh bád faoi deara ag iascaireacht Tuinníní Eite Ghoirm an Atlantaigh agus inar aimsíodh agus inar gabhadh roinnt spól, slat agus gaistí tuinníní ardchostasacha.

Íomhá: Slat agus spól mhídhleathacha Tuinníní Lúnasa 2022

### Ceantar Abhantraí na Sionainne (ShRBD)

**Lúnasa 2022** Rinne oifigh IIÉ cúlchoimhéad ag dhá linn ar Abhainn na Féile i gceantar Lios Tuathail, Co. Chiarraí. Ag thart ar 2 r.n. ag Cora na Scairte Léithe breathnaíodh ar cheathrar (ag baint úsáide as radharc na hoíche) ag póitseáil ón linn cora ag baint úsáide as líontáin. Rinneadh teagmháil leis an

nGarda Síochána chun cabhrú leis an bhfeithicil a stopadh de réir mar a d'fhág sé an láthair. Stop oifigeach de chuid IIÉ leis an nGarda Síochána an carr agus rinne sé cuardach inar nochtadh 3 líontán bradán mhídhleathacha agus 18 mbradán.

Íomhá: Líontáin agus Bradáin sa charr stoptha ag IIÉ agus An Garda Síochána.



## Ceantar Abhantraí an Iarthair – Béal an Átha (WRBD-B)

I gceantar Bhéal an Átha gabhadh líon suntasach sruthlíontán i bPort Durlainne, Co. Mhaigh Eo, nuair a urghabhadh 27 mbradán a gabhadh go mídhleathach mar thoradh ar oibríocht rathúil ar muir, an fheithicil inar aimsíodh iad chomh maith le seacht mála tona ina raibh líontán bradán lánfheistithe (thart ar 2000 méadar). Ba é cigire ceantair Bhéal an Átha a bhí i gceannas ar an oibríocht tar éis faisnéis a fuarthas ó bhall den Aonad Tacaíochta Soghluaiste. Bhí baill foirne as Béal an Átha, Beannchar, Sligeach, Dobharcheantar na Muaidhe agus MSU páirteach sa ghabháil.



**Íomhá:** Líontán arna n-aisghabháil ón bhfarraige ag Cuan Phort Durlainne

## Ceantar Abhantraí an Iarthair - Galway (WRBD-G)

An 14 Iúil thug Oifigigh Iascaigh le linn patróil faoi deara go raibh dhá bhád ag feidhmiú ar Loch Sindile, Co. na Gaillimhe. Inscaradh an drón, agus thug an fhoireann faoi deara súiomh campála bunaithe ar an gcladach agus duine amháin ag filléadú iasc agus á níochán ar an gcladach. Bhí an dá bhád ag iascaireacht agus ag tabhairt éisc chun cladaigh lena bhfilléadú. Chuaigh oifigigh i dtreo na bunáite cois cladaigh agus d'aimsigh siad grúpa iascairí. Bhí dhá bhád acu, innill transaim, rí-eangacha agus líon suntasach iasc filléadaithe acu ar an gcladach. Ghabh an fhoireann na slata agus an trealamh agus na hearraí eisithe. Eisíodh cúig fhógra pionóis muirear seasta a íocadh in oifig na Gaillimhe níos déanaí an lá céanna agus tugadh an trealamh ar ais.

## An tAonad Tacaíochta Soghluaiste

Inscaradh an tAonad Tacaíochta Soghluaiste (MSU) chuig Abhainn na Sláine, Co. Loch Garman, ón 7 Márta go dtí an 1 Aibreán 2022 chun oibríochtaí ceilte a dhéanamh le linn bháire an earraigh bradán. Leag an fhoireann cosanta áitiúil béim ar roinnt teophointí le haghaidh slatiascaireacht neamhdhleathach agus d'inscar foireann MSU cúig cheamara cheilte chun monatóireacht a dhéanamh ar bhealaí rochtana agus amach chuig na láithreacha sin. Tugadh dhá chás ionchúisimh chun críche i gcúirt Dúiche Cheatharlach an 1 Nollaig mar thoradh ar na hoibríochtaí sin.

I mbaile fearainn Choill Chairthe, ar an gcuid fíoruisce den abhainn, breathnaíodh ar na cosantóirí ag iascaireacht bradán fiáin go mídhleathach le linn an tséasúir iata, ag baint úsáide as píosaí trealaimh slatiascaireachta a sháraigh na fodhlíthe. Bronnadh fineálacha dar luach €1900 agus €750 i dtreo chostas an ionchúisimh.

**Íomhá:** Droichead Choill Chairthe ar Abhainn na Sláine, Co. Loch Garman



# Bainistíocht Bradán


## Príomhéachtaí in 2022

Bhí  
**81**  
abhainn ar oscailt  
**le haghaidh  
iascaireacht  
bradáin agus  
bric ghil**



(de mhéid os  
cionn 40cm)

Bhí  
**45**  
abhainn ar oscailt  
**le haghaidh  
mharú na  
hiascaireachta  
bradáin  
agus  
bric  
ghil**



Bhí  
**36**  
abhainn ar oscailt  
le haghaidh  
slatiascaireacht 'ghabháil  
agus scaoileadh amháin'



Bhí  
**66**  
**abhainn dúnta**  
toisc gur theip orthu na  
taireacha riachtanacha  
a bhaint amach



Bhí córas  
**clibeanna  
geolbhaigh  
donna** i bhfeidhm in  
aibhneacha roghnaithe  
chun a chinntiú nach  
sárófaí cuótaí  
abhainnbhunaithe  
slatiascaireachta  
bradáin


**54.6%**  
**de na logleabhair**  
arna dtuairisciú ag  
slatiascairí a cheannaigh  
ceadúnais in 2022



Díoladh  
**17,318**  
gceadúnas  
slatiascaireachta  
in 2022




**22,661**  
**bhradán gafa**  
ag slatiascairí




**4,054**  
**bhradán gafa**  
ag iascairí  
tráchtála



**10,438**  
**marú bradáin**  
ag slatiascairí



**12,313**  
**bhradán scaoilte**  
ag slatiascairí



Leasaíodh na Rialacháin um Scéim Chlibeála Bradán Fiáin agus Breac Geal, I.R. Uimh. 585 de 2018, le I.R. Uimh. 729 de 2021) ina ndéantar foráil maidir leis na cuótaí éisc is féidir a mharú trí shlatiascaireacht agus trí iascaireacht tráchtála ó na haibhneacha úd arna sainaitheint sna rialacháin lena n-áirítear úsáid clibeanna gorma agus donna in aibhneacha sonraithe a shainaithnítear sna rialacháin.

Ba iad na príomh-fhodhlíthe a tugadh isteach do shéasúr 2022 cinn maidir le stoic Bradán agus Breac Geal a chaomhnú. Socraíodh fodhlíthe i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon chun teorainneacha mála a éascú don tslatiascaireacht bradáin agus breac geal (Fodhlí Uimh. 994 de 2021), oscailt iascaigh ar bhonn gabhála agus scaoilte amháin (Fodhlíthe Uimh. 990, 991, 992 de 2021), agus dúnadh iascach áirithe i gcás inar measadh gur ghá cosaint bhreise a thabhairt do stoic bradáin agus breac geal (Fodhlí Uimh. 332 de 2021).

Leagadh srianta breise i bhfeidhm maidir le gach modh slatiascaireachta ar iascaigh áirithe dhúnta agus gabhála agus scaoilte lena dtoirmiscear úsáid a bhaint as aon duán éisc, seachas duáin aondeilgneacha loma, agus péisteanna a úsáid mar bhaoite le linn slatiascaireachta nuair a measadh go raibh gá le bearta cosanta breise a thabhairt do stoic bradáin agus breac geal (Fodhlí Slatiascaireachta Uimh. 989, 2021).

Leagadh amach i bhFodhlí Uimh. 995 de 2022 iascaireacht tráchtála do bhradáin agus bhric gheala, ina sonraítear na haibhneacha inar ceadaíodh iascaireacht tráchtála mar aon leis an séasúr oscailte agus dúnta. Leagadh amach san Ordú chun iascaireacht Bradáin a Rialú (I.R. Uimh. 109 de 2022) an t-údarú do cheadúnais iascaireachta tráchtála agus an t-uaslíon ceadúnas tráchtála a fhéadfar a eisiúint.




## Taighde

Tá baint ag Iascach Intíre Éireann le roinnt clár monatóireachta taighde agus tionscadal a chuireann comhairle eolaíoch ar fáil ar leibhéal áitiúil, náisiúnta, an Aontais Eorpach agus domhanda. Cuirtear de chúram ar thaighde faoi HLO 2 dhá threoir Eorpacha (Creat Gnáthóg agus Uisce) a chur i gcrích chomh maith le rialachán an AE (Rialachán maidir le hEascanna). Is iad seo a leanas tionscadail eile a oibríonn chun comhairle láidir eolaíoch a thuiscint agus a chur ar fáil do bhainistíocht IIÉ:

**Fíor:** Tionscadal taighde déanta ag clár taighde IIÉ atá tiomnaithe do HLO 2.



Díreoidh an tuarascáil bhliantúil seo faoi HLO 2 ar bhonn bliantúil ar Bhradáin ag féachaint ar an obair a rinneadh ag Dobharcheantar Innéacs Náisiúnta na mBradán (NSIC) agus ar obair na Comhairle Náisiúnta um Bainistiú Bradán. Ar thimthriall trí bliana, breathnóidh sé ar cheann de thrí thionscadal de chuid an Aontais Eorpaigh (An Treoir maidir le Gnáthoga Faireachán ar Éisc, An Chreat-Treoir Uisce - Clár Faireacháin Lochanna agus Aibhneacha nó Clár Bainistíochta na nEascann) ar a seal agus dhá chás-staidéar ó na cúig thionscadal taighde eile mar a thaispeántar thuas.



## Faoi thrácht: Tionscadal STAMP Loch Luíoch

Cuireadh Plean Measúnaithe agus Monatóireachta Breac Geal Loch Luíoch (STAMP) i bhfeidhm in 2019 chun stádas reatha an bhric ghil i gceantar an Choireáin i gCo. Chiarraí a mheas. Ba é cuspóir foriomlán STAMP faireann uirlisí monatóireachta éiceolaíochta a chur i bhfeidhm chun ceisteanna sonracha a fhreagairt i ndáil le laghdú ar stoic bhric gheal fhásta sa cheantar. Tháinig an faireachán ar ghealóga breac geal chun críche in 2022. Clúdófar tuarascálacha deiridh ar stádas iascaigh, stádas gnáthóg fionnuisce, stádas éisc ógánaigh, éiceolaíocht mhuirí agus marthanas breac geal, stádas galar éisc, tionchar míolta mara, mar aon le dearcadh an iascaire i leith an iascaigh sa tuarascáil deiridh atá á críochnú.

**Íomhá:** Gealóg i ngaiste gealóg

## Clár Taighde/Faireacháin an Aontais Eorpaigh – An Treoir maidir le Gnáthóga Faireachán a dhéanamh ar Éisc

Tá lascach Intíre Éireann freagrach as faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar speicis éisc larscríbhinn II/V faoi Airteagail 11 agus 17 de Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) a trasúidh i ndlí na hÉireann in 1997 (I.R. Uimh. 94/1997). Ceanglaítear leis an reachtaíocht ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh bearta a chur chun feidhme chun a áirithiú go ndéanfar gnáthóga nádúrtha agus speicis fhiáine a liostaítear in larscríbhinní a ghabhann leis an Treoir a chothabháil nó a athbhunú ag stádas fabhrach caomhnaithe.

Sa tuarascáil Airteagal 17 is déanaí (2019), measadh go raibh stádas fabhrach caomhnaithe ag an loimpre shrutháin agus ag an ngabhairlín. Ní fios stádas na loimpre shrutháin agus tá béim á cur sa timthriall tuairiscithe atá ann faoi láthair ar mheasúnú a dhéanamh ar dháileadh an speicis sin. Tá drochstádas caomhnaithe ag an loimpre mhara, an tsead fhallacsach agus an pollán, agus beidh ról tábhachtach ag bearta caomhnaithe maidir le hiarracht a dhéanamh feabhas a chur ar na hionchais do na speicis sin amach anseo.



### Príomhthorthaí

Ba é 2022 **Bliain 4 de 6 sa timthriall tuairiscithe (2019 - 2024)** don loimpre (shrutháin, abhann agus mhara) agus don tsead.



#### Suirbhéanna

##### leictriascaireachta ag

láithreáin innéacs le haghaidh loimpre Iarbhadh i seacht ndobharcheantar laistigh de cheithre Cheantar Abhantraí - cainéil SAC na Sláine, na Bearú, na Siúire agus na Garbhóige agus na Cainéil Neamh-SAC Aibhneacha na Life (Co. Bhaile Átha Cliath), na Máighe (Co. Chorcaí) agus na Gráine (Co. Chill Dara). Sonraí a úsáidtear chun rochtain a fháil ar threochtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha i méid daonra loimpre shrutháin chun críocha tuairisciú Airteagal 17.



#### Rinneadh comhaireamh ar líonta claiseanna

**loimpre abhann** ó Mhárta go Bealtaine ar sheacht ndobharcheantar SAC agus neamh-SAC (Aibhneacha na Níthe, Co. Lú, na Bóinne, Co. na Mí, Abhóca, Co. Chill Mhantáin, na Feoire, Co. Chill Chainnigh, an Bharra agus na Sláine, Co. Loch Garman agus na Siúire, Co. Thiobraid Árann). D'aithin suirbhéanna imscrúdaithe láthair sceite bhreise ar léinseacha íochtaracha na Bóinne. Chuir Eachroim agus an tSláine an leibhéal is airde gníomhaíochta ar fáil, agus taifeadadh an chéad tógáil claisde sa dara seachtain de mhí Aibreáin. Mar sin féin, bhí an ghníomhaíocht fhoriomlán do 2022 níos ísle ná 2021.

Rinneadh **comhaireamh ar chlaiseanna loimpre mhara** ag teophointí aitheanta ag deireadh mhí na Bealtaine go dtí tús mhí Iúil. Sonraí a úsáidtear chun uainiú, méid agus comhsheasmhacht na hiarrachta pórucháin a chinneadh go bliantúil in aibhneacha SAC. Léiríonn na torthaí tionchar leanúnach na mbacainní ar an imirce, le láithreacha tábhachtacha sceite (m.sh., Áth an Choite ar Abhainn na Maoilchearna, Co. Luimnigh agus Tigh Moling ar an mBearú, Co. Cheatharlach) a tharlaíonn díreach le sruth ó choraí móra. Léiríonn sonraí maidir le comhaireamh claiseanna staid chobhsaí go ginearálta le méadú ar líon na ngclaiseanna a taifeadadh ag Tigh Moling i mbliana.



Rinneadh imscrúdú le

#### Suirbhéanna ar líonta uibheacha seadar


shuíomh, uainiú agus fad ghníomhaíocht sceite sead fallacsach in aibhneacha SAC, agus bhain sé sin le sampláil sheachtainiúil le linn na tréimhse sceite. Léiríonn na torthaí go dtí seo go dtarlaíonn sceitheadh níos luaithe agus ag teochtaí uisce níos ísle ná mar a bhí coinne leis agus is cosúil go bhfuil sé leanúnach tríd an séasúr.



D'aithin suirbhéanna ar

#### uibheacha sead gníomhaíocht sceite

**fhairsing** in inbhear uachtarach na Siúire; treisíonn sé sin an creideamh go sceitheann sead fhallacsach i bhforuisce taoide aibhneacha na hÉireann mar gheall ar easpa fadhbanna nascachta in abhainn/inbhear íochtarach.



Rinneadh **suirbhéireacht ar Lochanna an**

#### Ghríanáin agus Gartáin i gCo. Dhún na nGall

**le haghaidh Ruabhreac Artach.** Thaifead an dá loch níos lú ruabhreac a gabhadh i gcomparáid le suirbhéanna roimhe seo.



## Cás-Staidéir


### An Clár Náisiúnta Breac Donn

Rinne Clár Taighde Breac Donn IIÉ suirbhé leictriascaireachta ar dhobharcheantar Loch Meilbhe (Co. Liatroma agus Co. Fhear Manach) i samhradh 2022. Mar gheall ar chineál trasteorann dhobharcheantar Loch Meilbhe bhí láithreáin samplála i ndlínse agus comhordú IIÉ leis an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (DAERA) agus le taighdeoirí Institiúidí Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha Thuaisceart Éireann (AFBI-NI) a rinne sampláil ar láithreáin chraobhaibhneacha i dTuaisceart Éireann, rud a d'éascaigh suirbhéireacht agus sampláil ar fud an dobharcheantair ina iomláine. Tógadh samplaí géiniteacha ó bhreac donn óg chun bonn eolais a chur faoi anailís ar struchtúr géiniteach amach anseo a d'fhéadfadh feabhas a chur ar ár dtuiscint ar láithreacha sceite do phobail giollaí rua agus breac fíochmhar i Loch Meilbhe. Tá tuiscint mhionsonraithe ar shaolré agus go háirithe ar imirce sceite agus uainiú phobail breac Loch Meilbhe rithábhachtach chun bearta spriocdhírthe caomhnaithe agus cosanta a fhorbairt.

Foilseofar tuarascáil ar Shuirbhé Abhantrach Loch Meilbhe 2022 in 2023. Seo a leanas achoimre ghairid de ghnóthachtálacha an tsuirbhé:

- Bhí Taighde & Forbairt IIÉ i gceannas ar shuirbhé leictriascaireachta ar dhobharcheantar trasteorann Loch Meilbhe ar fad le cabhair ó fhoireann CAIT agus i gcomhar le DAERA / AFBI-NI.
- Rinneadh suirbhé ar 83 láithreán san iomlán a chlúdaíonn dobharcheantar trasteorann Loch Meilbhe ina raibh 38 láithreán ag IIÉ, 16 láithreán ag DAERA & IFI agus 29 suíomh ag AFBI-NI.

- I measc na láithreán leictriascaireachta bhí láithreáin suirbhéireachta i gcraobh-aibhneacha roghnaithe ó shuirbhéanna dobharcheantair IIÉ/CFB Melvin roimhe seo (1992, 2000-2001).
- Tógadh samplaí géiniteacha ó ógánaigh breac donn ag gach láthair ina raibh siad le fáil.



**Fíor:** Láithreáin suirbhéireachta ar dhobharcheantar Loch Meilbhe. Seasann poncanna dearga do shuíomhanna inar tógadh samplaí géiniteacha ó ógánaigh breac donn, léiríonn poncanna dubha suíomhanna nach raibh aon samplaí breac donn le fáil iontu

Tógann suirbhé ar dhobharcheantar Loch Meilbhe 2022 ar shuirbhéanna ar dhobharcheantar Loch Meilbhe agus ar stoc éisc locha roimhe seo, nuashonraíonn sé ár n-eolas ar an bpobal éisc sna sruthanna dobharcheantair i ré an athraithe aeráide agus bunaítear sraith bhonnlíne de shamplaí géiniteacha óga chun tuiscint a fháil amach anseo ar iompar sceite phobail breac uathúil Loch Meilbhe.

### An Clár Taighde Náisiúnta um Gharbhiasc agus Liús (NCFP)

Is é cuspóir leathan an chlár taighde seo tuiscint IIÉ ar speicis thábhachtacha garbhéisc agus liúis agus a n-idirghníomhaíochtaí lena dtimpeallacht agus le speicis chónaitheacha eile a mhéadú. Oibríonn foireann NCFP laistigh d'fhoireann iomlán an Chláir Náisiúnta Suirbhéireachta Taighde (NRSP) chun suirbhéanna comhpháirteacha a sheachadadh ar na stoic éisc go léir atá in aibhneacha agus i lochanna ar fud na hÉireann, agus baintear leas as tacair shonraí atá ann cheana féin chun easnaimh eolais a líonadh. Déantar saintionscadail taighde mar chuid den chlár freisin.



#### Príomhthorthaí


- Rinneadh suirbhéireacht ar stoic éisc ar phríomhchainéal na Sionainne, agus ar cheithre loch idir Droichead Bhéal Átha an Chatha agus Cluain Mhic Nóis. Rinneadh suirbhéireacht freisin ar sheacht loch a thacaíonn le hiascaigh thábhachtacha garbha agus liúis.
- Rinneadh measúnú ar aiste bia an liúis ó 11 loch mar a raibh samplaí ar fáil ó shuirbhéanna locha NRSP.
- 15 phlobán fhásta, idir timpeall 26cm agus 41cm ar fhad a gabhadh le linn oibríochtaí leictriascaireachta le bád buma a rinneadh ar isteach is amach ar chodán 1 km ar fhad d'Abhainn na hEithne in aice le Mainistir Shruthla, Co. an Longfoirt.
- Gabhadh gealóg plobán na bliana ag dhá cheann de shuíomhanna leictriascaireachta 50 pointe ar feadh an phríomhchainéil anuas an abhainn ó Mhainistir Shruthla go dtí le sruth ó Dhroichead Shruthla, ach b'fhéidir go raibh sceitheadh teoranta ar an abhainn ann. Coinníodh gach iasc, agus bailíodh samplaí fíocháin lena n-úsáid i bhforbairt measúnachta géinití agus rDNA a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.




# 3

## HLOanna trasghearrthacha: GNÁTHÓGA & ÉISC






## HLOanna trasghearrthacha: Gnáthóga & Éisc



### Oifigeach comhshaoil – spotsolas ar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin

Oibríonn ár nOifig Chomhshaoil Iascaigh ar fud Gnáthóga agus Éisc HLOanna agus iad ag iarraidh na héisc agus na gnáthóga ina gcónaí siad a chosaint, trínár nAcht Iascaigh (Comhdhlúthú) 1959 agus reachtaíocht bhreise a fhorfheidhmiú go dtí 2017 agus na hAchtanna um Rialtas Áitiúil agus Truallíú Uiscí 1977 & 1990. Agus acmhainní iascaigh intíre agus slatiascaireachta mara na hÉireann a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú, a n-inbhuanaitheacht agus a mbithéagsúlacht nádúrtha a uasmhéadú dá réir.



### Cás faoi thrácht: Fear tugtha chun na cúirte mar gheall ar dhamáiste don chomhshaoil

Déanann Andrew Gillespie, Oifigeach Sinsearach Comhshaoil, cur síos ar an obair mhionsonraithe a bhaineann le ciontóir a thabhairt os comhair na cúirte:

"Níl anseo ach ceann amháin de go leor cásanna den chaoi ar féidir le comhlachtaí nó daoine aonair damáiste tromchúiseach buan a dhéanamh don acmhainn iascaigh, agus an dlí á bhriseadh acu agus iad ina seasamh ansin os comhair Bhreitheamh na Cúirte Dúiche.

"Nuair a d'aimsíomar uisce mílthithe i gcraobh-abhainn i mo cheantar, d'fhiosraíomar é sin a thuilleadh, agus a fhios againn gur tochairt is cúis leis go minic: is féidir fo-ithir nó cré a nochtadh in abhainn agus eascraíonn ithreacha ar fuaidreamh san uisce as sin. Bhí imní ar leith orainn mar go bhfuil gairbhéil sceite salmainidí ar ardchaighdeán sa córas aibhneacha sin, agus tharla sé seo tráth a sceitheann bradáin agus breac (atáirgeadh). Thóg mé samplaí den uisce a bhí buailte agus freisin den uisce nach raibh buailte leis.

"Ag leanúint na habhann in aghaidh srutha, d'aimsíomar talamh feirme inar tharla suaitheadh éigin. Bhí tochairt i láthair agus labhraíomar lena oibríteoir a dheimhnigh go raibh sé á úsáid ar bhruach na habhann.

"Ós rud é gur tharla sárúithe amhrasacha den reachtaíocht

iascaigh, thug mé rabhadh foirmiúil don fhear, agus d'ordaigh mé dó gníomh deisiúcháin sonracha a dhéanamh.

"Chuir mé in iúl dó go mbeadh ar úinéir na talún labhairt liom faoin scéal, agus thairg mé an deis dó sraith dhúblach a thógáil de na samplaí uisce a bhí tógtha agam. Ghlac mé grianghraif den suíomh agus coinníodh mo shraith samplaí uisce i mbosca fuaraithe i bhfeithicil lascach Intíre Éireann faoi ghlais go dtí gur tugadh chuig saotharlann iad le haghaidh tástála an lá dár gcionn.

"Rinneamar ár seacht ndícheall leis an aturnae an fhianaise a ullmhú agus nuair a chuaigh an cás chun na cúirte roinnt míonna ina dhiaidh sin, chuaigh mé isteach i gclár na mionn. Ordaíodh don chosantóir €4,200 a íoc chun fineálacha a íoc arna n-eisiúint i leith sárú ar phíosáí sonracha reachtaíochta agus costais dlí.

"Tá go leor teagmhas eile mar seo a láimhseálaimid, go háirithe maidir le hiascaireacht mhídhleathach.

I ngach ceann acu sin, leanann na foirne ag lascach Intíre Éireann nósanna imeachta dochta, agus bailíonn siad fianaise fheidhmiúil, a d'fhéadfadh a bheith fisiceach, amhail líontáin iascaireachta a gabhadh ag láthair teagmhais. Tá caidreamh den scoth cothaithe acu leis na Gardaí áitiúla agus le húdarais eile in imeacht na mblianta. "Is faoin mbreitheamh atá sé pionóis a ghearradh sa deireadh thiar thall" arsa Andrew, "agus d'fhéadfadh pionóis shuntasacha airgid agus/ nó pianbheirtheanna coimeáda a bheith i gceist leo."

# 4

## Cuspóir Ardleibhéil 03: Páirtithe leasmhara

RANPHÁIRTÍOCHT GHNÍOMHACH  
LE PÁIRTITHE LEASMHARA I  
MAOIRSEACHT LEANÚNACH DÁR  
nACMHAINN CHOMHROINNTE




# 4

## Cuspóir Ardleibhéil 03: Páirtithe leasmhara



RANPHÁIRTÍOCHT GHNÍOMHACH LE PÁIRTITHE LEASMHARA I MAIRSEACHT LEANÚNACH DÁR nACMHAINN CHOMHROINNTE



Fíor: Grafaic faisnéise den rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

## Príomhfhorbairtí

Tábla 4.1: Forbairt rochtana slatiascaireachta

Sócmainní slatiascaireachta	Déanmhais nua	Déanmhais dheisithe	Déanmhais athsholáthartha
Suíomhanna rochtana	15	44	73
Seastáin slatiascaireachta	29	214	91
Droichid coisithe	11	52	27
Rianta feabhsaithe	4 km		

Curtha i gcrích trí úsáid a bhaint as acmhainní IIÉ, chomh maith le cistiú arna dheonú faoin Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (SBÁA).

## Straitéis maidir le Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Ceann de na spriocanna insoláthartha a bhí i bPlean Corparáideach IIÉ 2021-2025 faoi HLO 3, ab ea straitéis rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a chruthú ina gcuirtear rannpháirtíocht, cumarsáid agus comhoibriú fiúntach chun cinn agus ina soláthraítear iad lenár bpáirtithe leasmhara go léir. D'fhaomh an Bord é sin i mí na Nollag 2022.

D'oibrigh rannáin IIÉ le linn 2022 go dian chun dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun HLO 3 a chomhlíonadh. Is samplaí de seo iad na samplaí agus na cás-staidéir a leanas.



# Spotsolas – Tairseach Sonraí Oscailte

Sainordaítear leis an Treoir maidir le Sonraí Oscailte go scaoilfead sonraí ón earnáil phoiblí i bhformáidí atá saor in aisce agus oscailte. Trasuíodh **Treoir (AE) 2019/1024** i ndlí na hÉireann le I.R. 376/2021 an 22 Iúil 2021. Is é cuspóir foriomlán na Treorach leanúint de gheilleagar sonraí an Aontais a neartú tríd an méid sonraí ón earnáil phoiblí atá ar fáil lena n-athúsáid a mhéadú, iomaíocht chóir agus faisnéis ón earnáil phoiblí atá sorochtana a áirithiú, agus nuálaíocht trasteorann bunaithe ar shonraí a fheabhsú.

In 2022, d'fhorbair Iascach Intíre Éireann a Thairseach Sonraí Oscailte féin, a ligeann d'úsáideoirí (an pobal) sonraí bunaithe ar GIS (Córas Faisnéise Geografaí) a íoslódáil go príomha i bhformáidí oscailte iolracha. Ceadáíonn an t-ardán do shonraí GIS a iniúchadh agus a íoslódáil, feidhmchláir a aimsiú agus a thógáil, agus úsáideoirí eile a mhealladh chun fadhbanna tábhachtacha a fhuascailt. Is féidir le húsáideoirí tacair sonraí a anailísiú agus a chur le chéile trí úsáid a bhaint as léarscáileanna, chomh maith le feidhmchláir nua ghréasáin agus mhóibíleacha a fhorbairt.


Tá Tairseach Sonraí Oscailte ag teacht le Plean Corparáideach Iascach Intíre Éireann (2021-2025), ina n-aithnítear beartais rialtais lena n-áirítear an Straitéis Sonraí Oscailte 2017-2022. Aithníonn Iascach Intíre Éireann freisin Treoir 2021 maidir le Sonraí Oscailte, a cuireadh i bhfeidhm chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht faisnéise ón earnáil phoiblí do gheilleagar agus do shocháí na hEorpa.

Is féidir teacht ar thacair sonraí trí Thairseach

Sonraí Oscailte Iascach Intíre Éireann anseo <https://opendata-ifigis.hub.arcgis.com/> agus trí mheán Thairseach Sonraí Oscailte na hÉireann, anseo <https://data.gov.ie/organization/inland-fisheries-ireland>

Cuimsíonn Tairseach Sonraí Oscailte Iascach Intíre Éireann seacht dtacar sonraí san iomlán. Rangaítear ceithre cinn de na tacair sonraí mar 'riarachán' agus taispeántar príomhfhoirgnimh oifige Iascach Intíre Éireann, Limistéir Cheadúnais Ceantair Iascaigh agus Ceantair Abhantraí iontu. Cuimsíonn an cúigiú tacar sonraí gnéshuibhís ina dtaispeántar áiseanna slatiascaireachta inrochtana a tháirgtear d'iascairí faoi mhíchumas nó a bhfuil a soghluaisteacht shrianta. Tá sé le fáil le haghaidh slatiascaireacht abhann, locha agus farraige. Cuireann an séú tacar sonraí gnéshuibhís i láthair ina dtaispeántar stádas éiceolaíoch éisc na Creat-Treorach Uisce (WFD) agus dáileadh speiceas éisc do shuíomhanna láithreán abhann idir 2008-2021. Léirítear speicis éisc atá i láthair ag gach suíomh freisin. Cuireann an seachtú tacar sonraí ón gClár Náisiúnta Bacainní (NBP) i láthair. Is bunachar sonraí náisiúnta é sin de bhacainní féideartha ar ghluaiseacht éisc a chuimsíonn déanamhas a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar ghluaiseacht éisc agus ar hidreamhoirfeolaíocht araon.


**Fíor:** Gabháil scáileáin ó gheothairseach IIÉ ina dtaispeántar stádas éiceolaíoch éisc CAI ó 2008 go 2021 le haghaidh suirbhéanna abhann 2023



# Faisnéisiú do Pháirtithe Leasmhara

## Suíomh Gréasáin Corparáideach

Bhí 164,981 amharc leathanaigh ag 33,924 úsáideoir a ghabh cuairt ar an suíomh corparáideach.



## Suíomhanna Gréasáin Slatiascaireachta

Tá suíomhanna gréasáin faisnéise slatiascaireachta ar fáil i mBéarla, i bhFraincis, i nGearmáinis, in Ísiltíris agus in Iodáilis. In 2022 bhí 2.5 milliún amharc leathanaigh ag 567,978 n-úsáideoirí ann. Treoraítear na custaiméirí cuairte sin dírithe chuig suíomhanna gréasáin éagsúla soláthraithe seirbhíse slatiascaireachta (lena n-áirítear siopaí treataimh, treoraithe slatiascaireachta, báid chairtfhostaithe, iascaigh bradán, féilte garbha srl.) le haghaidh tiontuíthe agus áirithintí.



## Bróisiúir agus foilseacháin

Bhí seacht bhfoilseachán a bhain le slatiascaireacht ann in 2022, lena n-áirítear foilseachán digiteach de Bhailiúchán Cuileoga Chorcaí agus treoracha slatiascaireachta d'Abhainn na Feoire agus do cheantar Chill Airne.



## Léirithe Slatiascaireachta

I mí Eanáir 2022, d'fhreastail comhpháirtithe foirne agus tionscail ar Sheó Slatiascaireachta le Cuileog Edison thall in New Jersey, SAM, ag cur turasóireacht inbhuanaithe slatiascaireachta le cuileog chun cinn.

## Cuairteanna ar na Meáin & Ailt iontu

Mar thoradh ar chuairteanna sna meáin a d'eagraigh foireann IIÉ, foilsíodh 14 alt a chuireann turasóireacht slatiascaireachta na hÉireann chun cinn in irisí ó thíortha mar an Ghearmáin, an Eilvéis, an Ísiltír agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. B'ionann luach fógraíochta comhcheangailte na 14 alt agus os cionn €250,000.

I measc na n-alt bhí ceithre shaothar i gceithre iris dhifriúla a d'fhoilsigh JahrTopSpecial publishing house a d'eascair as turas ambasadóra an Royal Fishing Club go hÉirinn i mí Iúil. Is ionann an luach fógraíochta comhcheangailte agus €122,970 go dtí seo. D'eagraigh agus rinne IIÉ maoirseacht ar an turas agus fuair sé tacaíocht ó Thurasóireacht Éireann na Gearmáine.

## Ábhar Meán

Foilsíodh gearscannáin ar dhá chainéal YouTube dhifriúla mar thoradh ar iriseoirí Gearmánacha agus Meiriceánacha a thug cuairt ar Éirinn.

I measc bhuaicphointí na meán don bhliain bhí craoladh cláir de chuid RTÉ Nationwide a dhírigh ar lascach na Gaillimhe, agus eagrán de Mortimer & Whitehouse 'Gone Fishing' an BBC a scannánaíodh ar Loch Coirib. Chuir foireann IIÉ leis an bpodchraoladh 'Ireland on the Fly' agus leis an gclár raidió 'This Island Nation' a chraoltar ar 17 stáisiún raidió áitiúla.

## Cuairteanna ag Iriseoirí

Óstáladh 16 iriseoir ar leithligh san iomlán ó na príomh-mhargáí go léir i rith na bliana. Osclaíodh margaí táirgí nua, rud a thug nochtadh leanúnach d'Éirinn mar cheann scríbe slatiascaireachta.

## Ríomhíris Slatiascaireachta na hÉireann

Scaipeadh Ríomhírisí Feascháin Slatiascaireachta seachtainiúla a tharraing aird ar na príomhscéalta i slatiascaireacht na hÉireann ar bhreis agus 15,000 síntiúsóir agus scríobhadh agus postáladh 1010 tuairisc slatiascaireachta aonair ar ár suíomh gréasáin slatiascaireachta.


## Beolíne rúnda IIÉ 24 uair an chloig

Tá beolíne 24 uair an chloig á reáchtáil ag lascach Intíre Éireann ó 2010 i leith, le cur ar chumas don phobal truailleú amhrasach, iascaireacht mhídhleathach nó póitseáil a thuirisciú. In 2022, tháinig méadú suntasach ar líon na nglanna. Faoi dheireadh mhí na Nollag, cuireadh 1,110 glao ar an mbeolíne. B'ionann é sin agus méadú 44% ar an mbliain roimhe. Cé gur tháinig méadú ar gach cineál glanna, tháinig an méadú ba mhó ar fhiosruithe ginearálta, a d'ardaigh breis agus 68% chuig 561 ghlao.



# 5

## Cuspóirí Ardleibhéil Trasghearrthacha







## Cuspóirí Ardleibhéil Trasghearrthacha



### HLOnna Gnáthóga, Éisc & Páirtithe Leasmhara



#### Siompóisiam EIFAAC na hÉireann



I mí an Mheithimh, d'óstáil IIÉ Siompóisiam EIFAAC 2022 i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Rinneadh imscrúdú le linn an tSiompóisiam ar thopaicí a bhain leis na cúig théama seo a leanas: 1. Measúnú ar stoc éisc intíre, 2. Forbairtí i dteicneolaíochtaí faireacháin éisc fionnuisce le béim ar mhodhanna neamh-mhillteacha, 3. Na fadhbanna

agus na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide agus a thionchair ar acmhainní uisceacha intíre agus ar iascach, 4. Eolaíocht Saoránach, agus 5. Dobharshaothrú – córais athfhillte córais fionnuisce traidisiúnta.

**Íomhá:** Siompóisiam EIFAAC na hÉireann



Inland Fisheries and Aquaculture - Advances in Technology, Stock Assessment and Citizen Science in an Era of Climate Change




## Páirtithe Leasmhara & Inbhuanaitheacht

### Bothán Slatiascaireachta Inrochtana ag Loch Shepperton

Suiteáladh botháin slatiascaireachta inrochtana ag Loch Shepperton (bainistíocht IIÉ) in Iarthar Chorcaí. Is ionad ó cheann ceann na bliana é sin le haghaidh iascaireacht géim agus gharbh agus is ionad tráthrialta é le haghaidh turais ó Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA) a fhaigheann tacaíocht ó IIÉ. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal

cómhaoinithe seo de chuid na Scéime um Bonneagar Áineasa Lasmuigh (ORIS) ná cothromú agus athdhromchlú an charrchlóis agus na limistéar rochtana, an siúlbealach agus na botháin slatiascaireachta chruach.

**Íomhá:** Botháin slatiascaireachta inrochtana ag Loch Shepperton faoi bhainistíocht, Iarthar Chorcaí



## Páirtithe Leasmhara & Nuálaíocht

### Ceantar Abhantraí an Iarthair – Béal an Átha (WRBD-B)

Tugadh isteach díolachán ceadanna ar líne i mí na Bealtaine le haghaidh iascaigh Chluain Gaoith agus Bhéal Átha Bhearaigh, Dobharcheantar na Muaidhe, Co. Mhaigh Eo. Is féidir le slatiascairí ceadanna a cheannach ar líne anois gan cuairt a thabhairt ar dháileoir údaraithe. Tá próifíl an dá iascach ardaithe go mór ag cur chun cinn na saoráide trí ríomhairs slatiascaireachta sheachtainiúil ar líne de chuid IIÉ.

**Íomhá:** Keith Barry ag a bhfuil bradáin 10.5 punt gafa ar iascach na Muaidhe, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo



# 6

## Cuspóir Ardleibhéil 04: Inbhuanaitheacht

RÓL CEANNAIREACHTA A IMIRT MAIDIR  
LENÁR SPRIOCANNA I nGNÍOMHÚ AR SON  
NA hAERÁIDE AGUS BITHÉAGSÚLACHTA A  
BHAINN AMACH





6



## Cuspóir Ardleibhéil 04: Inbhuanaitheacht

### RÓL CEANNAIREACHTA A IMIRT MAIDIR LENÁR SPRIOCANNA I nGNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE AGUS BITHÉAGSÚLACHTA A BHAINTE AMACH

Mar cheann de phríomhghníomhaireachtaí comhshaoil na hÉireann, tá Iascach Intíre Éireann tiomanta d'eiseamláir a thabhairt i ngníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht ghinearálta agus tá sé tar éis bogadh chun cur chuige 'Gníomhú ar son na hAeráide agus Sainordú Carbóin' a sheachadadh de réir mar a éilíonn an Rialtas. Tá IIÉ ag leanúint ar aghaidh ag comhdhlúthú a Chóras Bainistíochta Comhshaoil (EMS) chun cabhrú leis an tionchar ar an gcomhshaoil a eascraíonn as gníomhaíochtaí agus saoráidí IIÉ a íoslaghdú. Tá tús maith curtha ag IIÉ

lena 'straitéis dícharbónaithe' de réir mar a éilíonn an Rialtas ach tá obair shuntasach le déanamh aige chun ár n-oibleagáidí a chomhlíonadh - spriocanna laghdaithe carbóin 2030 (sprioc chomhchoiteann chun choibhéis CO<sub>2</sub> (coibhéis dé-ocsaíde carbóin) a laghdú 51% agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50% faoi 2030 d'fhonn neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2050). Tá dualgas ar leith ar IIÉ ról ceannaireachta láidir uailmhianach a ghlacadh sa réimse seo i bhfianaise an chaidrimh dhosháraithe idir cliseadh aeráide agus géarchéim na bithéagsúlachta.

## Príomhfhorbairtí

### Breosla

In 2022, baineadh amach coigilteas carnach de 36,860 lítear breosla. Is ionann an coigilteas sin agus **laghdú 10% ar úsáid breosla iontaise in 2022** faoi bhun leibhéil 2021.



Thaistil ár bhflíit feithiclí leictreacha 336,872km san iomlán in 2022 (e.g os cionn 9 dturas fillte chun na hAstráile)

### Laghdú fuinnimh

**Coigilteas iomlán de 66,746kg CO<sub>2</sub> a rinneadh in 2022.** Is ionann a luach sin agus €11,731. Tá IIÉ tar éis dul i gcomhpháirtíocht le Energy Elephant chun córas cliste bainistíochta fuinnimh a ghlacadh, lena sainaithear bail dhubha fuinnimh cosúil le coirí, fuinneoga, agus droch-insliú. Mar thoradh air sin, tá feabhsuithe tógála tagtha ar an bhfoirgneamh le linn 2022.



### Aonaid Fótvoltacha Gréine (PV) IIÉ

Faoin 31 Nollaig, bhí thart ar **247,240 kWh ginte ag aonaid fhótvoltacha** gréine IIÉ go náisiúnta. Is ionann an figiúr sin agus thart ar **72,911 kg CO<sub>2</sub>e** (kg Coibhéise Dé-ocsaíde Carbóin) atá cothrom go garbh le baint charbóin bhliantúil 35 heicteár foraoiseachta ([www.epa.ie](http://www.epa.ie)) ó suiteáladh é.



### Gníomhaireachtaí Stáit


Leanadh leis an rochtain ar Léarscáiliú digiteach na slatiascaireachta ar iascaigh faoi úinéireacht an Stáit. Thug IIÉ cead athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid Choimisiún Talún na hÉireann chun an fhaisnéis ar ár mbunachar sonraí de chearta iascaireachta faoi úinéireacht an Stáit a fhorlíonadh agus a nuashonrú. **Léarscáilíodh os cionn 900 cuid aonair abhann nó locha go digiteach,** chun é a dhéanamh níos éasca do chumann slatiascaireachta agus do dhaoine aonair teorainneacha na n-iascach sin a shainaitheint.

In 2022, thug Iascach Intíre Éireann ceadúnas do 90 iascach faoi úinéireacht an Stáit do 51 chumann agus eagraíocht slatiascaireachta, rud a ghin ioncam dar luach €51,670.

# Spotsolas - Foireann Ghlas

Tá tionscnaimh bhainistíochta agus na Foirne Glaise fós dírithe ar fheabhsúcháin ar láimhseáil dramhaíola (e.g., tionscnamh athchúrsála líontán seanchaite, tionscnamh an gheilleagair chiorclaigh d'éadaí oibre) agus ar an laghdú ar an méid dramhaíola a ghintear ag dul i dtreise ar fud ILÉ. Tá gníomhaíochtaí spriocdhírthe maidir le caomhnú uisce, feabhsú bithéagsúlachta agus laghdú dramhaíola á bhforbairt ar fud na tíre ag maoine ILÉ trí líonra Fhoireann Ghlas ILÉ.

**Fíor:** Príomhéachtaí Fhoireann Ghlas ILÉ in 2022



## Cás-Staidéar - Tionscadal Taighde

### Clár Taighde um Maolú ar an Athrú Aeráide (CCMRP) agus Tionscadal Athléimneachta Aeráide Oifig na nOibreacha Poiblí (OPWCRP)

Tá an t-athrú aeráide sainaitheanta ag ILÉ mar cheann de na bagairtí is mó atá os comhair na timpeallachta uiscí agus na bpobal éisc níos leithne faoi láthair agus amach anseo. Cár measúnaithe fianaise-bhunaithe is ea An Clár Taighde um Maolú an Athraithe Aeráide (CCMRP) arb éard is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar thionchar an athraithe aeráide ar earnáil iascaigh na hÉireann i dtimpeallachtaí fionnuisce agus inbhir araon, agus le heolas a thabhairt agus cumas a thógáil don chaomhnú iascaigh.

Tá ILÉ, i gcomhair le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW), i bhfeighil ar chlár comhoibríoch



**Iomhá:** Baoi sonraí Loch Luíoch suiteáilte i mí Aibreáin 2022.

taighde um athléimneacht aeráide (OPWCRP) chun leochaileacht aeráide do bharcheantair ina bhfuil draenáil artaireach déanta a imscrúdú agus chun an cumas chun an athléimneacht aeráide a thógáil do chaomhnú iascaigh laistigh de na córais sin a mheas.



Bainfead úsáid sna cláir as arduirlisí léarscáilithe chun teocht an tsrutha agus athróga eile a shamhaltú, agus chun do bharcheantair atá i mbaol ó thionchar athraithe aeráide a shainiú, chun straitéisí cosanta agus maolaithe a mheasúnú agus chun oideachas a chur ar pháirtithe leasmhara.

Tionscnaíodh líonra monatóireachta do bharcheantair innéacs náisiúnta in 12 dhobharcheantar. Samhlaítear go nochtfaidh an líonra monatóireachta sin freagairt gach do bharcheantair innéacs don athrú aeráide agus go mbeidh sé mar bhonn eolais do mheasúnú ar scála náisiúnta ar leochaileacht aeráide gnáthóg éisc fionnuisce, lena n-áirítear córais atá gar dá staid nádúrtha agus atá draenáilte go hartaireach. Imscaradh 429 logálaí sonraí teochta, leibhéal an uisce agus ocsaigine tuaslagtha ar fud 12 dhobharcheantar (aibhneacha agus lochanna) go dtí seo.

Rinneadh measúnú leochaileachta speicis éisc don athrú aeráide trí cheistneoir bunaithe ar shaineolaithe agus trí mheasúnú bunaithe ar thréithe chun speicis shonracha a shannadh do chatagóirí leochaileachta. Cé nár rangaíodh aon speiceas mar speiceas a bhfuil leochaileacht íseal acu i leith an athraithe aeráide bunaithe ar phainéal saineolaithe. Soláthraíonn na torthaí rangú leochaileachta d'iasc fionnuisce na hÉireann agus tugann siad léargas ar na tosca a mhéadaíonn so-ghabhálacht i leith athruithe a spreagtar ón aeráid. Tá an t-eolas seo suntasach chun bonn eolais a chur faoi bheartas, lucht cinnteoireachta agus páirtithe leasmhara eile a bhíonn ag plé le hacmhainní éisc fionnuisce a bhainistiú.

**Fíor:** Nochtadh agus logaireacht don athrú aeráide i gcomparáid le hacmhainn oiriúnaitheach i gcás 30 speiceas éisc in Éirinn.

**Fíor:** Suíomh líonra náisiúnta monatóireachta teochta ILÉ. Cuirtear béim ar dhobharcheantair CCMRP ILÉ agus ar dhobharcheantair OPWCRP.



## Féach air sin

Suiteáladh stáisiún aimsire uathoibríoch ag bunáit lascach Infíre Éireann ar Loch Síleann chun cur le monatóireacht leanúnach abhann agus locha i gceantar Loch Síleann. Tá sonraí an stáisiúin aimsire ar fáil trí fheidhmchlár saor in aisce ([www.weatherlink.com](http://www.weatherlink.com))

## Cás-Staidéar – Oideachas & For-rochtain

Reáchtáladh roinnt imeachtaí Oideachais & For-rochtana in 2022, rud a chinntigh gur lean an beart Go Fishing ar aghaidh níos faide ná Maoiniú na gCuntas Díomhaoin (DAF). Is éard a bhí i gceist leis na himeachtaí sin oibriú leis na Comhpháirtíochtaí Spóirt áitiúla chun teagmháil a dhéanamh leis na grúpaí ábhartha. Chuir IIÉ saineolas ar fáil i bpleanáil imeachtaí agus i gcóitseáil araon, as ar eascair turais rathúla le Comhpháirtíochtaí Spóirt Shligigh, an Chabháin, na Gaillimhe agus Mhaigh Eo.

**Fíor:** Póstaer de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt an Chabháin

**Bhí seisiún** Bain triail as an iascaireacht ar siúl le Foróige i Luimneach agus imeacht dhá sheisiún le hAcmhainní Pobail an Longfoirt clg (LCRL). Coinnítear teagmháil rialta le **faighteoirí deontais Slatiascaireacht do Chách** chun comhairle agus cúnaimh a chur ar fáil d'aon imeacht atá á reáchtáil freisin.

**Fíor:** Póstaer Bain triail as an iascaireacht le Comhpháirtíocht Spóirt & Áineasa Shligigh



**Reáchtáladh an tseachtain ionchuimsitheach taobh amuigh Go all out** ón 18 – 24 Iúil agus ghlac IIÉ páirt in dhá imeacht le Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe agus ceann le comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin.

Bhí **an tSeachtain Her Outdoors** ar siúl an 10 Lúnasa agus ghlac IIÉ páirt in imeacht ban Bain triail as an iascaireacht le Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin agus Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo chun **Seachtain Spóirt na hEorpa** a cheiliúradh. Tá sé beartaithe níos mó teagmhála a dhéanamh le hiascairí áitiúla do na himeachtaí sin in 2023 chun ionchur acmhainní ó IIÉ a laghdú.

**Fíor:** Póstaer iascaireachta ban le Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo



D'fhreastail an fhoireann ar an ócáid 'Co-operating to Succeed' i gCathair na Mart, a bhí bunaithe ar an inbhuanaitheacht chomhshaoil. Chuir an t-imeacht, a léirigh fiontair áitiúla rathúla, deis úsáideach líonraithe agus foghlama ar fáil.



## Cás-Staidéar - Tacú le Turasóireacht Slatiascaireachta agus Slatiascaireacht Inbhuanaithe

Tacaíonn foireann Comhairleoirí Slatiascaireachta IIÉ le tionscal slatiascaireachta atá inmharthana, rathúil agus inbhuanaithe in Éirinn; ar fiú beagnach €1 bhilliún don gheilleagar é. Tá an Ghabháil agus Scaoileadh (G&S) ina ghné mhéadaitheach de thurasóireacht slatiascaireachta na hÉireann, agus an t-iascach liúis agus garbh gar do 100% G&S, cleachtann 51% de shlatiascairí bradáin G&S anois, agus scaoileann go leor slatiascairí farraige agus bric a gcuid iasc go léir freisin. Feictear G&S go mór le teachtaireachtaí na ngné-ábhar slatiascaireachta go léir, agus cuirtear an tslatiascaireacht inbhuanaithe chun cinn go comhsheasmhach tríd síos.

We all have a responsibility to fish sustainably, to ensure our fisheries can be enjoyed by future generations. Please practice Catch & Release for the majority of the fish you catch. Make sure to 'Check, Clean & Dry' your equipment when moving between fisheries to help stop the spread of invasive species. For more information see: <https://www.fisheriesireland.ie/what-we-do/research/research-theme-biosecurity>

Cuirtear iompar comhshaoil freagrach a chaomhaíonn gnáthóga chun cinn go mór freisin, agus tá prionsabail Gan Lorg a Fhágáil feiceálach inár gcuid teachtaireachtaí.


Ní bhaineann an inbhuanaitheacht le hastuithe a laghdú amháin; baineann sé freisin le freastal ar riachtanais na linne seo (m.sh. fostaíocht a choinneáil i gceantair thuaithe) gan cur isteach ar chumas na nglún atá le teacht a gcuid riachtanas féin a chomhlíonadh.

Cuideoidh cur chun cinn na turasóireachta slatiascaireachta a fheidhmíonn ar bhealach inbhuanaithe le riachtanais an lae inniu agus cinnteofar ag an am céanna go bhfanfaidh stoic éisc agus gnáthóga slán ar mhaithe leis na glúine atá le teacht.

### Yellow Dog Fly Fishing Adventures

Tar éis cuairt rathúil a thabhairt ar na meáin ar Éirinn, chuir Jim Klug, POF Yellow Dog Fly Fishing Adventures, Éire go hoifigiúil lena bpunann cinn scríbe slatiascaireachta agus tá turasóireacht slatiascaireachta inbhuanaithe na hÉireann curtha chun cinn aige trína shraith podchraoltaí taistil iascaireachta eitilte 'Waypoints'.

**Íomhá:** Leathanach Yellow Dog Fly Fishing Ireland



# 7

Cuspóir  
Ardleibhéil 05:  
Ár bhFoireann





## Cuspóir Ardleibhéil 05: Ár bhFoireann

Le linn 2022, lean IIÉ ar aghaidh ag comhoibriú leis na ceardchumainn agus chuir siad béim leanúnach ar an bhfolláine chorparáideach trí go leor gníomhaíochtaí agus bearta folláine na foirne a chur i bhfeidhm, ar seachadadh go leor díobh ar líne (m.sh. comórtais, ranganna teagaisc ar bhia sláintiúil, agus tuilleadh nach iad). D'éirigh lascach Intíre Éireann freisin ina iarratas freisin don chlár IBEC KeepWell Mark. Is éard a bhí i gceist leis sin ná oibriú trí raon leathan príomhréimsí mar cheannaireacht, meabhairshláinte, bainistíocht asláithreachta, gníomhaíocht choirp agus itheachán sláintiúil faoi threoir na saineolaithe i réimse na folláine corparáidí.

### Éagsúlacht, cuimsiú agus comhionannas in IIÉ

Aithníonn IIÉ an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht, cuimsiú agus comhionannas (ED&I) sa láthair oibre. Mar chuid de thiomantas na n-eagraíochtaí straitéisí saindirithe a chur i bhfeidhm chun tacú le tionscnaimh agus dea-chleachtas ED&I, d'fhaomh an fhoireann bainistíochta shinsearach ceapachán Oifigeach ED&I atá lonnaithe laistigh den Fhoireann Acmhainní Daonna.




## Príomhfhorbairtí


### Staitisticí Earcaíochta 2022



Fíor: Staitisticí earcaíochta do 2022



Fíor: Réimsí earcaíochta laistigh de IIÉ i rith na bliana




Baineadh úsáid rathúil as na Meáin Shóisialta chun feachtas séasúrach na n-oifigeach iascaigh a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as ábhar físe tarraingteach.

## Foghlaim agus Forbairt 2022

### Príomhéachtaí Foghlama agus Forbartha 2022

\*Caitear beagán os cionn 70% de na costais oiliúna iomlána ar oiliúint rialála amhail sábháilteacht uisce, creidiúnú oiliúna bád agus farraige, garchabhair, cúrsaí rialachais & comhlíontachta srl. (ní liosta uileghabhálach é seo). Sanntar na costais oiliúna eile d'oiliúint theicniúil nó bainistíochta/forbartha ceannaireachta agus do chúrsaí breisoideachais aonair.



## Spotsolas - Bronnadh KeepWell Mark 2021

Is creidiúnú fianaise-bhunaithe é KeepWell Mark de chuid IBEC a léiríonn tiomantas IIÉ do shláinte agus folláine ár lucht saothair. Bronnadh an Marc KeepWell ar IIÉ go luath in 2022 tar éis dian-iniúchadh a dhéanamh ar ár mbeartais, ár gcleachtais agus ár bpróisis sna réimsí sonracha Ceannaireachta, Bainistíochta Neamhláithreachta, Sláinte & Sábháilteachta, Meabhairshláinte, Saor ó Thobac, Gníomhaíocht Choirp, Bia Sláintiúil agus Meisceoirí. Tá an Bord, an Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach agus Meitheal Folláine IIÉ (comhdhéanta d'oibríthe deonacha foirne) tiomanta do straitéis agus do ghníomhaíocht fhadtéarmach i spás folláine dár bhfoireann.

### Cás-Staidéar - Earcaíocht Shéasúrach 2022



Reáchtáil IIÉ feachtas earcaíochta séasúrach an-rathúil in 2022 inar fostaíodh 44 Oifigeach Iascaigh Séasúrach chun cur lenár bhfoirne cosanta agus forbartha oibríochtúla ar fud na tíre. Chuir IIÉ fáilte freisin roimh 16 Chúntóir Taighde Shéasúra a chuaigh isteach inár bhFoirne Taighde gairmiúla i dtionscadail éagsúla agus in obair allamuigh le linn shéasúr an tsamhraidh. Phróiseáil an Fhoireann Acmhainní Daonna beagán os cionn 1,000 iarratasóir agus chuir siad agallamh ar bhreis agus 200 duine ar fud na tíre. Reáchtáil an Fhoireann Foghlama agus Forbartha coláiste oiliúna coicise d'oifigigh nua i mí na Bealtaine 2022, agus ina dhiaidh sin chuir ár gchórt séasúrach nua tús lena gconarthaí sé mhí ar fud na tíre.

**Íomhá:** Príomhfheidhmeannach, Francis O'Donnell le hearcaigh shéasúra ag freastal ar Choláiste Oiliúna na nOifigeach Iascaigh Séasúrach, an Muileann gCearr.



# 8

Cuspóir  
Ardleibhéil 06:  
Bainistíocht  
Chorparáideach





## Cuspóir Ardleibhéil 06: Bainistíocht Chorparáideach

Soláthraíonn Seirbhísí Corparáideacha Iascach Intíre Éireann na seirbhísí bainistíochta corparáidí, acmhainní daonna (AD) agus bainistíochta airgeadais, lóistíochta agus TF go léir a chuireann ar chumas na heagraíochta oibriú go rianúil agus ár misean a chomhlíonadh chun acmhainn iascaigh na hÉireann a chosaint agus a chaomhnú ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil. Clúdaíonn na seirbhísí sin freisin freagracht as Sláinte agus Sábháilteacht, Bainistíocht Saoráidí agus Rialachas Sonraí.

### Príomhfhorbairtí

#### Seirbhísí Flít

- Leanann Iascach Intíre Éireann ar aghaidh ag aistriú a fhlíth feithiclí ó dhíosal go feithiclí leictreacha. Is é **45 líon iomlán** na bhfeithiclí leictreacha sa fhlíth anois, agus tá pleananna faofa chun leanúint ar aghaidh ag infheistiú i bhfeithiclí leictreacha chun spriocanna laghdaithe carbóin an Phlean Gíomhaíochta Aeráide 2030 a bhaint amach.
- Comhtháthú feabhsaithe bogearraí seiceálacha/tuairiscithe tiománaithe agus **teileamaitice** leis an gcóras cothabhála flít.



- Cuireadh **modúl stíle tiománaí leis an bhfeidhmchlár** a úsáideann baill foirne a úsáideann feithiclí oibre le linn a gcuid dualgas. Tugann an modúl aiseolas do thiománaithe aonair lena n-áirítear coscánú crua, luasghéarú crua, casadh crua coirnéil, agus róluas. Is é an toradh a bhíonn air sin scór foriomlán an tiománaí. Úsáidtear an t-aiseolas chun tionchar a imirt ar iompar an tiománaí. Tá sé mar aidhm aige feidhmíocht atá tíosach ar shábháilteacht agus ar bhreosla a fheabhsú.
- Cuireadh athbhreithniú iomlán **ar nósanna imeachta sábháilteachta agus oibriúcháin bád righin inséidte deilte** i gcrích i Ráithe 1 2022 agus eisíodh lámhleabhair agus seicliostaí nuashonraithe don Fhoireann Réigiúnach.
- Bronnadh tairiscint chun modúil

láimhseála bád agus oiliúna **sábháilteachta mara a sholáthar**. Seachadadh an chuid is mó den oiliúint i míonna na Bealtaine, an Mheithimh & Iúil agus áiríodh léi bád ardchumhachta, iompú béal faoi bád righin inséidte agus tarrtháil phearsanta, agus loingseoireacht chósta.

- Córas nua **tuairiscithe bainistíochta H&S** ar líne a chur i bhfeidhm do Chigirí agus do Stiúrthóirí Ceantair Abhantraí. Baineann défheidhmiúlacht leis an gcóras: ar an gcéad dul síos, trí chead a thabhairt don fhoireann timpistí ag an obair a thuairisciú go tráthúil agus fógra a thabhairt go huathoibríoch do bhainistíocht líne agus ar an dara dul síos trí chead a thabhairt do bhaill foirne ghuaiseacha a thuairisciú ionas gur féidir iad a rialú agus timpistí a tharlaíonn a chosc.

### Airgeadas

Ag teacht lenár gcuspóir ardleibhéil um Bainistíocht Chorparáideach, féachaimid le cultúr luach ar airgead agus inbhuanaitheachta a chothú agus ár bhfeidhmíocht á meas againn ar bhealach intomhaiste, trédhearcach agus cuntasach, i gcomhréir leis an [gCód Caiteachais Poiblí](#).


### Luach ar airgead agus inbhuanaitheacht

Chomhaontaigh an Bord buiséad foriomlán IIÉ, agus rinne an Bord, an Fhoireann Shinsearach Cheannaireachta agus sealbhóirí buiséid monatóireacht ar chuntais bhainistíochta bunaithe ar an mbuiséad sin ar bhonn míosúil. Chuir an Stiúrthóir Airgeadais saoráid nua deaise in oiriúint in 2022 chun go bhféadfaidh sealbhóirí buiséid anailís níos fearr a dhéanamh ar chuntais mhíosúla.

Déantar measúnuithe caipitil agus éifeachtúlacht chaipitil ar mhíreanna caipitil roimh cheannach agus ina dhiaidh.

### Dea-chleachtas um rialachas corparáideach agus cúrsaí comhshaoil

- Rinne ár máthair-roinn athbhreithniú ar chloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus suíodh go raibh sé comhlíontach.



## Soláthar

### Feidhm soláthair, éachtaí 2022

Ba é aidhm 2022 buntáiste iomaíoch IIÉ a fheabhsú, agáí timthrialla soláthair a laghdú, dílseacht soláthróirí a mhéadú, deireadh a chur le rátaí lochta agus caiteachas bradach a íoslaghdú.



**Teimpléid Soláthair Foirne**

- Teimpléid Tairisceana lena n-áirítear Doiciméid Freagartha
- Teimpléid Mheastóireachta - Tairiscintí & Sleachta
- Litreacha Toraidh Caighdeánaithe
- Conarthaí Caighdeánaithe



**Beartas Soláthair**

Beartas nua 40+ leathanach forbartha - treoraíocht chuimsitheach agus doiciméad tagartha rialachais chorparáidigh do gach ball foirne



**Oiliúint Soláthair**

56 ball foirne curtha faoi oiliúint in 2021/2022 ag Comhairleoir Seachtrach



**Tairiscint**

- Os cionn 40 tairiscint do 2022 – Luach €5.5M
- Aighneachtaí leictreonacha amháin (Gan cóipeanna crua)
- Tuarascáil Tairisceana curtha i gcrích le haghaidh gach tairisceana
- Foireann iomlán de dhoiciméid Tairisceana a choinnítear go lárnach



**Creataí**

- 10 gCreat na hOifige Rialtais um Sholáthar á n-úsáid i gcomhréir le teoracha náisiúnta
- 11 Chreat a bhaineann go sonrach le IIÉ atá i bhfeidhm anois
- Cláráithe le SupplyGOV – cláraíodh creataí náisiúnta a bhaineann le hoibreacha agus obair speiceas ionrach i bhforuisce in 2022 ar SupplyGOV



**Clár na gConarthaí**

Clár na gConarthaí i bhfeidhm anois ina sonraítear gach conradh, soláthróir, dáta tosaithe agus críochnaithe, luachanna, síntí lena n-áirítear foláirimh éagtha, de chuid IIÉ

- Critéir Ghlasa á gcur i bhfeidhm ar gach próiseas tairisceana, i gcás inar féidir agus de réir mar is ábhartha
- Comhairle, treoraíocht agus tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann ar gach leibhéal

## Cumarsáid Chorparáideach

### Príomhéachtaí in 2022



**€4.8m**  
i gCoibhéis Luacha Fógraíochta (CLF) bainte amach trí chlúdach tuillte sna meáin



**173**  
phreaseisiúint náisiúnta agus áitiúla eisithe, ailínithe le Cuspóirí Ardleibhéil an Phlean Chorparáidigh



**157**  
n-iarratas ó na meáin a bainistíodh



**Clúdach teilifíse náisiúnta** ardphróifíle ina gcuirtear chun cinn feachtas faoi shaothar lascach Intíre Éireann






**fás i bhfigiúirí lucht féachana** ar fud gach ardán sna meáin shóisialta & tabhairt isteach chuntas Instagram



**ábhair bholscaireachta a tháirgeadh agus a chur i bhfeidhm** le haghaidh roinnt feachtas ardtosaíochta

### Príomhéachtaí 2022 bainte amach ag an bPreasoifig/Caidreamh leis na Meáin

-  **Eisíodh 173 preaseisiúint náisiúnta agus áitiúil thar ceann lascach Intíre Éireann**, agus na teachtaireachtaí iontu ar aon dul leis an bPlean Chorparáideach 2021-2025
-  Bainistíodh thart ar **157 n-iarratas ó bhaill na meán cumarsáide** (ar nós iarratais ar agallaimh, grianghrafadóireacht agus tuilleadh faisnéise)
-  De réir tuarascála ó Onclusive, b'ionann luach an **AVE (Coibhéis Luacha Fógraíochta)** de chlúdach na meán a rinne tagairt do lascach Intíre Éireann sa mhargadh baile in 2022 **agus €4,829,902, le luach féachana 211,642,030 bainte amach sna meáin uile.**



#### Bhí an clúdach sin comhdhéanta de:

- 520 gearrthóg meán clóite (ar fud na nuachtán áitiúil/náisiúnta)
- 601 ghearrthóg meán ar líne (thar láithreáin ghréasáin atá bunaithe in Éirinn)
- 463 ghearrthóg meán craolacháin (ar fud TV agus raidió áitiúil/náisiúnta)



#### Cuireadh roinnt feachtas comhtháite tras-chainéil i bhfeidhm in 2022, lena n-áirítear:

- Feachtas Earcáiochta Oifigigh Shéasúracha Iascaigh
- Tionscadal feabhsúcháin ar bhealach éisc Átha an Choite
- 'Baol ard' maruithé éisc de réir mar a mheastar go n-ardóidh teocht an uisce
- Comórtas Filíochta *Something Fishy*
- An Plean Bainistíochta do Lochanna Móra an Iarthair

Mar shampla, an feachtas caidrimh phoiblí i samhradh na bliana 2022 maidir le 'Baol ard' na maruithé éisc mar go bhfuil coinne leis go n-ardóidh teocht an uisce; bhí mí Lúnasa mar an mhí is mó dá bharr le haghaidh clúdach ar fud gach foirm meán - clóite, craoladh agus ar líne. San iomlán, thug an mhí 19% den mhéid iomlán, 21% den sprioclucht iomlán, agus 22% den luach iomlán.

### Gnóthachtálacha phróifíl IÉ 2022 a ardú

Bíonn sé mar phríomhchuspóir ag an bhfoireann Chumarsáide i gcónaí feachtas agus aithne a mhéadú ar lascach Intíre Éireann, agus ar ár ról tábhachtach mar ghníomhaireacht Stáit.

Le linn 2022, fuair lascach Intíre Éireann clúdach teilifíse náisiúnta ardphróifíle lena n-áirítear:

- Bhí mír sa chlár 'Ear to the Ground' de chuid RTÉ faoin gcaoi a ndéanann lascach Intíre Éireann patróil
- Clár RTÉ Primetime maidir le feirmeacha bradán
- Clár RTÉ Nationwide ar iascach na Gaillimhe
- Nuacht RTÉ Six One faoi rabhaidh maidir le tonn teasa ar Loch Luíoch
- Sraithchlár TG4 faoin Abhainn Mhór

### Na meáin shóisialta, éachtaí 2022

Tháinig méadú ar líon na leantóirí/síntiúsóirí ar fud na gceithre bhealach meán sóisialta de chuid lascach Intíre Éireann in 2022.



Chuir lascach Intíre Éireann ardán meán sóisialta eile lenár n-acmhainn - **Instagram**. Chuamar beo ar Instagram an 22 Iúil 2022 agus bhí comhaireamh leantóirí de 340 ag an ardán ag deireadh 2022.



Bhí **20,343 leantóir** ag leathanach Facebook lascach Intíre Éireann ag deireadh 2022, méadú 2.5% maille le 502 leantóir nua i gcomparáid le 2021. Bhí sprioclucht iomlán de 518,889 ag an leathanach i rith na bliana.



Mhéadaigh lascach Intíre Éireann a **leantóirí ar Twitter go 5,218** (ardú 7% ó 2021) agus bhí **taispeáintí míosúla tvuíteanna ag 50,500** (Bealtaine 2022).



Bhí **3,413 leantóir** ag leathanach LinkedIn lascach Intíre Éireann ag deireadh 2022, (méadú 29% le 769 leantóir nua ó 2021). B'ionann líon iomlán na **dtaispeáintí in 2022 agus 152,241**.



Shroich lascach Intíre Éireann garspríoce de **níos mó ná 1 mhíl síntiúsóir** anuraidh - agus 1,040 síntiúsóir acu faoi dheireadh 2022 (méadú 23.7% ó 2021). Rinneadh 38,200 amharc ar fhíseáin ar an gcainéal in 2022, agus breathnaíodh ar 2,697.1 uair an chloig d'ábhar. Ba é Clár Faisnéise lascach na Gaillimhe an físeán ba mhó ar breathnaíodh air le linn na tréimhse sin le 6,431 amharc san iomlán agus 10:38 nóiméad ar an meán-aga féachana. Ba é an físeán an ceann ba mhó amharc an bhliain roimhe sin in 2021 agus tá 16,060 amharc faighte aige ó foilsíodh é.

## Faisnéis agus Trédhearcacht

Cosúil le go leor eagraíochtaí eile san earnáil poiblí bíonn oibleagáidí trédhearcachta ar lascach Intíre Éireann faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol 2007-2018 (I.R. Uimh. 133 de 2007, I.R. Uimh. 662 de 2011, I.R. Uimh. 615 de 2014 agus I.R. Uimh. 309 de 2018).

Fíor: Iarratais ar Fhaisnéis

### Iarratais saorála faisnéise

Arna dtabhairt anonn go dtí 2023  
Tarraingthe Star/Próiseáilte taobh amuigh den phróiseas saorála faisnéise



### Iarratais AIE


Arna dtabhairt anonn go dtí 2023  
Tarraingthe Star/Próiseáilte taobh amuigh den phróiseas saorála faisnéise



### Iarratais ar Rochtain ag Duine is Ábhar Sonraí (Airteagal 15 den RGCS)



### Cineálacha Iarratas ar Shaoráil Faisnéise



## Ceisteanna Parlaiminte agus fiosruithe Oireachtais

- Mar chuid dár dtiomantas do shreabhadh faisnéise na Dála, sholáthraíomar ábhar do 39 gceist pharlaiminteacha (PQanna) a d'fhreagair an tAire in 2022.

## Gearáin

- Fuair lascach Intíre Éireann 12 ghearán fhoirmiúla don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022. Bhain siad sin le seirbhís do chustaiméirí, beartas Gaeilge IIÉ, bainistiú stoic, patróil oibríocháin, fíneálacha a íoc, idirghníomhaíochtaí le IIÉ agus postálacha ar na meáin shóisialta.
- Cuireadh ceithre ghearán ar aghaidh chuig Oifig an Ombudsman in 2022

## Feasacht Foirne

- Reáchtáladh 13 cheardlann ar bheartas agus nós imeachta IIÉ maidir le Cumhdach Leanaí agus chríochnaigh 161 bhall foirne riachtanach na ceardlanna.
- Rinneadh modúil ríomhfhoghlama ar sceithireacht (ráta críochnaithe 99%), coinbhleachtaí leasa a bhainistiú (ráta críochnaithe 92%) agus Sonraí a Chosaint i nDomhan Hibrideach (ráta críochnaithe 97%) a cuireadh ar an bhfoireann go léir faoi Ráithe 4 de 2022.

## Cosaint Sonraí

- Cuireadh modúil ríomhfhoghlama maidir le Sonraí a Chosaint i nDomhan Hibrideach (97% den fhoireann i gcrích) ar fáil don fhoireann go léir faoi Ráithe 4 de 2022.
- I measc na dtionscadal a ndearnadh MTCsanna (Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí) ina leith in 2022 bhí dróin oibríocháin agus Ceamaraí Colainne.
- Choinnigh IIÉ air le rolladh amach na hoiliúna um chosaint sonraí ar líne d'ionduchtaithe i rith 2022 lenar áiríodh na trí mhodúl foghlama a leanas: Oiliúint Feasachta RGCS, Faisnéis san Ionad Oibre agus Oiliúint Feasachta ar Shlándaíl Faisnéise.

## Sceithireacht

Tuarascáil bhliantúil ar Nochtuithe Cosanta faighte ag lascach Intíre Éireann – 2022



## TFC

## Bradán

Comhairliúchán poiblí a rinneadh in 2022. Bainisteoir Tionscadail agus Anailís Ghnó earcaithe agus anailís riachtanas le déanamh go luath in 2023.

# Spotsolas – Athbhreithniú Feidhmíochta agus Forbartha 2022

In 2019, cruthaíodh foireann deartha Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) de 14 bhall foirne dheonacha agus é mar chuspóir aige córas nua bainistíochta feidhmíochta a sholáthar do IIÉ. Is é príomhfhócas an Athbhreithnithe Forbartha Feidhmíochta (PDR) nua seo ná a chinntiú go leanann comhráite idir an bainisteoir líne agus an fhoireann ar siúl ar bhonn tráthrialta i rith na bliana. Ba í 2022 an chéad bhliain iomlán den chóras nua PDR. Tá sé níos éasca an fhoirm a chomhlánú agus bearnaí oiliúna foirne a shainaitheint.

**Fíor:** Uainiú PDR síos tríd an mbliain

1

**Aontú ar ionchais**

15 Márta - 15 Aibreán

Aontú ar ionchais agus cabhrú le daoine aonair díriú ar roinnt spriocanna aonair agus dúshlánacha. Inniúlachtaí agus foghlaim a phlé.

2

**Cóitseáil & aiseolas**

An Bhliain Ar Fad

Treoir a thabhairt d'fhostaithe chun feidhmíocht níos fearr agus bealaí oibre níos fearr a bhaint amach.

3

**Lár na Bliana & Spriocanna Foghlama**

15 Lúnasa - 15 Meán Fómhair

Athbhreithniú ar dhul chun cinn spriocanna go dtí seo. Spriocanna foghlama a shainaitheint do PDR na bliana seo chugainn. Cinntigh go roghnaítear inniúlachtaí agus go ndéantar obair leantach orthu.

4

**Meastóireacht & Athbhreithniú**

1 Eanáir - 15 Márta

Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus iompraíocht na bhfostaithe le bliain anuas.

## Cás-Staidéar - Scéim na Gaeilge

Le linn 2022, bhí a **scéim** Gaeilge á forbairt ag IIÉ. Bhí ceardlann Tob-ghaeltachta ar siúl le fócasghrúpa. Ina theannta sin, tá comhairliúchán poiblí déanta freisin. Bhí seisiún faisnéise a d'éascaigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Coimisinéir Teanga i láthair i mí Iúil. I míonna Lúnasa agus Mheán Fómhair cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin ar na rialacháin nua maidir le fógraíocht agus seisiúin faisnéise ón Oifig um Sholáthar Rialtais agus ón gCoimisinéir Teanga araon. D'oibrigh grúpa oibre inmheánach ar chóras nua a chruthú laistigh de IIÉ le haghaidh seirbhísí aistriúcháin agus fógraíochta. Rinne an Bord Scéim Teanga na heagraíochta a chur i gcrích agus a fhaomhadh i mí na Nollag 2022.



# 9

## Cuspóir Ardleibhéil 07: An Nuáil

LEAS A BHAINT AS CUMHACHT NA  
NUÁLAÍOCHTA CHUN LEANÚINT DE  
SHEIRBHÍS IASCAIGH NUA-AIMSEARThA  
A SHOLÁThAR



## 9



## Cuspóir Ardleibhéil 07: An Nuáil

### LEAS A BHAINT AS CUMHACHT NA NUÁLAÍOCHTA CHUN LEANÚINT DE SHEIRBHÍS IASCAIGH NUA- AIMSEARHTHA A SHOLÁTHAR

Bunaíodh Meitheal Nuálaíochta i rith 2022 chun tacú le nuálaíocht laistigh den eagraíocht agus í a chur chun cinn. Bhí sé comhdhéanta de bhaill foirne ó mheascán de rannáin agus disciplíní.

Cruthaíodh "Banc Smaointe" chun moltaí nuálacha a fháil ón bhfoireann agus tar éis vóta a chaitheamh ag an meitheal, aithníodh na tionscadail is mó éilimh chun cáiliú do Chiste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí (PSIF). Níor chomhlíon gach togra na critéir mhaoinithe, measadh go raibh fiúntas suntasach ag baint le cuid acu ar bhonn a n-ailínithe le cuspóirí IIÉ.

### Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí (PSIF)

Leagtar amach sa tionscadal buacach roghnaithe forbairt Ghaeltachta IIÉ le tacaíocht ó thimpeallacht fhíorúil (ag baint úsáide as uirlisí ar nós Yammer agus uirlisí eile ar líne - uirlisí foghlama, idirghníomhaíochta agus comhrá). Roghnaigh an painéal an tionscadal seo le dul ar aghaidh mar is fearr a chomhlíonann sé na critéir atá leagtha amach sa PSIF. Ag cuimhneamh go háirithe ar na Rialacháin nua Ghaeilge a chuireann riachtanais shuntasacha Ghaeilge ar an bhfoireann agus ar IIÉ agus go mbeidh ar gach eagraíocht san earnáil phoiblí an dúshlán a chomhlíonadh, tá an tionscadal seo inaistrithe, agus cuirfidh sé luach mór leis d'úsáideoirí poiblí IIÉ.

### GEALLTA CLISTE

Is tionscadal é seo a mheastar a bheith ar an tionscadal is fearr ach a thagann lasmuigh de chatagóirí an PSIF ach a mheastar a bheith ábhartha do IIÉ agus a ailíniú lena luachanna, fíis agus misean.

Cuireadh 9 dtionscadal isteach faoi GHEALLTA CLISTE, agus rinne foireann IIÉ vótáil ina leith, agus tionscadal dar teideal 'Bunachar sonraí lárnach aonair inmheánach IIÉ a cheapadh de na sonraí uile a bhaineann le héisc ón rannóg taighde/na CAInna áitiúla srl. Ba cheart go n-áireofaí leis sin sonraí geothagartha ó fhaireachán éisc CAI, sonraí Leictriascaireacht ó fud Dobharcheantair 5 nóiméad (CWEF) agus sonraí leictriascaireachta (e/f) a fhaightear ó údaruithe Alt 14. D'fhéadfadh sonraí faoi mharú éisc, suirbhéanna ar ghnáthóga, bacainní, sonraí dearga srl. a áireamh leis.

## An Straitéis Nuálaíochta


Tá an Straitéis Nuálaíochta ailínithe go dlúth leis an bplean corparáideach chun lúfaireacht eagraíochta a chur chun cinn, éifeachtúlacht, cumarsáid agus soláthar seirbhíse poiblí a fheabhsú chun gnáthóga éisc a fhorbairt, a fheabhsú agus a chosaint go hinbhuanaithe. D'fhorbairt agus dhréachtaigh an Meitheal Nuálaíochta an Straitéis Nuálaíochta, agus thug an Bord faomhadh dó i mí na Nollag 2022.

### Cás-Staidéar ina léirítear dearcadh nuálach agus seachadadh seirbhísí lascach Intíre Éireann.

In 2022, chuaigh IIÉ i gcomhpháirtíocht le Energy Elephant, cuideachta a d'fhorbair ardán cliste bainistíochta fuinnimh do IIÉ. Trí roinnt mhaithe sonraí stairiúla maidir le húsáid fuinnimh a bhailiú, forbraíodh bonnlíne lenar féidir le IIÉ dul chun cinn a thomhas. Le tacaíocht ó laistigh de IIÉ agus deontas €36,400 ó Chiste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí (PSIF) a chuir le costais crua-earraí, bogearraí agus chothabhála an ardáin nua,

tá deais bheo ag IIÉ anois a léiríonn úsáid fuinnimh fíor-ama agus ar na suíomhanna/láithreacha.

Rinne an t-ardán láithreach ár gceantair ar bheagán fuinnimh ar nós láithreacháin ina bhfuil coirí seanda, fuinneoga aonghlóinthe srl. Leis na sonraí sin cuireadh cásanna gnó ar aghaidh le haghaidh na huasghráduithe is gá ag na láithreacháin aitheanta, leis an Deais bheo a léiríonn feabhsuithe i bhfíor-ama tar éis uasghrádú a bheith curtha i gcrích. Mar shampla, léirigh maoin amháin tar éis feabhsuithe coigilte fuinnimh úsáid fuinnimh 60% níos ísle ná mar a taifeadadh roimhe. Is mór an cúiteamh é toisc go bhfuil IIÉ ag gearradh síos ar úsáid fuinnimh, lorg carbóin agus costais.



**Fíor:** Úsáid Laethúil do Phointe Méadraithe Iarthar na Cathrach ag baint úsáide as Energy Elephant Live Dashboard

**Léargas:** Taispeántar sa ghráf seo ón deais Energy Elephant an úsáid laethúil i bhfíor-ama in úsáid kWh, ag clúdach am an lae (8m-4in), buaicthréimhse (4in-7in) agus am tráthnóna (7in-11in). Tugann na sonraí sin léargas do bhainisteoirí foirgneamh ar an áit ar féidir úsáid fuinnimh a laghdú.



# Gluais



Iascach Intíre Éireann  
Inland Fisheries Ireland

## Gluais

Téarma	Tuairisc
MC	Measúnú Cuí
Fuaim-Theiliméadracht	Clibeáil éisc le feistí astaithe fuaime a bhraitheann stáisiún éisteachta
Blás algach	An rófhás d'algáí micreascópacha nó baictéir cosúil le halgaí i bhfionnuisce, sáilí nó in uisce goirt
CIR	An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
G&S	'Gabh agus Scaoil'
Eolaíocht Saoránaigh	Baillú sonraí i ndáil leis an domhan nádúrtha ag daoine den phobal, go hiondúil mar chuid de thionscadal comhoibríoch le heolaithe gairmiúla
Garbhiascaireacht	Aon iasc fíoruisce seachas an bradán agus an breac.
DAF	Ciste na gCuntas Díomhaoin
RCAC	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
DPIA	Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí
OCS	Oifigeach Cosanta Sonraí
Ealásmabrainciaigh	Grúpa iasc mara a bhfuil cnámharlaigh loingeáin acu, m.sh. siorcanna, roic agus sciataí
Leictriascaireacht	Teicníc iascaireachta a úsáideann leictreachas díreach chun dul i bhfeidhm ar ghluaiseachtaí iasc in aice láimhe ionas go snámhfaidh siad i dtreo an tsrutha, áit ar féidir iad a ghabháil; úsáideann eolaithe an teicníc sin go coitianta chun suirbhéireacht a dhéanamh ar aibhneacha agus measúnú a dhéanamh ar na héisc atá i láthair
CAO	Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt
FL	Feithicil leictreach
Dobharshaothrú iasc eite	Feirmeoireacht éisc le heití (feirmeoireacht éisc)
Fionnóg	Breac geal a aistríonn chun farraige idir míonna Aibreáin agus an Mheithimh, agus a fhilleann ar an bhfionnuisce chun sceitheadh tar éis imirce an tsamhraidh
Stoic éisc	Na hacmhainní beo i bpobal nó i líon speiceas éisc ar leith atá féinchothaithe.

<b>Lochanna Móra an Iarthair</b>	Is iad na seacht locht laistigh den ghrúpa 'lochanna thiar': Loch Coirib, Loch Measca, Loch Ceara, Loch Cuilinn, Loch Con, Loch Síleann agus Loch Arbhach
<b>Bláthán</b>	Bradán atá fillte ar an bhfíoruisce tar éis geimhreadh amháin ar muir
<b>Fuaimíocht uisce</b>	Staidéar agus úsáid fuaimne in uisce. Tuairiscítear faoin bhfuaimíocht uisce freisin úsáid na fuaimne (sonóir) chun monatóireacht a dhéanamh ar éisc agus ar ghnéithe eile faoi uisce. Is éard atá in eagar glacadóirí fuaimíochta uisce sraith stáisiún éisteachta, ag éisteacht le haghaidh éisc atá clibeáilte le clib fhuaimniúil (clib tarchurtha fuaimne)
<b>IIÉ</b>	Iascach Intíre Éireann
<b>Dádach</b>	Bradán a sceitheadh le déanaí agus ar gnách dó a bheith i ndrochríocht
<b>NASCO</b>	Eagraíocht Chaomhnaithe Bradán an Atlantaigh Thuaidh
<b>SPNF</b>	An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
<b>CFB</b>	Clár Forbartha Bainistíochta
<b>ATS</b>	An tAonad Tacaíochta Soghluaiste
<b>RTN</b>	Is éard atá i Ráitis Tionchair Natura tuairiscí ina gcuimsítear scrúdú eolaíochta ar phlean nó ar thionscadal agus ar an Láithreán Eorpach nó ar na Láithreáin Eorpacha ábhartha, chun aon impleacht fhéideartha a bhaineann leis an bplean nó leis an tionscadal a shainaithint agus a thréithriú ina n-aonar nó i gcomhcheangal le pleannanna nó tionscadail eile i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe an láithreáin nó na láithreán, agus aon fhaisnéis bhreise lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, aon phlean, léarscáil nó líníocht, faisnéis eolaíochta nó sonraí a theastaíonn chun Measúnú Cuí a dhéanamh.
<b>SNFS</b>	Scéim na Straitéise Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta (SNFS)
<b>CAIT</b>	Ceantar Abhantraí an Iarthuaiscirt
<b>OCAG</b>	Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
<b>SBÁA</b>	Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh
<b>OOP</b>	Oifig na nOibreacha Poiblí
<b>Muóg</b>	Bradán (nó breac) óg idir céimeanna na gealóige agus an bhraonín, arna idirdhealú le sceada cruinne dorcha agus iad spásáilte go cothrom feadh a thaoibh.
<b>AFF</b>	Athbhreithniú Feidhmíochta agus Forbartha
<b>CFBF</b>	Córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta
<b>OBT</b>	Oifig Bainistíochta Tionscadal

<b>TCP</b>	Trealamh cosanta pearsanta, a bhaineann go minic le bearta sábháilteachta COVID-19
<b>PV / Íomhívoltachas</b>	Tiontú díreach an tsolais ina chumhacht leictreach ag baint úsáide as ábhair leathsheoltacha amhail síleacan; a úsáidtear i bpainéil chun leictreachas a ghiniúint don soilsíú srl.
<b>SS</b>	Scairdscútar amhail cadhc nó scairdscí
<b>T&amp;F</b>	Taighde agus forbairt
<b>CA</b>	Ceantar Abhantraí
<b>Hidreamoirfeolaíocht abhann</b>	Tréithe fisiceacha abhann m.sh. réimeas sreafa, iompar dríodair. Samplaí d'athruithe ar hidreamoirfeolaíocht nádúrtha is ea cainéalú agus coraí de dhéantús an duine
<b>IDAACS</b>	Iarratais Duine ar a C(h)uid Sonraí
<b>UFIÉ</b>	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
<b>CAOD</b>	Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt
<b>Brainlín</b>	Bradán (nó breac) óg tar éis na céime muóige, nuair a thagann dath an airgid air agus a théann ar imirce amach san fharraige den chéad uair
<b>Abhainn bradáin an earraigh</b>	Abhainn a fhaigheann bradáin idir míonna Eanáir agus na Bealtaine. Is iondúil gur mó iad na bradáin sin óir caitheann siad níos mó ná geimhreadh amháin amach san fharraige
<b>CAS</b>	Ceantar Abhantraí na Sionainne
<b>SSTRCPF</b>	Ciste Athshlánaithe, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal
<b>Iascaigh Stáit</b>	Is le hIascach Intíre Éireann raon leathan iascach in áiteanna ar fud na hÉireann; an áit a bhfuil iascach, tá ceart iascaireachta ann - agus is le hIascach Intíre Éireann na cearta iascaireachta do raon leathan de na hiascaigh sin in Éirinn.
<b>CAID</b>	Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt (CAOD)
<b>UTC</b>	Uiscí trasdultacha agus cósta
<b>Uiscí trasdultacha</b>	Uiscí a mbíonn tionchar ag sreafaí taoide agus fionnuisce araon orthu m.sh. inbhir, fiordanna agus murlaigh
<b>TRU</b>	An Treoir Réime maidir le hUisce: reachtaíocht thábhachtach chomhshaoil a bhfuil mar aidhm léi cáilíocht an uisce a fheabhsú. Tugadh éifeacht dlí in Éirinn di le Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2003
<b>CAI</b>	Ceantar Abhantraí an Iarthair

# Aguisíní

**Aguisín A:** Foilseacháin Taighde 101

**Aguisín B:** An ráiteas maidir le rialú inmheánach Ráitis Airgeadais, An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022 104




Iascach Intíre Éireann  
Inland Fisheries Ireland



Iascach Intíre Éireann  
Inland Fisheries Ireland

# Aguisín A

## Foilseacháin Taighde



# Aguisín A:

## Foilseacháin Thaighde

ICES. 2022. An Grúpa Oibre maidir le Bradán an Atlantaigh Thuaidh (WGNAS). Tuarascálacha Eolaíochá ICES. 4:39. 39 pp. <http://doi.org/10.17895/ices.pub.19697368> Publications – Data and Statistics

Shephard, S., List, C. J., & Arlinghaus, R. (2022). Reviving the unique potential of recreational fishers as environmental stewards of aquatic ecosystems. *Fish and Fisheries*, 00, 1– 13. <https://doi.org/10.1111/faf.12723>

Shephard, S., Edwards, K., George, S., Joseph, E., James, S., David, O., Persaud, A., Watson, L. C., & Van Vliet, N. (2022). Community-based monitoring, assessment and management of data-limited inland fish stocks in North Rupununi, Guyana. *Fisheries Management and Ecology*, 00, 1– 13. <https://doi.org/10.1111/fme.12604>

de Castro, F., Kraak, S. B. M., Shephard, S., Sadykov, A., Reid, D. G., & Farnsworth, K. D. (2022). Move and you're dead: commercial trawl fisheries select for fish that don't move far, *ICES Journal of Marine Science*, Imleabhar 79, Eagrán 6, Lúnasa 2022, Lgh. 1742–1752, <https://doi.org/10.1093/icesjms/fsac104>

Millane, M., Gargan, P. agus Byrne, M. (2022). Managing Red Skin Disease in Ireland. In: Whelan, K. agus Mo, T.A. (Eagarthóirí). Pink Salmon and Red Skin Disease Emerging Threats for Atlantic Salmon. Blue Book Series, no. 40. Atlantic Salmon Trust, Albain. 58pp.

ICES. 2022. Distribution and abundance of pink salmon across the North Atlantic. Tuarascáil ó Choiste Comhairleach de chuid ICES, 2022. ICES Advice 2022, sal.oth. pink. <https://doi.org/10.17895/ices.advice.21020050>

TEGOS (2022). The Status of Irish Salmon Stocks in 2021 with Precautionary Catch Advice for 2022. Annual report of the Technical Expert Group on Salmon to the North-South Standing Scientific Committee for Inland Fish. 54 pp.

O'Leary, C., Healy, S., Cruikshanks, R., Kelly, K., & Gargan, P. (2022). Assessment of the environmental drivers of European glass eel (*Anguilla anguilla*) recruitment in transitional waters. *Environmental Biology of Fishes*, 105(9), 1203-1217.

O'Briain, R., Shephard, S., McCollom, A., O'Leary, C., & Coghlan, B. (2022). Plants as agents of hydromorphological recovery in lowland streams. *Geomorphology*, 400, 108090.

ICES (2022): Comhghrúpa Oibre EIFAAC/ICES/GFCM maidir le hEascanna (WGEEL). Tuarascálacha Eolaíochá ICES. Tuarascáil. <https://ices-library.figshare.com/search?q=+Joint+EIFAAC%2FICES%2FGFCM+Working+Group+on+Eels+%28WGEEL%29.+ICES+Scientific+Reports>

Barry, J., Radinger, J., Coyne, J., Connor, L., Kelly, S., agus Kelly, F.L. (2022). The vulnerability of Irelands Freshwater Fish to Climate Change. *Fisheries Management and Ecology*, DOI: [10.1111/fme.12606](https://doi.org/10.1111/fme.12606)

Bruen, M., Hallouin, T., Christie, M., Matson, R., Siwicka, E., Kelly, F., Bullock, C., Feeley, H.B. agus Kelly-Quinn, M. (2022). A Bayesian Modelling Framework for Integration of Ecosystem Services into Freshwater Resources Management. *Environmental management*, 69, 781-800.

Green, A., Honkanen, H.M., Ramsden, P. et al. Evidence of long-distance coastal sea migration of Atlantic salmon, *Salmo salar*, smolts from northwest England (River Derwent). *Animal Biotelemetry* **10**, 3 (2022). <https://doi.org/10.1186/s40317-022-00274-2>

Kennedy, R. J., Barry, J., Roche, W., Rosell, R., & Allen, M. (2022). In-river behaviour and freshwater return rates of sea trout, *Salmo trutta* L., from two coastal river populations. *Journal of Fish Biology*, 101( 4), 1008– 1020. <https://doi.org/10.1111/jfb.15162>

Barry, J., Kennedy, R., Rosell R. & Roche W. (2022). The Marine Migrations of Salmon and Sea Trout. MANAGING A MOVING TARGET. Sea Trout Smolt Salmon Smolt Spring Smolt Migration River to Sea (2022). Póstaer

Ryan, D., Wogerbauer, C. agus Roche, W. K. (2022). Otolith microchemistry to investigate nursery site fidelity and connectivity of juvenile European sea bass in Ireland. *Mar Ecol Prog Ser :MFCav2*. <https://doi.org/10.3354/meps14185>



Iascach Intíre Éireann  
Inland Fisheries Ireland

## Aguisín B

Ráiteas maidir le Rialú  
Inmheánach agus  
Ráitis Airgeadais, an  
Bhliain go dtí an 31  
Nollaig 2022

## Clár na nÁbhar

<b>1.</b>	<b>Faisnéis Ghinearálta</b>	<b>106</b>
<b>2.</b>	<b>Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird</b>	<b>107</b>
2.1	Rialachas	107
2.2	Struchtúr an Bhoird	109
2.3	Liosta Chomhaltaí an Bhoird	109
2.4	Sceideal Tinrímh, Táillí agus Speansais	113
2.5	Príomhathruithe Pearsanra in 2022	113
2.6	Nochtuithe a éilítear de réir an Chóid Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016	114
<b>3.</b>	<b>Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste</b>	<b>116</b>
<b>4.</b>	<b>An Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach</b>	<b>120</b>
4.1	Réim Freagrachta	120
4.2	Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach	120
4.3	An cumas chun déileáil le Riosca	120
4.4	Creatlach Riosca agus Rialaithe	120
4.5	Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach	121
4.6	Soláthar	122
4.7	Athbhreithniú ar Éifeachtacht	122
4.8	Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach	122
	<b>Ráitis Airgeadais 2022</b>	<b>126</b>

## Faisnéis Ghinearálta

### Seoladh

3044 Céide an Locha,  
Campas Gnó Iarthar na Cathrach  
Baile Átha Cliath 24, D24 CK66

### Banc

#### Banc na hÉireann

Faiche an Choláiste  
Baile Átha Cliath 2, D02 VR66

### Iníúchóir

#### An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach  
Duga Spencer  
Baile Átha Cliath 1, D01 PF72

### Aturnaetha

#### George Maloney & Co Solicitors

6 Sráid Fhearnáin  
Co. an Chabháin, H12 V658

#### David J. O'Meara & Sons

130 Plás an Bhainc  
Mala  
Co. Chorcaí, P51 TW3W

#### Liam Keane & Partners Solicitors

The Old Toll House  
Dún Seachlainn  
Co. na Mí, A85 DR68

#### Patrick J. Durcan & Co. Solicitors

Sráid Shéamais, Cathair na Mart,  
Co. Mhaigh Eo, F28 KC52

#### MacHale Solicitors

Sráid an Phiarsaigh  
Béal an Átha,  
Co. Mhaigh Eo, F26 K7C7

#### D.G. O'Donovan & Co

5ú hUrlár, Rinn na hAbhann,  
Sráid Mhala Íochtarach,  
Luimneach, V94WC6A

#### Lavelle Partners

St James' House  
Bóthar Adelaide,  
Baile Átha Cliath 2, D02 Y017

#### Kelly & Ryan Solicitors

Sráid Thaoiling  
Sligeach, F91 YH99

#### Kevin Quirke & Co

72 An Meal Theas  
Corcaigh, T12 VX9A

#### Byrne Wallace Law Firm

88 Sráid Fhearchair,  
Baile Átha Cliath 2, D02 DK18

#### VP McMullin & Son Solicitors

Sráid Dhún na nGall  
Bealach Féich  
Co. Dhún na nGall, F93 DE63

#### Kane Tuohy LLP Solicitors

Teach Hambleton  
19-26 Sráid Pembroke Íochtarach  
Baile Átha Cliath 2, D02 WV96

#### James Reilly & Sons

4, Plás Brighton  
Cluain Meala  
Co. Thiobraid Árann, E91 X9V2

#### Coakley Moriarty Solicitors

Bóthar Nua  
Neidín  
Co. Chiarraí, V93 N880

#### Fieldfisher

Foirgneamh Chéipil,  
Mainistir Mhuire,  
Baile Átha Cliath 7, D07 N4C6

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Bunaíodh Bord Iascach Intíre Éireann de réir Alt 6 den Acht um Iascach Intíre 2010. Leagtar síos feidhmeanna an Bhoird in Alt 7 den Acht sin. Tá Bord IIÉ freagrach don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú, agus go ndéantar príomhfheidhmeanna na gníomhaireachta, mar a leagtar amach de réir Alt 7 iad. Déanann an Bord an cúram sin trí chuspóirí straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist gnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF)

agus lucht na hardbhainistíochta atá freagrach as bainistiú, rialú agus teorú laethúil Iascach Intíre Éireann. Díritear a n-aird ar sheachadadh na treo straitéisí leithne arna leagan amach ag an mBord, chun a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinní a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht aníos. Feidhmíonn an POF i ról idirchaidrimh dhírigh idir an Bord féin agus lucht bainistíochta Iascach Intíre Éireann.

### Rialachas

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird ina 'Chód Iompair Gnó do Bhord IIÉ'. Leagtar amach níos mionsonraithe na nithe atá forchoimeáda go sonrach dá gcinneadh ag an Bord in 'Cúrsaí lena gCinneadh ag an mBord'.

Samplaí de na buanmhíreanna a ndearna an Bord iad a mheas:

- Dearbhú leasanna
- Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Straitéis an Bhoird a Shocrú, i gcomhaontú le An tAire
- Tuarascálacha ó na coistí
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta
- Tuarascálacha feidhmíochta
- Nithe forchoimeáda, agus
- Riosca

**Le hAlt 46** den Acht um Iascach Intíre 2010, ceanglaítear ar Bhord Iascach Intíre Éireann gach gnáthchuntas cuí ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé, a choinneáil i gicbé foirm a ordóidh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC), le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ní foláir do Bhord Iascach Intíre Éireann:

- Beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- Breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh


murab iomchuí é talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé i mbun feidhme, agus

- A shonrú cé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Ní mór don Bhord taifid chuntasaíochta leormhaithe a choimeád, ina nochtar a staid airgeadais ag aon am le cruinneas réasúnta, agus lena gcuirtear ar chumas dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 46 den Acht um Iascach Intíre 2010. Is é cúram an Bhoird é cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin Iascach Intíre Éireann.

Is é an Bord a bhíonn freagrach as an mbuiséad bliantúil agus an plean gnó a fhaomhadh, rud a cuireadh i gcrích ag a chruiníniú an 8 Márta 2022.

Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



## COVID 19

Lean an tascfhórsa tiomnaithe COVID-2020 a bunaíodh thiar in 2021 ar aghaidh in 2022 ag cur comhairle an rialtais i bhfeidhm, ag comhordú maoluithe i dtéarmaí riosca sláinte agus sábháilteachta, oibriúcháin, airgeadais agus comhlíontachta.

Thug an Feidhmeannas faoi athbhreithniú buiséadach do na chéad sé mhí i mí Iúil 2022.

Thar ceann IIÉ, ina cháir mar Cheapaithe faoi alt 18(5) den Acht um Iascach Intíre 2010, measann na ceaptaithe go dtugtar léargas fírinneach agus cóir le ráitis airgeadais Iascach Intíre Éireann ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais Iascach Intíre Éireann amhail an 31 Nollaig 2022.

## Struchtúr an Bhoird

De réir an Acht um Iascach Intíre 2010 tá an Bord Iascach Intíre Éireann comhdhéanta de 10 gcomhalta, 8 ngnáthchomhalta neamhfheidhmiúcháin, ainmní na foirne, gnáthchomhalta feidhmiúcháin agus an POF, ar comhalta feidhmiúcháin *ex-officio* é ag a bhfuil rannpháirtíocht iomlán agus cearta vótála. Is é an tAire a cheapann ainmní na foirne faoi **Alt 13** den Acht um Iascach Intíre 2010. Ceaptar an Cathaoirleach, comhaltaí neamhfheidhmiúcháin an Bhoird agus ionadaí na foirne go ceann tréimhse tosaigh chúig bliana. Ní dhearnadh aon cheapacháin Bhoird in 2022. Tagann an Bord le chéile líon nach lú ná sé huair sa bhliain agus tháinig sé le chéile 13 huair in 2022.

D'éirigh triúr as an mBord in 2022 agus beirt i mí Eanáir 2023. Faoi alt 18(1) d den Acht um Iascach Intíre, 2010, bhain an tAire Eamon Ryan TD na comhaltaí eile den Bhord, ar bhonn 'gan locht', an 14 Feabhra 2023, agus cheap sé beirt faoi alt 18(5) den Acht um Iascach Intíre 2010, chun feidhmeanna IIÉ a chomhlíonadh go ceann tréimhse suas le 6 mhí, go dtí go n-athbhunófaí Bord IIÉ. Cuireadh de chúram ar na daoine ceaptha seo freisin nochtuithe cosanta a fuair an eagraíocht le linn 2022 a chur chun cinn agus tús a chur le hathbhreithniú seachtrach ar rialachas laistigh den IIÉ. Is iad na ceapaithe alt 18, an tUas. Tom Barry agus an tUas. Séamus Neely sínitheoirí na ráiteas seo.

## Liosta Chomhaltaí an Bhoird

Post	Ainm	Arna Cheapadh/ Arna Athcheapadh	Téarma in Éag
<b>Cathaoirleach</b>	Fintan Gorman	10/09/2018	28/04/2022 <sup>1</sup>
<b>Cathaoirleach</b>	Frances Lucy	07/12/2020	11/01/2023 <sup>1,3</sup>
<b>An Fhoireann</b>	Seán Coady	07/12/2020	14/02/2023 <sup>2</sup>
<b>Gnáthchomhalta</b>	Patrick Gibbons	16/02/2021	14/02/2023 <sup>2</sup>
<b>Gnáthchomhalta</b>	Bernadette Orbinski Burke	01/07/2021	19/01/2023 <sup>1</sup>
<b>Gnáthchomhalta</b>	Michael McGreal	22/03/2019	14/02/2023 <sup>2</sup>
<b>Gnáthchomhalta</b>	Seamus Boland	22/03/2019	30/04/2022 <sup>1</sup>
<b>Gnáthchomhalta</b>	Marie Louise Heffernan	01/05/2019	18/10/2022 <sup>1</sup>
<b>Gnáthchomhalta</b>	Fiona Walsh	12/07/2019	14/02/2023 <sup>2</sup>
<i>Ex-officio</i>	Francis O'Donnell	29/11/2020	14/02/2023 <sup>2</sup>

<sup>1</sup> D'éirigh as an mBord

<sup>2</sup> Bainte den Bhord faoi alt 18 den Acht um Iascach Intíre 2010, ar bhonn 'gan locht'

<sup>3</sup> Cathaoirleach ceaptha ar 11 Bealtaine 2022, tar éis do F. Gorman éirí as oifig

Seo a leanas buanchoiste amháin, agus cúig fhochoiste eile;

## An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (Buanchoiste):

tá cúigear comhaltaí Boid air. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) tacú leis an mBord maidir lena chuid freagrachtaí i dtaca le saincheistean riosca, rialaithe agus rialachais agus leis an ráthaíocht ghaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn CIR go háirithe go ndéantar maoirseacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúcháireachta san áireamh. Tuairiscíonn CIR don Bhord tar éis gach cruinniú, agus ar bhonn foirmiúil i scríbhinn gach bliain, i bhfoirm Thuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Seo a leanas comhaltaí **an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2022:**

Post	Ainm	Arna Cheapadh/ Arna Athcheapadh	Téarma in Éag
<b>Cathaoirleach</b>	Bernadette Orbinski Burke	27/06/2019	30/09/2022 <sup>1</sup>
<b>Gnáthchomhalta</b>	Marie Louise Heffernan	25/09/2020	30/08/2022 <sup>4</sup>
<b>Gnáthchomhalta</b>	Fiona Walsh	16/04/2020	14/02/2023 <sup>2</sup>
<b>Gnáthchomhalta</b>	Frances Lucy	01/03/2021	04/05/2022 <sup>3</sup>
<b>Gnáthchomhalta</b>	Patrick Gibbons	25/03/2021	30/09/2022 <sup>2</sup>

<sup>1</sup> D'éirigh as an mBord

<sup>2</sup> Bainte den Bhord faoi alt 18 den Acht um Iascach Intíre 2010, ar bhonn 'gan locht'

<sup>3</sup> Chuir deireadh le ballraíocht ar cheapadh mar Chathaoirleach an Bhoird

<sup>4</sup> D'éirigh as an gcoiste

Bhí cúig chruinniú den CIR ann in 2022; tá cuireadh seasta ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Ceann Airgeadais agus an Stiúrthóir Airgeadais chuig gach cruinniú. Maidir le cruinniú deiridh na bliana, thug Cathaoirleach an Bhoird cuireadh do B. Orbinski Burke agus P. Gibbons araon a bheith i láthair trí eisceacht (toisc nár déanadh folúntais ar an gcoiste a líonadh i Ráithe 4 de 2022).

## An Mheitheal Chomhpháirteach um Fheirmeacha Éisc:

bunaíodh an coiste sin thiar i mí Mheán Fómhair 2016. Bunaíodh an mheitheal sin tar éis comhchruinniú idir Bord Iascach Intíre Éireann, Cónaidhm Slatiascaireachta Breac na hÉireann (CSBE) agus Cumann Ionadaíochta Náisiúnta na Slatiascairí (CINS) maidir le háiseanna táirgeachta bric na heagraíochta.

Is iad seo a leanas baill na **Meithele Comhpháirtí um Fheirmeacha Éisc** le linn 2022:

Post	Ainm	Arna Cheapadh/ arna Athcheapadh	Téarma in Éag
<b>Cathaoirleach</b>	Fintan Gorman	29/09/2016	28/04/2022 <sup>1</sup>
<b>Cathaoirleach</b>	An tOll. Frances Lucy	29/09/2016	11/01/2023 <sup>1</sup>
<b>Feidhmeannach</b>	Francis O'Donnell	02/11/2020	
<b>Feidhmeannach</b>	An tUas. Pat Doherty (Ceann Airgeadais)	29/09/2016	
<b>Feidhmeannach</b>	An Dr. Cathal Gallagher (Ceann Taighde agus Forbartha)	29/09/2016	
<b>Ionadaí TAFI*</b>	Martin Kinneavy	29/09/2016	
<b>Ionadaí TAFI*</b>	Eamonn Moore	29/09/2016	
<b>Ionadaí NARA**</b>	Michael Callaghan	29/09/2016	
<b>Ionadaí NARA**</b>	Pat Foley	29/09/2016	

\* Cónaidhm Iascairí Breac na hÉireann \*\* Cumann Ionadaíoch Náisiúnta na Slatiascairí 1 Éiríthe as an mBord

Bhí cruinniú amháin den Mheitheal Chomhpháirteach um Fheirmeacha Éisc in 2022.



## Grúpa Stiúrtha Thionscadal na Feirme Éisc:

bunaíodh an grúpa stiúrtha seo i mí Iúil 2022 chun tacú le IIÉ le saineolas agus comhairle maidir le saoráid nua-aimseartha Feirme Éisc a fhorbairt ag a fheirm éisc reatha i Ros Cré, Co. Thiobraid Árann.

Is iad seo a leanas baill na **Meithle Comhpháirtí um Fheirmeacha Éisc** le linn 2022:

Post	Ainm	Dáta a Cheaptha	Téarma in Éag
<b>Cathaoirleach</b>	An tOll. Frances Lucy	Iúil 2022	11/01/2023 <sup>1</sup>
<b>Feidhmeannach</b>	Francis O'Donnell	Iúil 2022	
<b>Feidhmeannach</b>	An tUas. Pat Doherty (Ceann Airgeadais)	Iúil 2022	
<b>Feidhmeannach</b>	An Dr. Cathal Gallagher (Ceann Taighde agus Forbartha)	Iúil 2022	
<b>Feidhmeannach</b>	Suzanne Campion, Uas.	Iúil 2022	
<b>BIM*</b>	An tUas. Damien Toner	Iúil 2022	

<sup>1</sup> D'éirigh as Bord

\* Bhord Iascaigh Mhara

Bhí trí chruinniú de Ghrúpa Stiúrtha Thionscadal na Feirme Éisc in 2022.

## Is iad seo a leanas comhaltaí an Fhochoiste Straitéisigh um Acmhainní Daonna:

bunaíodh an coiste seo thiar i mí Lúnasa 2019, agus é mar príomhchuspóir aige formhaoirseacht a dhéanamh ar Phlean Straitéiseach Acmhainní Daonna a fhorbairt.

Is iad seo a leanas comhaltaí an **Fochoiste Straitéisigh um Acmhainní Daonna** in 2022:

Post	Ainm	Dáta a Cheaptha	Téarma in Éag
<b>Cathaoirleach</b>	Seamus Boland	06/08/2019	30/04/2022 <sup>1</sup>
<b>Gnáthchomhalta</b>	Michael McGreal	06/08/2019	30/08/2022 <sup>2</sup>
<b>Feidhmeannach</b>	Francis O'Donnell (POF)	29/11/2020 <sup>3</sup>	
<b>Feidhmeannach</b>	Róisín Bradley	27/11/2019	

<sup>1</sup> D'éirigh as an mBord

<sup>2</sup> Bainte den Bhord faoi alt 18 den Acht um Iascach Infíre 2010, ar bhonn 'gan locht'

<sup>3</sup> Dáta ceaptha mar Phríomhfeidhmeannach

Bhí cúig chruinniú ag an bhfochoiste seo in 2022.

## Fochoiste Réadmhaoine:

bunaíodh an coiste seo thiar i mí na Samhna 2020, agus é mar príomhchuspóir aige formhaoirseacht a dhéanamh ar ullmhú agus ar sheachadadh Phlean Bliantúil um Barrfheabhsú Maoine do IIÉ.

Seo a leanas comhaltaí an **Fochoiste Maoine** le linn 2022:

Post	Ainm	Dáta a Cheaptha	Téarma in Éag
<b>Gnáthchomhalta</b>	Michael McGreal	12/11/2020	14/02/2023 <sup>1</sup>
<b>Feidhmeannach</b>	Seán Coady	12/11/2020	14/02/2023 <sup>1</sup>
<b>Gnáthchomhalta</b>	Patrick Gibbons	26/05/2021	14/02/2023 <sup>1</sup>
<b>Feidhmeannach</b>	Francis O'Donnell (POF)	29/11/2020	14/02/2023 <sup>1</sup>

<sup>1</sup> Bainte den Bhord faoi alt 18 den Acht um Iascach Infíre 2010, ar bhonn 'gan locht'

Bhí dhá chruinniú ag an bhfochoiste sin in 2022.

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal tinrimh ar chruinnithe an Bhoird agus na gcoistí do 2022 leagtha amach i Nóta 7 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain 2022. Áirítear leis sin na táillí agus na costais a fhaigheann gach ball: Ní bhfuair beirt chomhaltaí den Bhord, an tOll. Frances Lucy agus Seán Coady aon táille Boird faoin bprionsabal Aon Duine Aon Tuarastal (OPOS).

## Príomhathruithe Pearsanra in 2022

Ceapadh Barry Fox ina Cheann Oibríochtaí an 18 Iúil 2022 agus é i mbun an róil a rinne an Dr. Greg Forde roimhe seo.

## Nochtuithe a éilítear de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon ILÉ riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ('an Cód'), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Soláthar PFN agus Athchóirithe (DPENDPDR) i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nochtuithe seo a leanas de réir an Chóid.

### Sochair ghearrthéarmacha fostaithe

Bhí 73 shochar ghearrthéarmacha fostaithe ann dar luach os cionn €60,000.

Féach [Nóta 6](#) de na Ráitis Airgeadais.

### Costais Sainchomhairleoireachta

Folaíonn costais chomhairleoireachta an costas i leith comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta agus ní fholáinn feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnáthghnó'. Féach [Nóta 5a](#) de na Ráitis Airgeadais.

### Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas:

Luach saothair agus Costais Eile Phá	2022	2021
	€	€
Taisteal & cothú – Náisiúnta	953,614	715,935
Taisteal & cothú – Idirnáisiúnta*	23,588	8,908
	<b>977,202</b>	<b>724,843</b>

Ní dhearnadh aon íocaíocht taistil agus cothabhála idirnáisiúnta ar thaisteal a rinne na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Bord.

## Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí

Baineann táillí dlí le cásanna ionchúisimh de réir reachtaíocht iascaigh agus comhairle dhlíthiúil chorparáideach. B'ionann na costais dlí iomlána in 2022 le haghaidh cásanna ionchúisimh agus €191,142. Chuir ILÉ tús le hAthbhreithniú Breithiúnach ar Dheonú Ceadúnais Dobharshaothraithe - ag Ceann Shot, Bá Bheanntaí, Co. Chorcaí; bhí costais dar luach €150,425 ann don phróiseas sin le linn 2022. Ba é €117,388 an costas a bhain le comhairle dlí chorparáideach.

### Caiteachas ar Fháilteachas

Caiteachas ar Fháilteachas	2022	2021
	€	€
Fáilteachas don fhoireann	8,394	7,100
Fáilteachas do chliaint		2,050
	<b>8,394</b>	<b>9,150</b>

### Ráiteas faoi Chomhlíonadh


Tá an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016), arna thabhairt cothrom le dáta, glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm acu chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon Iascach Iníre Éireann an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit go hiomlán don thréimhse 2022. Thar ceann ILÉ



Seamus Neely

22 Samhain 2023

Dáta



Tom Barry

22 Samhain 2023

Dáta

## Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste



### An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

#### Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

##### Iascach Intíre Éireann

##### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Iascach Intíre Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 mar a éilítear de réir fhorálacha Alt 46 den Acht um Iascach Intíre, 2010. Tá sna ráitis airgeadais

- ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncain coinnithe
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid thirim, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáiochta.

I mo thuairimse, tugtar léargas fírinneach cóir leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Iascach Intíre Éireann amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2022 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

##### Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ar Iascach Intíre Éireann agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán. Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuair mé imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le mo thuairim.

##### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag Iascach Intíre Éireann in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí chun tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscim de réir eisceachta, san aguisín leis an tuarascáil seo.

##### Ábhair imní maidir le rialachas

D'éirigh Cathaoirleach Bhord Iascach Intíre Éireann as oifig i mí Aibreáin 2022. Ceapadh cathaoirleach nua i mí na Bealtaine 2022 agus d'éirigh sé as i mí Eanáir 2023. D'éirigh ceathrar breise as an mBord in 2022 agus i mí Eanáir 2023 freisin. Mar thoradh air sin, ní raibh an Bord in ann an córam riachtanach a bhaint amach chun teacht le chéile agus chun cinntí a dhéanamh.

De réir fhorálacha an Achta um Iascach Intíre, 2010, chuir an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide deireadh leis na comhaltaí Boird eile ar bhonn 'gan locht' i mí Feabhra 2023, agus cheap sé beirt faoi alt 18 den Acht chun feidhmeanna Iascach Intíre Éireann a chomhlíonadh go dtí go n-athbhunófaí an Bord. Ceanglaíodh ar na ceapaithe freisin dul chun cinn a dhéanamh ar láimhseáil roinnt nochtuithe a fuair Iascach Intíre Éireann le linn 2022, agus athbhreithniú seachtrach ar rialachas a thionscnamh laistigh de Iascach Intíre Éireann.

Nochtar sa ráiteas ar rialú inmheánach go bhfuil an t-athbhreithniú rialachais beagnach críochnaithe. Tá síneadh curtha le téarma ceapacháin na gceapaithe faoi alt 18 go dtí an 15 Eanáir 2024.

##### Athbhreithnithe ar shaincheisteanna rialaithe inmheánaigh

Nochtar sa ráiteas ar rialú inmheánach faisnéis faoi roinnt nithe suntasacha rialaithe inmheánaigh a raibh coimisiúnú athbhreithnithe agus tuarascálacha mar thoradh orthu. Tugtar breac-chuntas sa ráiteas ar rialú inmheánach ar stádas na n-athbhreithnithe seo dáta sínithe na ráiteas airgeadais.

##### Lóiste agus Iostáin Eas Liath

Nochtar sa ráiteas ar rialú inmheánach faisnéis ar thorthaí athbhreithnithe iniúchta inmheánaigh ar úsáid Lóiste agus Iostáin Eas Liath sa tréimhse ó mhí Lúnasa 2014 go mí Iúil 2022 agus na próisis a ghlac ILÉ chun socrúithe léasa a dhéanamh d'oibriú na maoine. Cuireadh i dtábhacht san athbhreithniú roinnt laigí suntasacha lena áiríodh easnaimh sa phróiseas roghnúcháin oibreoirí a glacadh. Leagtar amach sa ráiteas freisin na céimeanna a ghlac an Bord, nó atá beartaithe ag an mBord, chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair sin.

##### Cionta a ionchúiseamh

Nochtar sa ráiteas ar rialú inmheánach gur tarraingíodh siar cásanna ionchúisimh áirithe tar éis comhairle dlí a fháil maidir le húdaráí foirme chun cionta a ionchúiseamh.

Seamus McCarthy  
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste  
29 Samhain 2023

## Aguisín leis an tuairisc

### Freagrachtaí na gComhaltai boird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuairisc chomhaltai an Bhoird, tá comhaltai an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi alt 46 den Acht um Iascach Intíre, 2010
- a chinntiú go dtugtar léargas firinneach agus cóir leis na ráitis airgeadais de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhonn cuntasaióchta an ghnóthais leantaigh íomchuí, agus
- cibé rialú inmheánach agus a mheasann siad a bheith riachtanach chun ullmhú na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sé mar gheall ar chalaois nó earráid.

Tar éis do dhaoine éirí as an mBord in 2022 agus in 2023, agus de réir fhorálacha an Aichta um Iascach Intíre, 2010, chuir an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide deireadh leis na comhaltai Boird eile ar bhonn 'gan locht' i mí Feabhra 2023, agus cheap sé beirt faoi alt 18 den Acht chun feidhmeanna Iascach Intíre Éireann a chomhlíonadh go dtí go n-athbhunófaí an Bord.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear ormsa faoi Alt 46 den Acht um Iascach Intíre 2010 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Iascach Intíre Éireann agus tuairisciú orthu siúd do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbraithearf míshonrú ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann le hiniúchadh arna chur chun feidhme de réir na ISAnna. D'fhéadfadh míshonruithe teacht chun cinn mar gheall ar chalaois nó earráid agus meastar ábhartha iad dá mbeifí ag súil ar bhonn réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceiteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam

- Sainiúchadh agus déanamh measúnú ar rioscaí de mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais cé acu mar gheall ar chalaois nó earráid; déanamh nósanna imeachta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus íomchuí chun bunús a thabhairt le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithearf míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca de mhíshonrú mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta a dhearadh atá íomchuí sna himthosca, ach ní chun críocha tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanamh measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaióchta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaióchta agus nochtuithe gaolmhara.
- Bainim de tháil as oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaiócht agus, bunaithe ar fhianaise an iniúchta a fhaightear, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chur ar chumas Iascach Intíre Éireann leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim de tháil as go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid de nochtuithe imleor, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar fhianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh imeachtaí nó imthosca sa todhchaí, áfach, a bheith ina gcóis le Iascach Intíre Éireann a scor de leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanamh measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé acu a léirítear na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha leis na ráitis airgeadais ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cothrom amach.

Déanamh cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar thasc acu maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc ábhair eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainiú le linn m'iniúchta.

Tugaim tuairisc de réir eisceachta sa chás, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- nach raibh taifid chuntasaióchta na Cuideachta imleor le cur ar ár gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh i gceart, gan bhac, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaióchta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaítear le mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní léiríonn aon fhoirm de chonclúid maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile arna cur i láthair a léamh agus, trí sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas arna fháil le linn an iniúchta, nó má tá an cuma air go bhfuil an fhaisnéis míshonraithe go hábhartha. Má dhéanamh conclúid, bunaithe ar an obair atá curtha chun feidhme agam, go bhfuil an fhaisnéis eile míshonraithe go hábhartha, éilítear orm an fhír a thuairisciú.

### Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmithe de. Tuairiscím má aithním gnóthaí ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Déanamh iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloigh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.



# An Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

## Réim Freagrachta

Thar ceann IIÉ, admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Tá na riachtanais de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) arna thabhairt cothrom le dáta san áireamh leis an bhfreagracht sin.

## Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal infhulaingthe seachas é a dhíothú ar fad. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (RCPSPFNA), i bhfeidhm in IIÉ don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus suas le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Cumas chun déileáil le riosca

I rith 2022 bhí Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ag IIÉ a bhí comhdhéanta de chúigear comhaltaí Boird, a n-áirítear le scileanna na gcomhaltaí sin: saineolas rialachais, dlí, airgeadais agus

iniúcháireachta. Tháinig an ARC le chéile 5 huairé i gcaitheamh 2022. Seachfhoinníonn IIÉ a fheidhm iniúchta inmheánaigh, agus tugann an tIniúcháir Inmheánach faoi chlár oibre atá comhaontaithe le CIR agus atá formheasta ag an mBord.

D'fhorbair IIÉ beartas bainistíochta riosca, ina leagtar amach na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne maidir leis an riosca. Táthar ag súil go n-oibreoidh gach ball foirne sinsearach, agus a bhfoirne, laistigh den bheartas seo, lena chinntiú go gcuirtear rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn in iúl agus go dtugtar aghaidh orthu dá réir, agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creatlach Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag IIÉ lena saináithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí, chomh maith leis na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leo, agus chomh fada agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena saináithnítear na príomhrioscaí os comhair Iascach Intíre Éireann agus rinneadh iad sin a shaináithint, a mheastóireacht agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann CIR an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil ar a laghad. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a leithdháileadh d'fhonn a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus na baill foirne ar leith atá freagrach as rialuithe a oibriú. Deimhnítear go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na gnéithe seo a leanas;

- Tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta i dtaca le gach uile phríomhphróiseas gnó
- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar an leibhéal bainistíochta
- Tá córas iomchuí buiséadaithe ann agus tá buiséad bliantúil ann a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú leanúnach é
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint, agus
- Tá nósanna imeachta rialaithe curtha chun feidhme maidir le maoiniú deontais d'iarratasóirí. Is leosan a áirithítear go ndéantar formheas leormhaith ar dheontais agus monatóireacht agus athbhreithniú ar na deonaithe chun a chinntiú go bhfuil an cistiú deontais curtha i bhfeidhm chun na críche a bhí beartaithe.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá gnáthaimh fhoirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnamh rialaithe in iúl dóibh sin atá freagrach as iad a réiteach agus don lucht bainistíochta agus don Bhord. Deimhnítear go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm;

- Saináithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a shaináithnítear a thuairisciú,
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ar gach leibhéal dár sannadh freagrach as bainistiú airgeadais, agus
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha feidhmíochta tréimhsiúla agus bliantúla agus ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

## Soláthar

Deimhnímidne go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag IIÉ chun a chinntiú go ndéantar rialacha agus treoirínte soláthair reatha a chomhlíonadh. Chomhlíon lascach Intíre Éireann na nósanna imeachta sin cé is moite de na heisceachtaí seo a leanas: i rith 2022 measadh ceannachán amháin a bheith neamh-chomhlíontach arbh fhiú €1,362 é.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhnítear go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lascach Intíre Éireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe agus rialaithe riosca. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú lascach Intíre Éireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais a threorú le hobair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann formhaoirseacht ar a gcuid oibre agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de IIÉ atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

## COVID-19

Bhí tionchar suntasach i gcónaí ag COVID-19 ar ghníomhaíochtaí lascach Intíre Éireann le linn 2022. Rinneadh clár oibre hibrideach a phíolótú agus seoladh é ina dhiaidh sin le linn na tréimhse.

Deimhnítear gur chuir na Ceapaithe alt 18, i gcomhlíonadh fheidhmeanna IIÉ, athbhreithniú bliantúil i gcrích maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2022 an 19 Aibreán 2023.

## Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

### Ábhair a dtugtar aghaidh orthu in Athbhreithniú na nAbhcóidí Sinsearach ar Bhord IIÉ

Sa Ráiteas Maidir le Rialú Inmheánach 2021, nochtadh le linn 2022, gur cheap an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Eamon Ryan TD, faoi alt 18(3) den Acht um lascach Intíre 2010 an tAbhcóide Sinsearach Conleth Bradley chun tabhairt faoi athbhreithniú ar oibríochtaí Bhord IIÉ. Bhain na fáthanna don athbhreithniú leis an méid seo a leanas:

- 1) Nochtadh rúnda neamhúdairithe líomhnaithe
- 2) Freagracht chomhchoiteann – Próisis chinnteoireachta an Bhoird
- 3) Cumarsáid inmheánach agus sheachtrach – Conas a phróiseáiltear comhfhreagras don Bhord.
- 4) An caidreamh idir an Bord agus an Feidhmeannas.

Is féidir an tuarascáil iomlán a fháil [anseo](https://www.gov.ie/en/publication/cfbec-independent-review-of-the-board-of-inland-fisheries-ireland/) nó ar an suíomh gréasáin <https://www.gov.ie/en/publication/cfbec-independent-review-of-the-board-of-inland-fisheries-ireland/>

Tá roinnt moltaí ón tuarascáil curtha i bhfeidhm. Coimisiúnaíodh Athbhreithniú Rialachais cuimsitheach ar IIÉ le linn 2023. Tá sé á dhéanamh ag Ernst & Young (EY) agus tá sé le críochnú sna seachtainí amach romhainn. Breithneofar na moltaí eile ó Athbhreithniú Conleth Bradley lena gcur chun feidhme ag féachaint do thorthaí an Athbhreithnithe rialachais atá beagnach críochnaithe faoi láthair.

Tá an mhoill ar chur chun feidhme tagtha chun cinn óir tar éis na tuarascála, i mí Feabhra 2023, tar éis do roinnt daoine éirí as oifig, bhain an tAire na comhaltaí eile de Bhord IIÉ ar bhonn gan locht.

## Ciste na gCuntas Díomhaoin (CCD)

Nochtadh an t-ábhar in SIC 2021. Bronnadh €1,579,250 san iomlán ar IIÉ ón CCD agus tharraing IIÉ síos €1,180,253 de sin. Mar a luadh in SIC 2021, aisíocadh €28,280 le CCD ar bhonn thorthaí an iniúchta agus tá an tarraingt anuas thuas glan ar an aisíocaíocht. Tá IIÉ sásta go bhfuil an cheist seo réitithe.

## Cumann Slatiascaireachta Farrage Mhachaire Eabha

Pléadh an cheist sin in SIC 2021. Tháinig an nochtadh sin aníos de bharr líomhaintí nárbh ann don chumann tráth deonaithe an mhaoinithe ó na Cuntais Dhíomhaoin. Tá an t-íniúchadh inmheánach curtha i gcrích agus tugadh cóip den tuarascáil don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Rinneadh roinnt moltaí sa tuarascáil a ghlac IIÉ agus mar thoradh air sin forbraíodh Beartas um Bainistíocht Deontas, feidhmíocht anailíse bunchúise agus monatóireacht bhreise. Maidir leis an líomhain nárbh ann don chumann nuair a ceadaíodh maoiniú, deirtear sa tuarascáil gur 'cumann nua a bhí san iarratasóir' tráth an iarratais. Deirtear chomh maith nach raibh 'struchtúir chúil rialachais agus riaracháin' i bhfeidhm ag an gcumann agus ar an mbonn sin is cosúil nach raibh siad i dteideal maoiniú €4,000 a fháil faoi théarmaí sonraithe an chláir mhaoinithe Slatiascaireachta do Chách (AFA). Tá an cumann bunaithe go foirmiúil anois, tá sé ag déanamh go maith i dtuairim in IIÉ agus tá sé fós ag cur go dearfach leis na spriocghrúpaí san Iarthuaisceart.

Measann IIÉ gur cumasaíodh an acmhainneacht sin den chuid is mó mar thoradh ar an gcúnamh a thug cónaidhm slatiascaireachta ag an am a cheannaigh an trealamh, a cuireadh ar fáil do Chumann Slatiascaireachta Mara Mhachaire Eabha

agus aisíocadh iad as cáipéisíocht chúil a sholáthar. Tá IIÉ sásta go bhfuil an cheist seo réitithe.

## Lóiste agus Iostáin Eas Liath

Tagraítear in SIC 2021 don líomhain seo a leanas - Laistigh den chomhfhreagras chuig an Aire an 10 Márta 2022, rinneadh líomhain freisin inar maíodh "Creidim go bhfuil ceisteanna amhrasacha ann maidir le réachtáil Lóiste Eas Liath agus iostáin ghaolmhara, ach tá sé ag dul deacair orm eolas a fháil ón bPríomhfheidhmeannach agus ón bhfeidhmeannas araon." Tá iniúchadh inmheánach curtha i gcrích agus glactha ag Ceapaithe alt 18 agus feidhmeanna IIÉ á gcomhlíonadh acu. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG). Tá cur chun feidhme na moltaí ar siúl faoi láthair, agus déantar achoimre ar thorthaí na moltaí mar a leanas:

- Faisnéis theoranta atá ar fáil faoin bpróiseas tairisceana chun an conradh a bhronnadh ar bhall foirne IIÉ mar gheall ar chomhad ábhartha atá ar iarraidh. Cheap IIÉ Oifigeach Soláthair agus chuir sé oiliúint ar fáil don fhoireann chúil. Tugtar aghaidh leis sin ar an gcinneadh áirithe seo agus ar an dá cheann ina dhiaidh.
- Easnaimh sa phróiseas tairisceana agus baol níos mó ann go mbeidh easpa iomaíochais ann maidir leis an gconradh a bhronnadh ar bhall foirne. Tá baol breise ann gan an luach is fearr ar airgead a bhaint amach.
- Easpa feasachta maidir le bainistiú cuil coinbhleachtaí leasa.
- Tá sé beartaithe ag IIÉ beartais a fhorbairt tuilleadh maidir le hathmheasúnú ar réadmhaoine nach bhfuil in úsáid (ar bun), diúscairt

sócmhainní (curtha i gcrích), bainistíocht riosca maidir le próiseas tairisceana (curtha i gcrích) agus bainistíocht taifead maidir le tairiscintí (curtha i gcrích).

## Feithiclí gan árachas

Nochtadh an t-ábhar go raibh 16 fheithicil gan árachas ag IIÉ ar an bhflít le linn 2021 in SIC 2021. Thug IIÉ a pholasáí árachais chun dáta agus tá nós imeachta nua i bhfeidhm chun aon atarlú amach anseo a chosc. Tá IIÉ ag fanacht le toradh na n-imeachtaí dlíthiúla maidir leis an ábhar seo.

## Feidhm cosanta IIÉ

Nochtadh an líomhain faoi ghníomhaíocht chosanta neamhéifeachtúil agus chostasach in SIC 2021. Mar fhreagairt, thug IIÉ sonraí don Aire faoi ionchúisimh a tugadh ar chionta iascaigh agus truaillithe, faoi líon na muirear pionóis muirear seasta agus na bhfoláireamh á n-eisiúint freisin. Tá IIÉ sásta go bhfuil an cheist seo réitithe.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, ag féachaint do chomhairle dlí a fuarthas maidir le saincheist theicniúil a bhaineann le húdaruithe chun ionchúiseamh a dhéanamh, tarraingíodh siar roinnt cásanna ionchúisimh a thionscain IIÉ.

## Fiailí ionracha a bhainistiú

Nochtadh an t-ábhar seo, a bhaineann le líomhain maidir le bainistiú *Lagarosiphon major* in Iarthar na hÉireann, in SIC 2021. Thug an freagra mionsonraí ar stair, réasúnaíocht na n-oibríochtaí bainistíochta fiailí, na Tionscadail éagsúla LIFE + agus Taighde a thacaíonn le hidirghabháil bhainistíochta. Tá IIÉ sásta go bhfuil an cheist seo réitithe.

## Imscaradh chabhlach na mBád Righin Inséidte

Tugadh míniú iomlán in SIC 2021 lena n-áirítear staitisticí maidir le líontáin a urghabhadh agus líon na bpatról in aghaidh na mBád Inséidte Righin. Ina theannta sin, áirítear sna téarmaí tagartha d'Iniúchadh Inmheánach an Chabhlaigh Árthaí Uisce úsáid agus luach ar airgead an chabhlaigh árthaí uisce. Níl an t-iniúchadh críochnaithe ag an taca seo, ach déanfar an ARC& C a chur ar an eolas faoi ar fháil na tuarascála deiridh.

## Athrú ar bhunáit POF

Pléadh an cheist sin in SIC 2021. Tá bunáit an Phríomhfheidhmeannaigh tar éis fillleadh ar Iarthar na Cathrach i mBaile Átha Cliath agus tá cothabháil €1041.08 aisíochta ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun bunáit a léiriú in Iarthar na Cathrach.

## Flít Feithicilí

Ag eascirt as iniúchadh 2021 bhí ceist faoi líon na bhfeithicilí i gcomparáid le líon na foirne, go háirithe baill foirne allamuigh, measadh an cóimheas a bheith ard. Tugadh aghaidh ar an ábhar sin in SIC 2021 agus tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh air ag an mbainisteoir cabhlaigh a ceapadh le déanaí. Beidh sé ina ábhar d'iniúchadh inmheánach in 2023 freisin agus nach bhfuil críochnaithe fós.

## Líon foirne

Ceadú 312 ach úsáid fhoireann na gníomhaireachta (bunaithe ar 14 bhall foirne gníomhaireachta in 2021) lena dtugtar IIÉ thar an gceadú faoi 8. Déileáladh leis an gceist sin in SIC 2021. Féach an sliocht thíos.

"Tá formhór na 14 bhall foirne gníomhaireachta ag déanamh gnáthphost laethúil a bhfuil gá oibríochtúil leo (mar

shampla, is baill foirne gníomhaireachta iad an fhoireann tacaíochta riaracháin in AD, Cumarsáid agus Lóistíocht ach is poist iad seo atá ríthábhachtach d'fheidhmiú laethúil na Ranna sin); sanntar an tosaíocht do phoist fostaithe do ranna oibríochtúla ar an mbonn nach bhfuil go leor "buataisí ar an talamh" againn i bhformhór na réigiún chun oibríochtaí criticiúla a dhéanamh (laghdaíodh líon na bpost de chuid IIÉ os cionn 200 post sna blianta moratóra agus níor athsholáthraíodh riamh iad)

Níl ach 2 dhaonphost i Roinn TFC IIÉ (1 x Riarachán de Ghrád 3 agus 1 x AP), tá an chuid eile de na baill foirne comhdhéanta d'fhoireann na gníomhaireachta; ní bhaineann sé seo ach amháin leis na rátaí margaidh tuarastail do na cineálacha sainphost TF sin – ní thairgeann scálaí tuarastail reatha IIÉ na rátaí pá is gá chun na sainscileanna TF a theastaíonn uainn a mhealladh (go háirithe ós rud é go gceanglaítear orainn iontrálaithe nua san earnáil phoiblí a thosú ar phointe 1 den scála pá).

Cuireadh plean fórsa saothair a dréachtaíodh i gcomhar le Mazars isteach sa Roinn i mí Iúil 2022 chun aghaidh a thabhairt ar uireasachtaí Chreatlach Rialaithe Fostaíochta 312 síos go dtí an bhliain 2025. Cuirtear san áireamh sna huireasachtaí sin an t-ualach breise riaracháin a chuirtear ar IIÉ ó reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, ní hamháin maidir le héisc ach maidir leis an ngnáthóg uisceach."

Le feidhm ón 1 Eanáir 2023, méadaíodh ECF IIÉ go 320. Tá 8 mball foirne gníomhaireachta fostaithe ag IIÉ faoi láthair agus tá plean


Thar ceann IIÉ



Seamus Neely

22 Samhain 2023

Dáta



Tom Barry

22 Samhain 2023

Dáta

## Criúna Cosanta nach gcomhlíonann a ndualgais.

Pléadh an cheist sin in SIC 2021. Tugadh aghaidh ar an ábhar trí chomhaontuithe áitiúla agus náisiúnta lena n-áirítear pleanálaithe oibre seachtainiúla a thabhairt isteach, tacaíocht thiomnaithe do Chomhpháirtí Gnó AD, pleananna feabhsúcháin feidhmíochta srl. Coinníonn na Cinn Acmhainní Daonna agus Oibríochtaí maoirseacht rialta.

## Ball foirne a úsáideann feithicil phearsanta nuair a bhíonn feithicil IIÉ ar fáil chun freastal ar chruinnithe.

Pléadh an cheist sin in SIC 2021. Níl aon chás ar eolas faoi láthair maidir le neamh-chomhlíonadh Bheartas Taistil IIÉ.

## Imscrúdú an Gharda Síochána

Pléadh an cheist sin in SIC 2021. I mí Iúil 2022 agus arís go déanach i mí Mheán Fómhair 2022 tar éis athbhreithniú inmheánach a dhéanamh, thuairiscigh an POF ábhar calaoise féideartha don Garda Síochána. Leanann an t-iniúchadh sin ar aghaidh. Ag brath ar thorthaí an imscrúdaithe, déanfar meastóireacht ar rialuithe inmheánacha de réir mar is gá.

## IASCACH INTÍRE ÉIREANN

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe don 12 mhí go dtí 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022		2021	
		€	€	€	€
<b>Ioncam</b>					
<b>Maoiniú Stáit agus an Aontais Eorpaigh</b>					
Deontais ón Oireachtas	2	31,031,573		24,381,407	
Lúide ranníocaíochtaí Scéime Pinsin Aonair arna n-íoc	14a	(252,263)		(226,154)	
Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin	14c	4,204,873	34,984,183	3,285,199	27,440,452
<b>Ioncam Eile</b>					
Eile	3		5,434,614		4,280,154
<b>Ioncam Iomlán</b>			<b>40,418,797</b>		<b>31,720,606</b>
<b>Caiteachas</b>					
Riarachán	4		6,287,122		5,546,632
Oibríochtaí	5		33,645,227		31,209,643
			39,932,349		36,756,275
<b>Barrachas / (Easnamh) don Bhliain roimh Leithreasuithe</b>			486,448		(5,035,669)
<b>Aistriú ón / (chuig) an gCuntas Caipitil</b>	12		(713,262)		(77,959)
<b>Barrachas/ (Easnamh) don Bhliain tar éis Leithreasuithe</b>			<b>(226,814)</b>		<b>(5,113,628)</b>
<b>Iarmhéid arna Thabhairt ar Aghaidh amhail an 01 Eanáir</b>			5,672,292		10,785,920
<b>Iarmhéid arna Thabhairt ar Aghaidh amhail ar an 31 Nollaig</b>			<b>5,445,478</b>		<b>5,672,292</b>

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo. Thar ceann Bhord Iascach Intíre Éireann

  
Seamus Neely  
Dáta

22 Samhain 2023

  
Tom Barry  
Dáta


22 Samhain 2023

## IASCACH INTÍRE ÉIREANN


Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022		2021	
		€	€	€	€
<b>Barrachas/ (Easnamh) don Bhliain tar éis Leithreasuithe</b>			(226,814)		(5,113,628)
Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir			(4,763,000)		1,501,000
Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha d'oibleagáidí sochair scoir			44,166,000		(828,000)
Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha iomlána sa bhliain	14b		39,403,000		673,000
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha sochar scoir			(39,403,000)		(673,000)
<b>Ioncam Cuimsitheach Iomlán Eile don bhliain</b>			<b>(226,814)</b>		<b>(5,113,628)</b>

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo. Thar ceann Bhord Iascach Intíre Éireann

  
Seamus Neely  
Dáta

22 Samhain 2023

  
Tom Barry  
Dáta

22 Samhain 2023





## IASCACH INTÍRE ÉIREANN

## Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €	2021 €
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh	9	22,100,476	21,387,214
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Fardal	16	1,700,417	1,672,759
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	17	8,135,788	9,811,807
Infháltais	10	2,158,438	1,309,465
		<b>11,994,643</b>	<b>12,794,031</b>
<b>Dlíteanais reatha (suimeanna dlíte laistigh d'aon bhliain amháin)</b>			
Suimeanna iníochta	11	6,549,165	7,121,740
		<b>6,549,165</b>	<b>7,121,740</b>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ / (GLANDLITEANAIS) REATHA</b>		5,445,478	5,672,291
<b>SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA ROIMH PHINSIN</b>		27,545,954	27,059,506
Sócmhainn maoinithe sochar scoir iarchurtha	14c	123,393,054	158,591,180
Oibleagáidí sochair scoir	14b	(123,393,054)	(158,591,180)
		-	-
<b>SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA</b>		27,545,954	27,059,506
<b>GLANSÓCMHAINNÍ / (GLANDLITEANAIS)</b>		27,545,954	27,059,506
<b>Cúlchistí</b>			
Cuntas caipitil	12	22,100,476	21,387,214
Barrachas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Coinnithe		5,445,478	5,672,292
		<b>27,545,954</b>	<b>27,059,506</b>

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.  
Thar ceann Bhord Iascach Intíre Éireann

  
Seamus Neely 22 Samhain 2023  
Dáta


  
Tom Barry 22 Samhain 2023  
Dáta


## IASCACH INTÍRE ÉIREANN

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2022

	2022 €	2021 €
<b>Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríúcháin</b>		
Barrachas Caiteachais thar loncam	486,448	(5,035,669)
Dímheas agus Lagú Sócmhainní Seasta	2,452,600	2,060,909
(Méadú)/Laghdú ar Infháltais	(848,973)	(488,829)
Méadú/(Laghdú) i Suimeanna iníochta	(572,574)	(317,841)
(Brabús) / Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	(81,402)	149
Glanús	45,819	28,882
(Méadú)/Laghdú ar Fhardal	(27,660)	237,592
<b>Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid mar thoradh ar Ghníomhaíochtaí Oibríúcháin</b>	<b>1,454,258</b>	<b>(3,514,807)</b>
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>		
Íocaíochtaí chun Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh a fháil	(3,193,565)	(2,143,189)
Fáltais ó dhiúscairtí Réadmhaoine, Gléasra & Trealamh	109,107	4,173
<b>Glan-Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>	<b>(3,084,458)</b>	<b>(2,139,016)</b>
<b>Sreafaí Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>		
Glanús	(45,819)	(28,882)
<b>Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>	<b>(45,819)</b>	<b>(28,882)</b>
<b>Glanmhéadú / (Laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim</b>	<b>(1,676,019)</b>	<b>(5,682,705)</b>
<b>Réiteach ar Ghlan-insreabhadh/(Ghlan-eis-sreabhadh) Airgid Thirim le gluaiseacht i nglanchistí</b>		
Méadú / (Laghdú) in airgead tirim	(1,676,019)	(5,682,705)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana	9,811,807	15,494,512
<b>Airgead agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana</b>	<b>8,135,788</b>	<b>9,811,807</b>

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.  
Thar ceann Bhord Iascach Intíre Éireann

  
Seamus Neely 22 Samhain 2023  
Dáta

  
Tom Barry 22 Samhain 2023  
Dáta

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus na beartais thábhachtacha chuntasaíochta atá glactha ag lascach Intíre Éireann. Cuireadh na beartais sin ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

### a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh lascach Intíre Éireann faoin Acht lascaigh 2010 lena cheann oifig ag 3044 Céide an Locha, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24, D24 CK66.

Is iad príomhchuspóirí lascach Intíre Éireann acmhainn iascaigh intíre na hÉireann a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú.

Eintiteas Sochair Phoiblí atá in lascach Intíre Éireann.

### b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais lascach Intíre Éireann don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus le FRS102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

### (b) Bonn a nUllmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite

de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le comhthoilú an Aire Caiteachais Phoiblí, Soláthair PFN agus Athchóirithe faoin Acht um lascach Intíre 2010. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíodhas ag plé le míreanna a mheastar le bheith bainteach le ráitis airgeadais lascach Intíre Éireann.

### d) Ioncam

#### Deontais ón Oireachtas

Tugtar cuntas ar ioncam ó Dheontais Oireachtais ar bhonn fáltais airgid.

Tugtar cuntas ar ioncam ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoina scéim Áineasa Tuaithe ar bhonn fabhráithe.

Tugtar cuntas ar ioncam ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir leis an Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta (NSAD) agus Scéim Tacaíochta lascaire na nEascann ar bhonn fabhráithe.

Tugtar cuntas ar gach ioncam eile a fhaightear ar bhonn fabhráithe.

#### Aisíocaíochtaí deontas a íocadh

Tagann deontais a íocadh chun bheith in-aisíochta i gcúinsí áirithe, amhail leachtú/díscaoileadh na cuideachta is faighteoir, nó mura gcomhlíontar coinníollacha an deontais. Aithnítear aisíocaíochtaí deontais nuair is

dócha go bhfaighidh lascach Intíre Éireann an t-airgead agus is féidir an méid a mheas go hiontaofa; dá bhrí sin tugtar cuntas orthu ar bhonn fabhráithe.

#### Ioncam ó ús

Aithnítear ioncam ó ús ar bhonn fabhráithe ag úsáid mhodh an ráta éifeachtúil úis.

#### Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhráithe seachas ciste Caomhnaithe, fineálacha & forghéilleadh, díol foilseachán agus táillí iarratais na Saorála Faisnéise a thuairiscítear ar bhonn airgid a fhaightear.

### e) Cuntas Caipitil

Seasann an Cuntas Caipitil don tsuim ioncaim gan amúchadh a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

### f) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Tá réadmhaoin, gléasra agus trealamh luaite ar a gcostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú d'aon soláthar don lagú. Déantar dímheas maidir le gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh, seachas talamh ruíse agus saothar ealaíne, ar rátaí a mheastar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh, lúide an luach iarmharach measta, de réir méid chothroim, thar a saolré úsáideach ionchasach, mar seo a leanas:

(i) Foirgnimh agus Gortanna	2%
(ii) Mótárfheithiclí	20%
(iii) Trealamh Allamuigh	25%
(iv) Trealamh Saotharlainne	33⅓%
(v) Báid	10%
(vi) Leantóirí	10%

(vii) Innill	20%
(viii) Troscán agus Trealamh Oifige	20%
(ix) Ríomhairí	33⅓%

Léirítear leis an luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscairthe a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn sin ar aois agus sa riocht a mbeadh coinne leis ag deireadh a saolré úsáidí.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

### g) Fardal

Is éard atá san fhardal earraí lena n-athdhíol, agus aithnítear é sna ráitis airgeadais ag an gceann is ísle de Chostas agus Glanluach Inréadaithe (NRV). Ríomhtar an costas ar bhonn is tuisce isteach is tuisce amach (FIFO) agus áirítear leis na costais cheannaigh go léir. Is é NRV an praghas díola (iarbhir nó measta) lúide na costais chríochnaithe riachtanacha go léir. Ríomhtar stoc san fheirm éisc le ráta mortlaíochta gafa de 60%.

### h) Infháltais

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Soláthar sonracha is ea an soláthar d'fhiacha amhrasacha, a bhunaítear nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh lascach Intíre Éireann in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

## i) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil méaduithe cíosa nasctha leis an ráta measta boilscithe, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasacht léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

## j) Sochair Fostaithe

### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Iníochta sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

### Sochair Scoir

Bhunaigh Iascach Intíre Éireann a scéim pinsin féin le sochar sainithe roimhe seo, arna maoiniú go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' ón airgead a bhíonn ón airgead a chuireann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar fáil agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear de thuarastail choinnithe na mball foirne. Oibríonn Iascach Intíre Éireann Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí ('An Scéim Aonair') freisin. Is scéim sochair shainithe í sin do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí bhail na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Soláthair PFN agus Athchóirithe (DPENDPDR).

Léirítear le costais pinsin na sochair pinsean atá tuilte ag fostaithe, agus taispeántar glan ó ranníocaíochtaí pinsin na mball foirne iad. Aithnítear aon suim a bhaineann leis

an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé inghnóthaithe go ndéantar é a fhritháireamh in aghaidh deontais a fhaightear le linn na bliana i leith íocaíochtaí pinsin a íoc.

Tá gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a d'éirigh as dliteanais na scéime léirithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus tá coigeartú comhfhreagrach aitheanta sa tsuim atá inghnóthaithe ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin lascaigh Intíre Éireann agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáiochta ina dtuilleann fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí leas a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

## k) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasáiochta Chriticiúla

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, ní foláir don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna arna dtuairisciú le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an chlár chomhardaithe agus na méideanna arna dtuairisciú d'ioncaim agus do chaiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil leis na meastacháin sin mar gheall ar nádúr an mheastacháin féin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i gcion ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

### Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir ag amúchadh do bhearnú nuair a léirítear le heachtraí nó athruithe i gcúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnaithe mar an tsuim a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim in-aisghabhála. Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne ná luach cóir na sócmhainne lúide a costas díolta nó a luach úsáide, cibé acu is airde. D'fhonn bearnú a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag an leibhéal is ísle a bhfuil sreafaí inaitheanta airgid (aonaid ghinte airgid) ar leith ag baint leo. Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais a d'fhulaing bearnú le féachaint an bhfuil an bearnú curtha droim ar ais ag gach dáta tuairiscithe.

### Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar shaolré sócmhainní agus ar na luachanna iarmharacha gaolmhara de gach aicme sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus bhain de thátaí as gurb iomchuí saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

### Soláthairtí

Déanann Iascach Intíre Éireann soláthairtí d'oibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe, arb eol di a bheith gan íoc ar dháta deiridh na tréimhse. Déantar na forálacha sin de ghnáth bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ábhartha eile, arna coigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair is ábhartha. Mar sin féin is

meastacháin iad ar na costais airgeadais i gcás teagmhais nach bhféadfadh tarlú go ceann roinnt blianta. Dá thoradh sin agus de bharr an leibhéil éiginnteachta a ghabhann leis na torthaí deiridh, féadfaidh an toradh iarbhír a bheith an-difriúil ón meastachán.

### Oibleagáid Sochair Scoir

Maidir leis na toimhdí atá mar bhunús na luachálacha achtúireacha lena gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaire, méadaithe sna rátaí maidir le leibhéal chúitimh sa todhchaí, rátaí básmaireachta agus treochtaí sna rátaí i leith costas cúraim sláinte), déantar iad a thabhairt cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar na dálaí geilleagracha reatha agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i gcion ar na toimhdí sin:

- (i) an ráta lascaire, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta
- (ii) leibhéal chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo

## 2 Deontais ón Oireachtas

Is éard atá i gceist leis na Deontais Oireachtais a vótáladh chuig IIÉ ó Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumannachas, Fo-Cheann C5 lascach Intíre mar a léirítear sna ráitis airgeadais:

	2022	2021
	€	€
<b>Iascach Intíre Éireann</b>		
Deontas Caiteachais Reatha	28,519,477	24,120,619
Deontas Caiteachais Reatha - Straitéise Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta	362,199	190,278
Deontas Caiteachais Reatha - Eascanna Eolaíochta	75,564	70,510
Deontas Caiteachais Chaipitiúil	2,074,333	-
	<b>31,031,573</b>	<b>24,381,407</b>

## 3 Ioncam Eile

	2022	2021
	€	€
Obair ar chonradh	2,801,834	2,105,550
Ioncam Feirme Éisc	300,710	265,669
Ioncam ó Cheadanna	628,397	564,637
<b>Ioncam ó Cheadúnais</b>		
Slat	559,626	
Iascach tráchtála	39,325	
Cuid X Ceannaithe	32,788	
Iascaigh Stáit	69,470	701,209
Maoiniú don Chaomhnú Bradán	368,488	407,729
Fíneálacha & Forghéilleadh (a)	122,896	109,110
Rátaí Iascaigh	233,214	226,715
Brabús (Caillteanas) ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	81,402	(149)
Ciste Áineasa Tuaithe	95,297	-
Ilghnéitheach	101,167	19,065
	<b>5,434,614</b>	<b>4,280,154</b>

(a) Le linn 2022, íocadh €21,428 san iomlán ón Vóta Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide faoi Alt 315(3) den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú) 1959. Tá siad sin san áireamh i bhFíneálacha agus Forghéilleadh (2021: € 22,130).

## 4 Riarachán

	Nótaí	2022	2021
		€	€
Costais foirne agus Táillí na gComhaltaí Boird	6	4,225,409	3,898,837
Speansais oifige	8e	260,758	265,067
Ús bainc		45,815	28,880
Fógraíocht & faisnéis phoiblí		72,443	36,011
Poiblíocht & cur chun cinn		68,965	56,039
Táillí gairmiúla		305,790	179,019
Táille iniúchóireachta		55,300	39,918
Speansais an Bhoird		19,277	14,814
Táillí Dlí		108,225	52,391
Árachas		53,926	47,187
Dímheas	9	484,695	460,437
Caiteachas Ríomhaireachta	8d	372,677	242,734
Ilghnéitheach	8b	115,796	151,924
Soláthar do dhrochfhiacha	8b	98,046	73,374
		<b>6,287,122</b>	<b>5,546,632</b>

## 5 Oibríochtaí

	Nótaí	2022 €	2021 €
Costais foirne	6	23,794,065	22,666,769
Speansais oifige	8e	865,342	747,273
Sábháilteacht		304,151	581,185
Oiliúint		312,842	420,920
Táillí Dí		350,730	337,813
Táillí gairmiúla		668,446	561,414
Deisiúcháin & cothabháil	8e	132,673	151,309
Soláthairtí allamuigh		331,479	307,027
Oibreacha Forbartha	8c	1,374,622	409,382
Soláthairtí Forbartha	8c	802,981	717,519
Reáchtáil & cothabháil feithiclí & bád	8a	1,560,652	1,598,734
Speansais saotharlainne		40,321	44,364
Ceannach éisc & bia éisc		218,310	205,026
Árachas		341,752	306,154
Dímheas	9	1,967,905	1,600,717
Ilghnéitheach	8b	347,638	272,582
Caiteachas Ríomhaireachta	8d	182,316	238,605
Coimisiún ceadúnas agus ceadanna		49,002	42,850
		<b>33,645,227</b>	<b>31,209,643</b>
<b>iomlán an chaiteachais</b>		<b>39,932,349</b>	<b>36,756,275</b>

\* Cuimsíonn Táille Iníúchta C&AG fabhrú ar €11,400 a bhaineann le táille bhreise d'Iníúchadh 2021

## 5a Costais Chomhairleachta - Mionsonraí

	Nótaí	2022 €	2021 €
Feabhsú gnó		182,575	128,078
Airgeadas		45,844	50,943
AD/Pinsean		158,611	74,277
Táillí Dí		458,955	390,204
Innealtóirí Comhairleachta		75,554	41,789
Suirbhé ar Eascanna		23,292	16,800
Íocaíochtaí na Scéime Deontais Tacaíochta Eascann *		-	7,000
Comhairleacht Chomhshaoil		298,811	178,015
Seirbhísí Liachta		22,585	31,471
Seirbhísí Tréidliachta		17,919	16,971
Eile		542	7,631
Caipiteal Eile		64,432	18,081
Caidreamh poiblí / Margáíocht		66,896	89,593
Réadmhaoin/Pleanáil		39,430	52,032
<b>iomlán</b>		<b>1,455,446</b>	<b>1,102,885</b>

\* Cuireann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide íocaíocht aisig ar fáil tríd an Scéim Tacaíochta d'Iascairí Eascann d'iariascairí eascann a ceadúnaíodh/a ceadáíodh dóibh a bheith rannpháirteach san iascach eascann tráchtála in 2007. Tá an maoiniú scaipthe go hiomlán anois.

## 6 Luach saothair agus Costais Eile Phá

### 6a

	Nótaí	2022 €	2021 €
Tuarastail & pá *		19,963,301	19,818,010
Táillí Chomhaltáí an Bhoird	7	43,701	57,427
Taisteal & Cothú - Náisiúnta		953,614	715,320
Taisteal & cothabháil – Idirnáisiúnta		23,588	8,628
Costais phinsin	14a	7,035,270	5,966,220
		<b>28,019,474</b>	<b>26,565,605</b>

San áireamh i dtuarastail agus pá tá:

- Suimeanna iomlána dar luach €1.403m a íocadh le 267 mball foirne (2021: €1.417m a íocadh le 271 bhall foirne) maidir le híocaíochtaí uaireanta míshóisialta
- 3 iomarcaíocht arbh ionann iad agus € 15,972 san iomlán. (2021: Bhí 5 iomarcaíocht ann dar luach € 21,629, 1 íocaíocht *ex-gratia* dar luach € 3,603 agus 5 shocraíocht dar luach € 40,000 dar luach iomlán € 65,232)

	2022 Líon	2021 Líon
<b>Líon na bhfostaithe</b>		
Bainistíocht & cléireachas	64	66
Taighde / teicniúil	249	259
Eile	1	1
Iomlán Foirne	<b>314</b>	<b>326</b>

### 6b

Raon na sochar gearrthéarmach tuarastail d'fhostaithe		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go dtí	2022	2021
€ 60,000 -	€ 69,999	33	43
€ 70,000 -	€ 79,999	23	10
€ 80,000 -	€ 89,999	5	4
€ 90,000 -	€ 99,999	6	6
€ 100,000 -	€ 109,999	1	3
€ 110,000 -	€ 119,999	4	2
€ 120,000 -	€ 129,999	-	-
€ 130,000 -	€ 139,999	-	-
€ 140,000 -	€ 149,999	-	1
€ 150,000 -	€ 159,999	1	-
€ 160,000 -	€ 169,999	-	-
€ 170,000 -	€ 179,999	-	-

Tabhair faoi deara: chun críocha an nocht seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastail, liúntais ragoibre, liúntais agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach níl ÁSPC fóstóra san áireamh.

## 6c Sochair Fostaithe Chomhiomlána

	2022 €	2021 €
Tuarastal foirne agus sochair ghearrthéarmacha Foireann Bhuan	17,332,576	17,293,455
Tuarastal foirne agus sochair ghearrthéarmacha Foireann ar Conradh	888,856	742,974
Costais sochair scoir	7,035,270	5,966,220
Ranníocaíocht an fhostóra le leas sóisialach	1,839,386	1,839,386
	<b>27,096,088</b>	<b>25,842,035</b>

## 6d Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

	2022 €	2021 €
Bunphá	16,191,612	15,946,762
Ragobair	7,569	15,241
Liúntais	1,411,726	1,427,251
	<b>17,610,907</b>	<b>17,389,254</b>

## 6e Príomhphearsanra Bainistíochta

I measc an príomhphearsanra bainistíochta in Iascach Intíre Éireann tá comhaltáí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ceann Airgeadais & Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh, Ceann Oibríochtaí, Ceann Forbartha Gnó, Ceann Taighde & TFC, Ceann Acmhainní Daonna agus Ball Boird ar Stipinn (Sonraí Nóta 7). Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe le haghaidh príomhphearsanra bainistíochta:

	2022 €	2021 €
Tuarastal	814,164	829,434
Liúntais	-	-
Sochair Foirceanta	-	-
Árachais Sláinte	-	-
	<b>814,164</b>	<b>829,434</b>

Ní áirítear ann luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse. Is comhaltáí de scéim pinsin Iascach Intíre Éireann príomhphearsanra bainistíochta, cé is moite de Chomhaltáí an Bhoird, agus ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí scéim pinsin eiseamláireach na seirbhíse poiblí.

## 6f Luach saothair an Phríomhoifigh Feidhmiúcháin

Bhí luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh comhdhéanta de:

	2022	2021
	€	€
Buntuarastal iantúil *	152,678	144,947
<b>Iomlán</b>	<b>152,678</b>	<b>144,947</b>

Tá an POF ina bhall de scéim pinsin lascach Intíre Éireann agus ní théann a chuid teidlíochtaí maidir leis sin níos faide ná an teidlíocht chaighdeánach sa scéim aoisliúntais um shochar sainithe eiseamláireach na hearnála poiblí. Ní áirítear anseo luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse thuas.

Fuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin forchúiteamh taistil agus cothabhála dar luach €18,997 in 2022 (2021: €7,628).

Ní dhearnadh aon íocaíocht leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin faoi scéimeanna pá a bhain le feidhmíocht sa tréimhse.

Ba é €165,451 luach an tuarastail bhliantúil don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin @ 31 Nollaig 2022 ag pointe 3 den scála POF. Bhí Feithicil IIÉ in úsáid aige freisin.

\*Forchúitíodh ró-íocaíocht €4,487.70 le linn 2022 le haghaidh ró-íocaíochta i mí na Samhna 2021. Ina theannta sin, fuair an POF incrimint an 29 Samhain 2022 agus bhí sé ar pointe 2 den scála go dtí sin. Léiríonn an Tuarastal Bliantúil luaite an pointe ar scála amhail an 31 Nollaig 2022.

## 7

Íocadh na suimeanna seo a leanas le comhaltaí an Bhoird don 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2022

An Bord	An Coiste		An Mheitheal		Grúpa Stiúrtha		Táillí & Luach Saothair
	An Bord	Iníúcháireachta agus Riosca	An Fochóiste Réadmhaoine	Chomhpháirteach um Fheirm Éisc	Thionscadal na Feirme Éisc	An Fochóiste Straitéiseach Acmhainní Daonna	
	2022	2022	2022	2022	2022	2022	2022
<b>Líon na gCruinnithe</b>							
Fintan Gorman (Cathaoirleach) <sup>A</sup>	6						6,168 4,121
An tOll. Frances Lucy <sup>G</sup>	12	3		1	1		2,410 -
Seán Coady <sup>C</sup>	12		2				5,890 -
Patrick Gibbons <sup>B,C</sup>	12	2	1				457 7,695
Bernadette Orbinski Burke	11	5					943 7,695
Seamus Boland <sup>A,C</sup>	5						- 2,649
Michael McGreal <sup>C,D</sup>	11		2				4,820 7,695
Marie Louise Heffernan <sup>A</sup>	8	4					938 6,151
Fiona Walsh	12	4					436 7,695
<b>Cruinnithe Iomlána (24)</b>	<b>13</b>	<b>5</b>	<b>2</b>	<b>1</b>	<b>3</b>	<b>0</b>	<b>22,062 43,701</b>

Íocadh na suimeanna seo a leanas le comhaltaí an Bhoird don 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2021

An Bord	Líon na gCruinnithe ar Freastalaíodh Orthu	
	Míleáiste & Cothú	Táillí & Luach Saothair
	2021	2021
Fintan Gorman (Cathaoirleach)	11,999	11,970
An tOll. Frances Lucy <sup>B,D,E</sup>	443	-
Seán Coady <sup>C</sup>	1,824	-
Patrick Gibbons <sup>B,C</sup>	-	6,982
Bernadette Orbinski Burke <sup>B</sup>	50	7,695
Seamus Boland <sup>F</sup>	-	7,695
Michael McGreal <sup>C,F</sup>	1,725	7,695
Marie Louise Heffernan <sup>B</sup>	1,298	7,695
Fiona Walsh	-	7,695
	<b>17,339</b>	<b>57,427</b>

Bunaíodh meitheal nua in 2022, Grúpa Stiúrtha Tionscadal Feirme Éisc.

B'ionann líon iomlán na gcruinnithe a reáchtáladh in 2022 agus 24 (2021: 30 cruinniú)

Ní bhfuair an tOll. Frances Lucy agus Sean Coady aon táille Boird faoin bprionsabal Aon Duine Aon Tuarastal (OPOS)

Freastalaíonn roinnt comhaltaí ar Fochóistí Boird agus ar Mheithleacha freisin:

<sup>A</sup> a sheasann d'éirí as oifig le linn na tréimhse

<sup>B</sup> a sheasann do bhallaíocht an Choiste Iníúchta agus Riosca le linn na tréimhse

<sup>C</sup> a sheasann don Fochóiste Réadmhaoine le linn na tréimhse

<sup>D</sup> a sheasann don Mheitheal Feirme Éisc le linn na tréimhse

<sup>E</sup> a sheasann do Ghrúpa Stiúrtha Tionscadal na Feirme Éisc

<sup>F</sup> a sheasann don Fochóiste Straitéiseach AD

<sup>G</sup> ceaptha ina Chathaoirleach ar an mBord 4 Bealtaine 2022

## 8a Reáchtáil & cothabháil feithiclí & báid

	2022	2021
	€	€
Árachas Feithiclí	113,793	177,014
Deisiúcháin & cothabháil feithiclí	386,338	273,650
Breosla feithiclí	558,283	466,303
Árachas Báid	58,572	53,496
Deisiúcháin & cothabháil báid	122,185	88,056
Breosla báid	45,057	43,206
Fruiliú Carranna Ceilte	-	12
Stóráil Bád & Feithiclí	4,900	4,476
Fruiliú ginearálta Carranna	177,414	351,651
Costais réachtála eile	94,110	140,870
	<b>1,560,652</b>	<b>1,598,734</b>

## 8b Ilghnéitheach

	2022	2021
	€	€
Irisí / tréimhseacháin	974	1,216
Speansais Cruinnithe	13,853	7,210
Cúiréir	18,784	11,309
Caiteachas Saoráidí	72,429	78,602
Vacsáiní d'Éisc	1,177	8,784
Costais lasclainne	26,290	30,549
Soláthairtí tí	13,473	7,896
Glantachán	89,930	75,735
Slándáil	67,048	70,895
Deisiúcháin & cothabháil trealamh	73,899	95,415
Soláthar do Dhrochfhiacha	97,635	73,374
Drochfhiacha a Dhíscríobh	411	-
Trealamh faoi luach €500	67,211	30,483
Ilghnéitheach	18,366	6,412
	<b>561,480</b>	<b>497,880</b>

## 8c Caiteachas Forbartha

	2022	2021
	€	€
Fochonraitheoireacht / fruiliú gléasra	1,265,832	398,669
Soláthairtí forbartha	802,981	717,519
Oibreacha Athshlánaithe	108,790	10,713
	<b>2,177,603</b>	<b>1,126,901</b>

## 8d Caiteachas Ríomhaireachta

	2022	2021
	€	€
Tomhaltáin ríomhaireachta	66,130	21,271
Bogearraí ríomhaireachta	22,521	85,343
Cothabháil & Ceadúnúchán Ríomhairí	364,516	374,725
Seirbhísí Bainistithe & Néalríomhaireachta	101,826	-
	<b>554,993</b>	<b>481,339</b>

## 8e Speansais oifige

	2022	2021
	€	€
Priontáil & stáiseanóireacht	72,048	66,854
Postas & teileafón	105,032	96,058
Fóin phóca & Leathanbhanda & Crainn Aeróige & Cumarsáid Lasmuigh den Láithreán	370,536	410,021
Cíos & rátaí	135,986	112,594
Teas & solas	352,867	255,138
Deisiúcháin & cothabháil	222,304	222,985
	<b>1,258,773</b>	<b>1,163,650</b>



## 9 Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh

	Talamh, foirgnimh, ceantair iascaigh agus gorlanna	Mótarfheithicilí	Báid & innill	Trealamh allamuigh agus saotharlainne, lena n-áirítear Leantóirí	Troscán, trealamh oifige. & ríomhairí	Iomlán
	€	€	€	€	€	€
<b>Costas nó luacháil</b>						
Amhail an 1 Eanáir 2022	22,551,252	6,066,550	6,460,978	6,817,624	3,322,244	45,218,648
Athaicmiú an 1 Eanáir 2022	-	-	-	(111,037)	111,037	-
Breiseanna don bhliain	686,199	1,428,758	192,370	552,709	333,529	3,193,565
Diúscairtí don bhliain	-	(448,278)	(11,848)	(110,539)	(82,520)	(653,185)
Amhail an 31 Nollaig 2022	23,237,451	7,047,030	6,641,500	7,148,757	3,684,290	47,759,028
<b>Dímheas</b>						
Amhail an 1 Eanáir 2022	5,996,049	4,599,383	4,173,974	6,078,115	2,983,913	23,831,434
Baineann coigeartú ar FMIS le 2020 báid righne inséidte a níodh amach in 2022	-	-	-	-	-	-
Athaicmiú an 1 Eanáir 2022	-	-	-	(92,136)	92,136	-
Muirear don bhliain	482,548	849,064	488,753	412,315	219,920	2,452,600
Diúscairtí don bhliain	-	(423,455)	(11,848)	(108,074)	(82,105)	(625,482)
Amhail an 31 Nollaig 2022	6,478,597	5,024,992	4,650,879	6,290,220	3,213,864	25,658,552
<b>Glanluach de réir na Leabhar</b>						
Amhail an 1 Eanáir 2022	16,555,203	1,467,167	2,287,004	739,509	338,331	21,387,214
Glanghluaiseacht don bhliain	203,651	554,871	(296,383)	119,028	132,095	713,262
Amhail an 31 Nollaig 2022	16,758,854	2,022,038	1,990,621	858,537	470,426	22,100,476

I dtaca leis an mBliain Roimhe

	Talamh, foirgnimh, ceantair iascaigh agus gorlanna	Mótarfheithicilí	Báid & innill	Trealamh allamuigh agus saotharlainne, lena n-áirítear Leantóirí	Troscán, trealamh oifige. & ríomhairí	Iomlán
	€	€	€	€	€	€
<b>Costas nó luacháil</b>						
Amhail 1 Eanáir 2021	22,089,861	5,374,918	6,417,937	6,238,159	3,029,010	43,149,885
Athaicmiú an 1 Eanáir 2021	(3,831)	-	(2,221)	2,221	3,831	-
Breiseanna don bhliain	465,222	737,674	53,558	592,153	294,582	2,143,189
Diúscairtí don bhliain	-	(46,042)	(8,296)	(14,909)	(5,179)	(74,426)
Amhail an 31 Nollaig 2021	22,551,252	6,066,550	6,460,978	6,817,624	3,322,244	45,218,648
<b>Dímheas</b>						
Amhail 1 Eanáir 2021	5,542,119	4,078,566	3,689,500	5,720,279	2,810,166	21,840,630
Baineann coigeartú ar FMIS le 2020 báid righne inséidte a níodh amach in 2022	-	-	(245)	-	-	(245)
Athaicmiú an 1 Eanáir 2021	(6)	-	(56)	56	6	-
Muirear don bhliain	453,936	566,859	491,721	369,844	178,794	2,061,154
Diúscairtí don bhliain	-	(46,042)	(6,946)	(12,064)	(5,053)	(70,105)
Amhail an 31 Nollaig 2021	5,996,049	4,599,383	4,173,974	6,078,115	2,983,913	23,831,434
<b>Glanluach de réir na Leabhar</b>						
An 31 Nollaig 2020	16,262,443	1,551,081	3,139,266	580,807	182,715	21,716,312
<b>Glanluach de réir na Leabhar</b>						
31 Nollaig 2021	16,555,203	1,467,167	2,287,004	739,509	338,331	21,387,214

## 10 Anailís ar infháltais

	2022	2021
	€	€
Féichiúnaithe trádála srl.	1,026,044	1,067,143
Ioncam Fabhráithe	1,870,233	887,979
Soláthar do dhrochfhiacha	(771,667)	(674,032)
Réamhíocaíochtaí eile	33,828	28,375
	<b>2,158,438</b>	<b>1,309,465</b>

## 11 Anailís ar shuimeanna iníoctha

### 11a

	2022	2021
	€	€
<b>Ioncam Iarchurtha</b>		
Ioncam Conartha iarchurtha	91,522	97,604
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail - Ciste Áineasa Tuaithe	76,588	171,885
Scéim na Straitéise Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta	165,549	527,748
Eascanna Eolaíochta	104,925	180,490
<b>Iomlán don Ioncam Iarchurtha</b>	<b>438,584</b>	<b>977,727</b>
<b>Cistí a choinnítear ar iontaobhas</b>		
An Ciste Caomhnaithe Bradán	3,681,648	3,540,843
Creidiúnaithe trádála agus fabhrúithe	2,428,933	2,603,170
	<b>6,549,165</b>	<b>7,121,740</b>

Gintear Cistí Caomhnaithe Bradán ó cheadúnais iascaireachta bradán agus ceadúnais iascaireachta tráchtála a dhíol. Déantar an t-ioncam a ghintear ón gCiste Caomhnaithe Bradán a ath-infheistiú chun téarnamh ár stoc bradán agus ár ngnáthóg a chur chun cinn, agus indéantacht tionscadail, infhaighteacht cistiúcháin agus luach ar airgead á dtabhairt san áireamh.

Tá an Ciste á bhainistiú ag Iascach Intíre Éireann agus tugtar cuntas air mar Chreidiúnaí sa ráiteas ar staid an airgeadais. I gcás ina dtabhaíonn Iascach Intíre Éireann caiteachas díreach ar thionscadail i ndáil le gníomhaíochtaí an Chiste aisíoctar ón gCiste é. Cuirtear caiteachas díreach IIÉ chun dochair ioncam agus Caiteachais agus cúlchistí ioncaim coinneithe. Tugann Iascach Intíre Éireann cuntas ar aisíocaíocht ón gCiste mar Ioncam Eile (Nóta 3) ar bhonn fáiltas airgid. Tugtar cuntas ar gach idirbheart eile a bhaineann leis an gCiste, lena n-áirítear íocaíochtaí le tríú páirtithe, mar ghluaiseachtaí i bhfigiúr na gCreidiúnaithe.

## 11b

Nochtar thíos idirbhearta maidir leis an gCiste Caomhnaithe Bradán in 2022.

	2022	2021
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	3,540,843	3,509,806
Fáltais	580,679	465,704
Ús tuillte	(15,605)	(17,677)
Caiteachas		
Árachas SCF Fostóra agus Dlíteanas Poiblí	(4,715)	(5,389)
Le tríú páirtithe	(51,066)	(3,872)
Le IIÉ*	(368,488)	(407,729)
<b>Iarmhéid Deiridh</b>	<b>3,681,648</b>	<b>3,540,843</b>

\*Tugann IIÉ cuntas air mar Ioncam Eile.

	Ioncam Conartha iarchurtha	Ciste Áineasa Tuaithe	SNFS	Eascanna Eolaíochta	Iomlán
	A	B	C	D	
Iarmhéid Tosaigh	97,604	171,885	527,748	180,490	977,727
Fáltais sa bhliain	39,577	-	-	-	39,577
Coigeartú slánúcháin				(1)	(1)
Scaoilte chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais	(45,659)	(95,297)	(362,199)	(75,564)	(578,719)
<b>Iarmhéid Deiridh</b>	<b>91,522</b>	<b>76,588</b>	<b>165,549</b>	<b>104,925</b>	<b>438,584</b>

- A** Ioncam Ceadúnais, Staidéar Géiniteach Breac i gcás ioncam conartha
- B** Cuireann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cistiú ar fáil ón gCiste Áineasa Tuaithe chun príomhthionscadail slatiascaireachta a fhorbairt i gceantair thuaithe
- C** Cuireann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide cistiú ar fáil d'aon duine aonair, do chumann slatiascaireachta srl. a bhfuil suim acu i bhforbairt agus i bhfeabhsú slatiascaireacht agus/nó iascaigh na hÉireann faoin Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta (NSAD).
- D** Is tionscnamh taighde comhoibríoch é Eascanna Eolaíochta lena mbaineann eolaithe IIÉ agus roinnt iar-iascairí eascann chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar eolas náisiúnta ar an speiceas agus ar a acmhainneacht mheántéarmach go fhadtéarmach le haghaidh téarnaimh

## 12 Cuntas caipitil

	2022	2021
	€	€
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	21,387,214	21,309,255
<b>Aistrú (chuig) / ó Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe</b>		
Chun ceannacháin sócmhainní seasta a mhaoiniú	3,193,565	2,143,189
Méid Scaoilte ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(27,703)	(4,076)
Amúchadh ar aon dul le dímhéas sócmhainní	(2,452,600)	(2,061,154)
	<b>713,262</b>	<b>77,959</b>
Iarmhéid	<b>22,100,476</b>	<b>21,387,214</b>

## 13 Nochtuithe le Páirtithe Gaolmhara

Glacann Iascach Intíre Éireann nósanna imeachta de réir na dtreoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Soláthar PFN agus Athchóirithe (DPENDPDR), lena gclúdaítear leasanna pearsanta chomhaltaí an Bhoird. I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh Iascach Intíre Éireann deontais a fhorfhéas nó dul isteach i socrúithe conarthacha eile le heintitis a bhfuil comhaltaí Bhoird Iascach Intíre Éireann fostaithe iontu ná a bhfuil leas eile ag comhaltaí iontu.

I gcásanna ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann, ní fhaigheann comhaltaí Bhoird doiciméid an Bhoird ná ní ghlacann siad páirt i gcomhráite maidir leis na hidirbhearta sin ná ní fheastalaíonn siad orthu ar shlí eile. Coinnítear clár agus tá sé ar fáil arna iarraidh i leith gach cás den sórt sin.

Ní dhearnadh aon nochtadh tríú páirtí in 2022.

## 14 Costais Sochair Scoir

### 14a

	2022	2021
	€	€
<b>Anailís ar chostais iomlána Sochair scoir a chuirtear de mhúirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe</b>		
Costas reatha seirbhíse	5,800,000	5,608,000
Ús ar dhliteanas na scéime sochair scoir	1,996,000	1,100,000
Ranníocaíochtaí fostaithe - Scéim Pinsin Neamhaonair	(508,467)	(515,006)
Ranníocaíochtaí fostaithe - Scéim Pinsin Aonair (lúide aisiocaíochtaí dar luach €422 in 2022 agus €620 in 2021)	(252,263)	(226,774)
	<b>7,035,270</b>	<b>5,966,220</b>

### 14b

	2022	2021
	€	€
<b>Athrú ar Ghlandlíteanas sochair scoir le linn na bliana airgeadais</b>		
Glanoibleagáidí sochair scoir amhail an 1 Eanáir	(158,591,180)	(155,978,981)
Costas Reatha Seirbhíse	(5,800,000)	(5,608,000)
Costais Úis	(1,996,000)	(1,100,000)
Gnóthachain / (caillteanas) ó thairbhí ar oibleagáidí sochair scoir	(4,763,000)	1,501,000
Athrú ar na toimhídí atá mar bhunús do luach reatha d' oibleagáidí sochair scoir	44,166,000	(828,000)
Gnóthachain/(caillteanas) achtúireacha iomlána sa bhliain	<b>39,403,000</b>	<b>673,000</b>
Pinsin íoctha sa tréimhse	3,591,126	3,422,801
Glanoibleagáidí sochair scoir amhail an 31 Nollaig	<b>(123,393,054)</b>	<b>(158,591,180)</b>

## 14c Cistiú Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn Iascach Intíre Éireann mar shócmhainn na méideanna sin atá comhfhreagrach don dlíteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do shochair scoir ar bhonn an taccair toimhdí ar a bhfuil cur síos thíos agus ar bhonn roinnt teagmhas san am atá thart. Áirítear leis na himeachtaí sin an bonn reachtúil le haghaidh scéimeanna pinsin a chur ar bun, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin na seirbhíse poiblí a chistiú agus na ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas bliantúil um meastacháin san áireamh. Níl aon fhianaise ag Iascach Intíre Éireann nach leanfaidh an beartas maoiniúcháin seo ag íoc na suimeanna sin de réir an chleachtais reatha.

Seo a leanas an Glanmaoiniú Iarchurtha do shochair scoir a aithníodh sa ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus cúlchistí ioncain coinnithe:

	2022	2021
	€	€
Maoiniú in-aisghnóthaithe maidir le Sochair scoir na bliana reatha	(7,796,000)	(6,708,000)
Deontas Stáit arna gcur i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc	3,591,126	3,422,801
	<b>(4,204,874)</b>	<b>(3,285,199)</b>

Amhail an 31 Nollaig 2022, b'ionann an tsócmhainn maidir le maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir agus €158,095,754 (31 Nollaig 2021: €158,591,180)

## 14d

	2022	2021	2020	2019	2018
	€	€	€	€	€
<b>Stair maidir le hoibleagáidí i leith sochar sainithe</b>					
Oibleagáidí sochair shainithe	(123,393,054)	(158,591,180)	(155,978,981)	(138,159,675)	(121,734,963)
Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar dhlíteanais scéime sochair shainithe	(4,763,000)	1,501,000	(245,000)	2,489,000	2,005,000
Céatadán Dhlíteanais na Scéime	-3.9%	0.9%	-0.2%	1.8%	1.6%

## 14e

Is ionann an méid iomlán a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus €3,940,300 (Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí dar luach €4,763,000 agus athruithe ar thiomhdí -€828,000)

## 14f Cur síos ginearálta ar an Scéim

Is éard atá sa scéim pinsin ná socrú pinsin le sochar sainithe atá bunaithe ar an tuarastal deiridh agus ina ndéantar sochair agus ranníocaíochtaí a shainiú trí thagairt do rialacháin "scéim eiseamláireach" reatha na hearnála poiblí. Faoin scéim, soláthraítear pinsean (aon ochtóidú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtóidú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is é 65ú breithlá an bhaill an ghnáthaois scoir, cé go bhfuil daoine a bhí ina mbaill den scéim roimh 2004 i dteideal dul ar scor, gan laghdú achtúireach, nuair a bhaineann siad amach aois 60 bliain. Déantar pinsin atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) a mhéadú de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta na dtuarastal san earnáil phoiblí.

Deirtear in Alt 50 den Acht um Iascach Intíre - "The pension payments and other superannuation liabilities of Inland Fisheries Ireland in respect of their former employees become on the establishment day the liabilities of IFI".

Bhí an luacháil a úsáideadh i dtaca le nochtadh faoi FRS102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach amhail an 31 Nollaig 2022 a rinne achtúire cáilithe neamhspleách chun aird a thabhairt ar riachtanais FRS d'fhonn dlíteanais na scéime do IIÉ a mheas amhail an 31 Nollaig 2022.

Ba iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha:	31.12.22	31.12.21
Ráta méadaithe ar thuarastail	4.15%	3.50%
Ráta méadaithe ar phinsin atá á n-íoc	2.00%	2.00%
Ráta na méaduithe pinsin - Scéim Aoisliúntais	3.15%	2.50%
Ráta na méaduithe ar phinsin - SPSPS	2.65%	2.00%
Ráta Lascaine	3.65%	1.25%
Ráta boilscithe	2.65%	2.00%

Leis an mbonn básmhairachta arna ghlacadh ceadaítear feabhsuithe san ionchas saoil le himeacht ama, ionas go mbeidh ionchas saoil ag dul ar scor ag brath ar an mbliain ina sroicheann ball an aois scoir (65 bliana d'aois). Taispeántar sa tábla thíos an t-ionchas saoil do chomhaltaí a shroicheann 65 bliana d'aois in 2022, 2042.

An bhliain ina sroictear 65 bliana d'aois	2022	2042
Ionchas saoil - fir	22.1	24.4
Ionchas saoil - mná	24.3	26.4

## 15 Gealltanais Léasa

### 15a

Baineann gealltanais léasa iníochta tar éis chúig bliana le stóras ar Bhóthar Bhéal Átha Síomoin, Luimneach.

An 31 Nollaig 2022 bhí na híocaíochtaí léasa íosta seo a leanas le déanamh ag lascach Intíre Éireann faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas amach anseo:

	€000's
Iníochta laistigh de bhliain amháin	49
In-aisíochta laistigh de idir dhá agus cúig bliana	151
Iníochta tar éis chúig bliana	31
	<b>231</b>

B'fhiú €37,109 (2021: €36,809) na híocaíochtaí ar léasanna oibriúcháin a aithníodh mar chaiteachas.

### 15b Ceangaltais Chaipitil

Ceangaltais Chaipitil dar luach €472,272

## 16

Cuimsíonn fardal Stoc Feistis Oibre a shásóidh riachtanais feistis oibre don 2 bhliain nó 3 bliana seo chugainn.

	€
Iarmhéid Tosaigh an Chaite Oibre ar Láimh	1,286,431
Ceannacháin	42,138
Lúide Díscríobh	-
Lúide Dáileadh ar Fhoireann le linn 2022	(80,942)
<b>Iarmhéid Deiridh an Chaite Oibre ar Láimh</b>	<b>1,247,627</b>

## 17 Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

San áireamh in iarmhéideanna bainc IIÉ ag deireadh na bliana dar luach €8.14 milliún tá €4.1 milliún ina airgead a fuarthas ach a cuireadh siar ag deireadh na bliana maidir leis an gCiste Caomhnaithe Bradán, an Ciste Áineasa Tuaithe, an Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta, Eascanna Eolaíochta. Tá an t-airgead sin srianta le húsáid ar na tionscadail sin.

Tá na cistí seo a leanas i seilbh IIÉ agus dáilfear iad nuair a bheidh tionscadail críochnaithe - Ciste Caomhnaithe Bradán €3.68 milliún, An Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta €166K, Ciste Áineasa Tuaithe €77K agus Eascanna Eolaíochta €105K. Ina theannta sin, tá ioncam iarchurtha dar luach €92K ann.

Tá iarmhéid airgid dar luach timpeall ar €8m faoi réir fhorálacha Chiorclán Deontais 13/2014 agus tá IIÉ ag obair lenár máthair-roinn, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir leis an iarmhéid a bhainistiú i gcomhréir leis an gCiorclán. Sa chás nach bhfuil airgead ar láimh imfhálaithe (Ciste Caomhnaithe Bradán, an Ciste Áineasa Tuaithe, an Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta, agus Eascanna Eolaíochta) rinneadh iarrachtaí dul i gcomhar leis an máthair-roinn chun iarmhéid an bhainc a laghdú.

## 18 Teagmhais tar éis na tréimhse tuairiscithe

**Bord IIÉ** - D'éirigh triúr as an mBord in 2022 agus beirt i mí Eanáir 2023. Faoi alt 18(1)d den Acht um lascach Intíre, 2010, bhain an tAire Eamon Ryan TD na comhaltaí eile den Bhord, ar bhonn 'gan locht', an 14 Feabhra 2023, agus cheap sé beirt faoi alt 18(5) chun feidhmeanna IIÉ a chomhlíonadh go ceann tréimhse suas le 6 mhí, ar feitheamh athbhunú Bhord IIÉ. Cuireadh de chúram ar na daoine ceaptha seo freisin nochtuithe cosanta a fuair an eagraíocht le linn 2022 a chur chun cinn agus tús a chur le hathbhreithniú seachtrach ar rialachas laistigh den IIÉ.

**Gnóthas leantach** - Measann an Bord, óir soláthraíonn an t-eintiteas seirbhís phoiblí arna maoiniú ag airgead arna sholáthar ag an Stáitchiste, trí mheán a mháthair-roinne An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, gurb iomchuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

## 19 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh Bord IIÉ na ráitis airgeadais an 22 Samhain 2023



Iascach Intíre Éireann  
Inland Fisheries Ireland





Arna ullmhú ag Iascach Iníre Éireann  
[fisheriesireland.ie](http://fisheriesireland.ie)



Iascach Iníre Éireann  
Inland Fisheries Ireland